

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

# 2019

## AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá an GCC freagrach as an gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú, mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ar thionchar díobhálach na radaíochta agus an truaillithe.

### Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

**Rialáil:** *Rialáil agus córais chomhlíonta comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí comhshaoil a bhaint amach agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.*

**Eolas:** *Sonraí, eolas agus measúnú ardchaighdeáin, spriocdhírithe agus tráthúil a chur ar fáil i leith an chomhshaoil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.*

**Abhcóideacht:** *Ag obair le daoine eile ar son timpeallachta glaine, táirgiúla agus dea-chosanta agus ar son cleachtas inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil.*

## I measc ár gcuid freagrachtaí tá:

### Ceadúnú

- Gníomhaíochtaí tionscail, dramhaíola agus stórála peitril ar scála mór;
- Sceitheadh fuíolluisce uirbigh;
- Úsáid shrianta agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe;
- Foinsí radaíochta ianúcháin;
- Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thionscal agus ón eitlíocht trí Scéim an AE um Thrádáil Astaíochtaí.

### Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- Iniúchadh agus cigireacht ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas acu ón GCC;
- Cur i bhfeidhm an dea-chleachtais a stiúradh i ngníomhaíochtaí agus i saoráidí rialáilte;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí an údaráis áitiúil as cosaint an chomhshaoil;
- Caighdeán an uisce óil phoiblí a rialáil agus údaruithe um sceitheadh fuíolluisce uirbigh a fhorfheidhmiú
- Caighdeán an uisce óil phoiblí agus phríobháidigh a mheasúnú agus tuairisciú air;
- Comhordú a dhéanamh ar líonra d'eagraíochtaí seirbhíse poiblí chun tacú le gníomhú i gcoinne coireachta comhshaoil;
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

### Bainistíocht Dramhaíola agus Ceimiceáin sa Chomhshaol

- Rialacháin dramhaíola a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú lena n-áirítear saincheisteanna forfheidhmithe náisiúnta;
- Staitisticí dramhaíola náisiúnta a ullmhú agus a fhoilsiú chomh maith leis an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Dramhaíola Guaisí;
- An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Reachtaíocht ar rialú ceimiceán sa timpeallacht a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an reachtaíocht sin.

### Bainistíocht Uisce

- Plé le struchtúir náisiúnta agus réigiúnacha rialachais agus oibriúcháin chun an Chreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm;
- Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar chaighdeán aibhneacha, lochanna, uiscí idirchreasa agus cósta, uiscí snámha agus screamhuisce chomh maith le tomhas ar leibhéil uisce agus sreabhadh abhann.

### Eolaíocht Aeráide & Athrú Aeráide

- Fardail agus réamh-mheastacháin a fhoilsiú um astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann;
- Rúnaíocht a chur ar fáil don Chomhairle Chomhairleach ar Athrú Aeráide agus tacaíocht a thabhairt don Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide;
- Tacú le gníomhaíochtaí forbartha Náisiúnta, AE agus NA um Eolaíocht agus Beartas Aeráide.

### Monatóireacht & Measúnú ar an gComhshaol

- Córais náisiúnta um monatóireacht an chomhshaoil a cheapadh agus a chur i bhfeidhm: teicneolaíocht, bainistíocht sonraí, anailís agus réamhaisnéisiú;
- Tuairiscí ar Staid Thimpeallacht na hÉireann agus ar Tháscairí a chur ar fáil;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an aeir agus Treoir an AE i leith Aeir Ghlain don Eoraip a chur i bhfeidhm chomh maith leis an gCoinbhinsiún ar Aerthruailliú Fadraoin Trasteorann, agus an Treoir i leith na Teorann Náisiúnta Astaíochtaí;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach i leith Torainn Timpeallachta;
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar chomhshaol na hÉireann.

### Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- Comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde comhshaoil agus iad a mhaoiniú chun brú a aithint, bonn eolais a chur faoin mbeartas agus réitigh a chur ar fáil;
- Comhoibriú le gníomhaíocht náisiúnta agus AE um thaighde comhshaoil.

### Cosaint Raideolaíoch

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus nochtadh an phobail do radaíocht ianúcháin agus do réimsí leictreamaighnéadacha a mheas;
- Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta;
- Sainseirbhísí um chosaint ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

### Treoir, Ardú Feasachta agus Faisnéis Inrochtana

- Tuairisciú, comhairle agus treoir neamhspleách, fianaise-bhunaithe a chur ar fáil don Rialtas, don tionscal agus don phobal ar ábhair maidir le cosaint comhshaoil agus raideolaíoch;
- An nasc idir sláinte agus folláine, an geilleagar agus timpeallacht ghlan a chur chun cinn;
- Feasacht comhshaoil a chur chun cinn lena n-áirítear tacú le hiompraíocht um éifeachtúlacht acmhainní agus aistriú aeráide;
- Tástáil radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre agus feabhsúchán a mholadh áit is gá.

### Comhpháirtíocht agus líonrú

- Oibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtais, comhlachtaí ionadaíocha agus ranna rialtais chun cosaint chomhshaoil agus raideolaíoch a chur ar fáil, chomh maith le taighde, comhordú agus cinnteoireacht bunaithe ar an eolaíocht.

### Bainistíocht agus struchtúr na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Tá an GCC á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóir. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- An Oifig um Inbhunaitheacht i leith Cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Fhianaise agus Measúnú
- An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tugann coistí comhairleacha cabhair don Ghníomhaireacht agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil BHLIANTÚIL an GCC 2019

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2020

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag Yellowstone

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca Oifig Phoist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Co. Loch Garman,
Éire

Íomhánna le caoinchead fhoireann GCC

Íomhá an Chlúdaigh – Gort Ráibe

Grianghraf le Cian O'Mahony, GCC

ISBN: 978-1-84095-937-6

Rinneadh struchtúrú agus ailíniú ar leagan amach na tuarascála seo chun Plean Straitéiseach an GCC 2016–2020 a léiriú: *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine.*

# Príomhstaitisticí — Figiúirí na Bliana 2019

## ÚDARUITHE

**132** údarú comhshaoil eisithe

**80** leasú údaraithe déanta

**1,313** ceadúnas radaíochta (229 ceadúnas agus 1084 clárú) agus 1,168 leasú teicniúil eisithe

**62** chonclúid maidir le fógraí fotháirge de réir Airteagal 27

**4** chinneadh déanta maidir le deireadh dramhaíola

## ORFHEIDHMIÚ

**299** cuairt ar láithreáin fuíolluisce uirbigh agus 62 cuairt ar láithreáin uisce óil

**1,486** cuairt ar shaoráidí tionscail, dramhaíola, ar shaoráidí dumpála san fharraige agus VOC

**12** ionchúiseamh a fuair éisteacht

**82** iniúchadh ar Shealbhóirí Ceadúnais Raideolaíocha

**20** Treoir um Uisce Óil eisithe d'Uisce Éireann

**11** láithreán ar an liosta Láithreán Tosaíochta Náisiúnta um Fhorfheidhmiú i 2019; bhí earnáil an bhia agus dí agus earnáil na dramhaíola freagrach as formhór na láithreán ar an liosta

## GEILLEAGAR CIORCLACH

**58** údarás áitiúil maoinithe le haghaidh tionscnamh chun dramhaíl a chosc ar nós scairdeán uisce poiblí agus féilte glasa.

**400** Oiliúint curtha ar 400 duine faoi laghdú na dramhaíola bia trí Dhúshláin 'Stop Food Waste' in áiteanna oibre agus sa phobal

**50** Aithníodh coigiltis chostais de €6,336 in aghaidh na feirme agus meánlaghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de 10% i 50 measúnacht ar éifeachtacht acmhainní mar chuid den Fheirmeoireacht Chliste

**23,000+** Ghlac 23,000+ duine páirt sa chlár Stop Food Waste trí chainéil meán sóisialta a leanúint; agus chláraigh 2,300 chun an ríomh-Nuachtlitir ráithiúil a fháil

**800+** D'úsáid 800+ cuideachta agus comhlacht poiblí an uirlis TREE ar líne chun feidhmíocht éifeachtacht acmhainní a mheasúnú agus chun plean gníomhaíochta saincheaptha don fheabhas a ghiniúint

## EOLAS

**1,160,132** seisiún ar **www.epa.ie**

**40,400+** leantóir ar Twitter

**2,411** fiosrú comhshaoil ón bpobal

**7,500+** gearán comhshaoil tuairiscithe

Áirítear leo siúd:
3,600+ trí See it? Say it! ar aip é;
2,000+ tríd an Líne Náisiúnta Gearán;
1,800+ díreach chuig an GCC (a chuimsíonn)
608+ maidir le gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus 20+ maidir le soláthairtí uisce óil))

**293** tacar sonraí uaslódáilte chuig data.gov.ie (35,496 amharc san iomlán)

**149** iarratas faisnéise (84 AIE agus 65 FOI))

## MONATÓIREACHT AR CHAIGHDEÁN AEIR

**19** stáisiún nua um mhonatóireacht ar chaighdeán aeir curtha leis an líonra

epa Research
Climate - Water - Sustainability
*Identifying pressures • Informing policy • Developing solutions*

**43** tuarascáil taighde foilsithe: Uisce (8); Aeráid (17); Inbhuanaitheacht (18)

IRELAND'S environment

# 7 bPRÍOMHDHÚSHLÁN

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL D'ÉIRINN MAIDIR LE

## STAID AN CHOMHSHAOIL IN 2016

## TEACHTAIREACHTAÍ CÓRASACHA

### 1 COMHSHAOL AGUS SLÁINTE & FOLLÁINE

**AITHEANTAS A THABHAIRT DO THAIRBHÍ COMHSHAOL D'ARDCHAIGHDEÁN DON tSLÁINTE & FOLLÁINE**

### 2 ATHRÚ AERÁIDE

DLÚS A CHUR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOLÚCHÁIN CHUN ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA A LAGHDÚ AGUS BEARTA OIRIÚNAITHE A **CHUR I bhFEIDHM CHUN ÁR STÓIN-SEACHT CHUN DÉILEÁIL LE TION-CHAIR ATHRAITHE AERÁIDE A FHEABHSÚ**

### 3 CUR I bhFEIDHM REACHTAÍOCHTA

RIANÚ PLEANANNA AGUS POLASAITHE A FHEABHSÚ AGUS **CUR I bhFEIDHM AGUS FORFHEIDHMIÚ REACHTAÍOCHT CHOMHSHAOIL** CHUN AN COMHSHAOL A CHOSAINT

## TEACHTAIREACHTAÍ TOPAICE

### 4 CÁILÍOCHT UISCE A ATHBHUNÚ AGUS A CHOSAINT

BEARTA A CHUR I bhFEIDHM A BHAINEANN AMACH **FEABHSUITHE LEANÚNACHA I STÁDAS COMHSHAOIL DHOBHARLACH Ó FHOINSE GO FARRAIGE**

### 5 GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL INBHUANAITHE

SMAOINTEOIREACHT MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT ÚSÁID ACMHAINNÍ AGUS INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL AGUS FHEIDHMÍOCHTA A CHOMHTHÁTHÚ **AG TABHAIRT CUNTAIS THAR NA hEARNÁLACHA EACNAMAÍOCH AR FAD**

### 6 AN NÁDÚR & ÁITEANNA FIÁINE

ÁITEANNA GAN MHILLEADH AGUS FIÁINNE A FHEIDHMÍONN MAR MHOIL BHITHÉAGSÚLACHTA, A CHUIREANN LENÁR SLÁINTE AGUS LENÁR FOLLÁINE AGUS A CHRUTHAÍONN DEISEANNA TURASÓIRIEACHTA INBHUANAITHE A **CHOSAINT**

### 7 CAIDREAMH LEIS AN bPOBAL

EOLAS AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DO PHOBAIL MAIDIR LE **COSAINT AGUS FEABHSÚCHÁN AN CHOMHSHAOIL**

Don eolas is déanaí, logáil isteach ar **www.epa.ie/irelandsenvironment**

## FÍS

Comhshaol glan folláin dea-chosanta a thacaíonn le sochaí agus geilleagar inbhuanaithe.

## MISEAN

An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.

## LUACHANNA

### Ár Maoirseacht

Guth iontaofa neamhspleách údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.

Déanaimid cinntí oibiachtúla agus iad bunaithe ar an bhfianaise agus an t-eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Bainistímid ár n-acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil chun luach a chur ar fáil don phobal.

### Ár nObair

Déanaimid rialáil ar bhealach cóir comhréireach trédhearcach, agus dírímid orthu siúd nach mbíonn comhlíontach.

Déanaimid difríocht trí obair a dhéanamh le dreamanna eile chun iontaoibh, líonraí agus comhpháirtíochtaí a chruthú ar mhaithe le torthaí éifeachtacha a bhaint amach.

Déanfaimid ár ndícheall go leanúnach feabhsú agus feabhas a bhaint amach trí fhoghlaim agus forbairt.

### Ár Seirbhís

Táimid nuálaíoch, oiriúnaitheach agus toilteanach bealaí nua agus solúbtha oibre a l eanúint.

Déanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh.

Cuirimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach atá inniúil, cúirtéiseach agus sofhreagrach.

### Ár gComhghleacaithe

Oibrímid le chéile chun torthaí éifeachtacha a chur ar fáil.

Tacaímid lenár gcomhghleacaithe, tá iontaoibh againn astu agus is mór againn iad, agus bímid ag cumhachtú a chéile chun cinntí a dhéanamh.

Bímid oscailte agus macánta lena chéile.

Tugaimid dúshlán a chéile agus spreagaimid a chéile go cuiditheach chun obair níos fearr a dhéanamh.

## AN MÉID A DHÉANAIMID

### Eolas

Sonraí, measúnuithe agus fianaise ardchaighdeáin spriocdhírithe thráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag saoránaigh, gnóthaí agus an Rialtas.

### Rialáil

Rialáil agus córais chloí comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí don chomhshaol agus do dhaoine a bhaint amach, agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

### Abhcóideacht

Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, sláintiúil agus dea-chosanta agus ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe.

## MAR A DHÉANAIMID É

| | | |
|---|---|---|
| Monatóireacht agus Measúnú | Taighde agus Saineolas | Eolas Tráthúil agus Inrochtana |
| Ceadúnú | Forfheidhmiú | Treoir |
| Comhpháirtíochtaí agus Líonrú | Múscailt Feasachta | Iompraíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn |

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*


# Dréacht-Straitéis
## 2016-2020

| Dréacht | Cuspóirí | Torthaí<br>An Méid a Bheidh Bainte Amach Againn faoi 2020 |
|---|---|---|
| **Rialtóir Iontaofa Comhshaoil** | **Cinntiú** go ndéantar forbairt leanúnach ar chur chuige comhréireach éifeachtach rialaitheach.<br>**Ailíniú** a dhéanamh ar acmhainní an GCC chun idirghabhálacha a spriocdhíriú agus an riosca comhshaoil a laghdú. | ◢ Cur chuige sofhreagrach rialaitheach atá bunaithe ar rioscaí agus a chuireann páirtithe leasmhara san áireamh agus a chosnaíonn an comhshaol agus daoine.<br>◢ Rioscaí laghdaithe comhshaoil ag áiseanna rialáilte an GCC trí idirghabhálacha saincheaptha agus trí chinntiú go mbíonn forálacha cuí airgeadais i bhfeidhm.<br>◢ Baint amach soláthair agus bainistíochta feabhsaithe uisce agus bonneagar uisce. |
| **Ceannaire Fianaise agus Eolas Comhshaoil** | **Baint Amach** acmhainneacht iomlán eolas, scileanna, shaineolas agus láithreacht réigiúnach an GCC mar phríomh-acmhainní náisiúnta i gcosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine.<br>**Luathú** an tsoláthair eolais thráthúil shaincheaptha le freastal ar riachtanais ar leith na ngrúpaí páirtithe leasmhara. | ◢ Measúnuithe comhshaoil níos tráthúla atá bunaithe ar fhianaise le cur le polasaithe agus cinnteoireacht go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.<br>◢ Soláthar feabhsaithe eolais ar an gcomhshaol do pháirtithe leasmhara, agus é ar líne, cothrom le dáta agus inrochtana.<br>◢ Clár taighde a dhíríonn ar bhearnaí eolais agus a chabhraíonn le réitigh ar fhadhbanna éiritheacha casta comhshaoil a aithint. |
| **Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach** | **Neartú** chumas agus acmhainn an GCC tionchar a imirt, abhcóideacht a dhéanamh agus dul i gcomhar le dreamanna eile le cabhrú le comhshaol glan sláintiúil atá cosanta go cuí a bhaint amach.<br>**Teagmháil** a dhéanamh leis an bpobal i gcosaint agus feabhsú an chomhshaoil.<br>**Cur Chun Cinn** a dhéanamh ar fheasacht níos mó ar thionchar cháilíocht an chomhshaoil ar shláinte an duine. | ◢ Deiseanna spriocdhírithe le tosaíochtaí comhshaoil agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú le polasaithe earnála, eacnamaíocha agus sóisialta.<br>◢ Cláir rannpháirtíochta pobail a fhorbairt chun feasacht ar cheisteanna comhshaoil a mhéadú agus tacú le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint an chomhshaoil.<br>◢ Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile chun tairbhí dea-chomhshaoil don tsláinte agus d'fholláine a bhaint amach. |
| **Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil** | **Dul i ngleic** leis na dúshláin a bhaineann le cáilíocht fheabhsaithe uisce a chur ar fáil in Éirinn.<br>**Teagmháil** le comhpháirtithe straitéseacha eile chun forbairt freagartha iomlánaíche náisiúnta ar an athrú aeráide a chur chun cinn.<br>**Feabhsú** a dhéanamh ar chosaint aeir agus radaíochta in Éirinn. | ◢ Struchtúir éifeachtacha agus láidre i bhfeidhm chun torthaí níos fearr a chur ar fáil i gcáilíocht an uisce.<br>◢ Rúnaíocht um an athrú aeráide a bhunú sa GCC mar ionad feabhais a thacaíonn leis an aistriú náisiúnta go geilleagar ísealcharbóin.<br>◢ Na creata um cháilíocht aeir agus cosaint ar radaíocht a neartú chun daoine agus an comhshaol a chosaint tuilleadh. |
| **Ar Fheabhas go hEagraíochtúil** | **Forbairt** a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ár n-eagraíocht a ailíniú chun na torthaí comhshaoil is fearr a bhaint amach.<br>**Díriú** ar fhorbairt agus cur chun cinn sláinte eagraíochtúla, folláine agus sábháilteachta ag an obair.<br>**Cur chun cinn** a dhéanamh ar chultúr ceannaireachta, athchóirithe agus nuálaíochta. | ◢ Ár bhfeidhmeanna agus acmhainní a ailíniú ar mhaithe le bheith sofhreagrach agus in ann dul in oiriúint do dhúshláin éiritheacha.<br>◢ Teagmháil leis an bhfoireann go léir chun timpeallacht thacúil ionad oibre a chruthú.<br>◢ Cumas feabhsaithe i réimse an athraithe eagraíochtúil agus in úsáid TFC le tacú le hathchóiriú agus nuálaíocht. |

# LIOSTA NA NGIORRÚCHÁN

| | |
|---|---|
| **AIE** | Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol |
| **AMR/FSFM** | Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach/Antimicrobial Resistance |
| **CÉF/API** | Comhéadain Fheidhmchláir/ Application Programming Interfaces |
| **ARC** | An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca |
| **AQIH** | Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte |
| **BAT** | Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil |
| **B2C** | Gnó go Tomhaltóir/Business to Consumer |
| **CAFÉ** | An Treoir um Aer Glan don Eoraip |
| **CBT** | An Comhbheartas Talmhaíochta |
| **CCMA** | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach / County & City Managers Association |
| **An CTFTA** | An Coinbhinsiún ar Thruailliú Fadraoin Trasteorann an Aeir |
| **CNS** | An Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach |
| **RTBM** | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| **RCGAC** | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| **RTPRÁ** | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| **LMSC** | Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil |
| **GEC** | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil |
| **EIONET** | An Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol |
| **ELV** | Feithicil a bhfuil a ré caite |
| **An GLE** | An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach |
| **E-PRTR** | An Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán |
| **CFR** | An Coiste Feidhmiúcháin Riosca |
| **ESD** | Cinneadh maidir le Comhroinnt Dícháll an AE |
| **ESRI** | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **EU ETS** | Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí |
| **EWEN** | An Líonra Eorpach um Forfheidhmiú DTLL |
| **F-ghás** | Gás fluairínithe |
| **FOI** | Saoráil Faisnéise |
| **FPN** | Fógra um Íocaíocht Shocraithe |
| **OGManna** | orgánach géinmhodhnaithe |
| **HFC** | hidreafluaracarbón |
| **BTS** | An Bord Taighde Sláinte |
| **HSA** | An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta |
| **FSS (HSE)** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **TFC** | Teicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide |
| **IED** | An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha |
| **IEN** | Líonra Comhshaoil na hÉireann/Irish Environmental Network |
| **BNÉC** | Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú |
| **IPC** | Rialú Comhtháite ar Thruailliú |

| | |
|---|---|
| **IPCC** | An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide |
| **JAI** | Junior Achievement Ireland |
| **JPI** | Tionscnaimh Chomh-chláraithe |
| **LAPN** | Líonra Coiscthe na n-Údarás Áitiúil |
| **MI** | Foras na Mara |
| **MoU** | Meabhrán Tuisceana |
| **mSv** | millisíveart |
| **IMD** | Ionad Meándóchain |
| **NECP** | An Plean Náisiúnta Fuinnimh & Aeráide |
| **NDCA** | An t-Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **NEC** | An Treoir maidir le hUasteorainn Náisiúnta Astaíochtaí |
| **NIEA** | Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann |
| **NHEPA** | An Líonra Ceannairí Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil |
| **NHWMP** | An Plean Náisiúnta um Bhainistiú Dramhaíola Guaisí |
| **NIECE** | An Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann |
| **NMP** | Teicnící nua só-ghinis |
| **SPNF** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **NRCS** | An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin |
| **NWPP** | An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola |
| **ODS** | Substaintí ídithe ózóin |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **PAN** | Réamhfhógraí Bliantúlá |
| **POP** | truailleáin orgánacha mharthanacha |
| **PCB** | défheinilí polaclóirínithe |
| **PRI** | Tionscnamh um Fhreagracht Táirgeoirí |
| **PRTR** | An Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán |
| **RAL** | Liosta Beart Ceartaitheach |
| **RBMP** | Plean Bainistíochta Abhantraí |
| **REAC** | Na rialacháin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán |
| **RoHS** | Srian ar Shubstaintí Guaiseacha |
| **SEA** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **ÚFIE** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SLA** | Comhaontú Seirbhíse |
| **UNECE** | Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip |
| **UNFCCC** | Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide |
| **WEEE** | Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach |
| **An CTU** | An Chreat-Treoir Uisce |
| **WWTP** | Ionad Cóireála Fuíolluisce |



# TÁBLA


| | |
|---|---|
| 1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA | |
| 2. RIALÁIL | 6 |
| 2.1 Ceadúnú | 6 |
| 2.2 Forfheidhmiú | 9 |
| 2.3 Treoir | 15 |
| 3. EOLAS | 18 |
| 3.1 Monatóireacht agus Measúnú | 18 |
| 3.2 Taighde | 28 |
| 3.3 Eolas Tráthúil agus Inrochtana | 32 |
| 4. ABHCÓIDEACHT | 38 |
| 4.1 Comhpháirtíochtaí agus Líonrú | 38 |
| 4.2 Múscailt Feasachta | 45 |
| 4.3 Iompraíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn | 49 |
| 5. FEABHAS EAGRAÍOCHTA | 54 |
| 5.1 Struchtúr na heagraíochta | 54 |
| 5.2 Acmhainní daonna | 58 |
| 5.3 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 60 |
| 5.4 Córas Bainistíochta Comhshaoil | 61 |
| 5.5 Rialachas | 62 |
| 6. AGUISÍNÍ | 66 |
| 6.1 An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 | 66 |
| 6.2 Sainchomhairleoirí & Comhairleoirí a ceapadh | 67 |
| 6.3 Foilseacháin 2019 na GCC | 68 |
| 6.4 Tuarascálacha ar thaighde comhshaoil | 70 |
| 7. RÁITIS AIRGEADAIS | 74 |



# 1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Le fiche cúig bliain anuas, tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú (GCC) Comhshaoil á chruthú féin mar fhoinse neamhspleách agus údarásach eolais agus treorach maidir le cosaint an chomhshaoil. Déanaimid cinnte go gcomhlíontar caighdeáin um chosaint chomhshaoil agus raideolaíoch agus gníomhaíochtaí rialáilte ar siúl. Déanaimid abhcóideacht ar son an chomhshaoil agus cuirimid chun cinn an nasc idir sláinte agus folláine, an geilleagar agus timpeallacht ghlan. Mar sholáthraí eolais, cuirimid an eolaíocht fhianaise-bhunaithe ar fáil chun gur féidir cinnteoireacht níos fearr a dhéanamh. Ní féidir linn fadhbanna comhshaoil na hÉireann a réiteach inár n-aonar, áfach, agus tá gá le freagra sochaí chun an t-aistriú riachtanach a dhéanamh chuig todhchaí inbhuanaithe.

Inár dTuarascáil Bhliantúil agus ár gCuntais le haghaidh 2019 tugtar léargas ar dhul chun cinn atá déanta maidir lenár straitéis reatha: *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine* a chur i bhfeidhm agus tugtar sonraí ar ár gcuid gníomhaíochtaí i rith na bliana in éineacht lenár gcuid ráiteas airgeadais. Tá cuid de na gníomhaíochtaí suntasacha i 2019 luaite thíos.



## ATHRÚ AERÁIDE

Glactar leis ar fud an domhain go bhfuil géarchéim aeráide ar siúl ach níor tháinig sí aniar aduaidh orainn gan rabhadh ar bith. Tá truailliú aeir agus uisce, éilliú na talún agus cailliúint na bithéagsúlachta fós ina ndúshláin don chomhshaol agus dár sláinte agus éiríonn siad níos déine de réir a chéile. Cuireadh in iúl dúinn ag fianaise eolaíoch ón GCC agus grúpaí eile nach bhfuil ár gcuid próiseas táirgthe agus tomhaltais reatha, ár gcuid iompraíochta ná ár gcuid córas luachanna oiriúnach chun a chinntiú go mbeidh sochaí agus comhshaol inbhuanaithe, folláin agus rathúil againn amach anseo. Tá gá práinneach le gníomhú as lámh a chéile agus le hiompraíocht a athrú chun spriocanna fadtéarmacha na hÉireann a chomhlíonadh.

Tá feasacht mhaith i measc an phobail maidir le dúshláin chomhshaoil na hÉireann. Léirigh na torthaí ar phobalbhreith ar thug an GCC fúithi i mí Eanáir 2020 go measann 87 faoin gcéad de dhaoine fásta gur sócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann atá sa chomhshaol. Ina theannta sin, dar le 58 faoin gcéad de dhaoine fásta, tá athrú aeráide i measc na dtrí dhúshláin is mó ó thaobh an chomhshaoil atá le sárú ag Éirinn agus trian díobh ag rá go mbíonn tionchar aige orthu go pearsanta.

I mí an Mheithimh 2019, leag an Rialtas amach cuir chuige chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aeráide i gcaitheamh na mblianta amach romhainn nuair a foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Aeráide. Éascóidh an beart sin freagairt dhearfach ar an bhfíric go bhfuil Éire rangaithe mar an Ballstát AE is measa atá ag feidhmiú maidir lena dul chun cinn i dtreo dícharbónaithe.

Tá an GCC ag tabhairt aghaidhe ar dhúshláin an athrú aeráide ar na bealaí seo a leanas: réamh-mheastacháin agus astaíochtaí náisiúnta gás ceaptha teasa a thiomsú; astaíochtaí ó earnálacha tionscail a rialú; tacú le taighde ar an athrú aeráide; tacú le hathrú ar iompraíocht chun geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus an t-Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a éascú.

Chuir an fhianaise a chuir an GCC ar fáil i rith 2019, in iúl nach gcomhlíonfadh Éire a cuid spriocanna astaíochta le haghaidh 2030. Ní tharlóidh laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san fhadtéarma mura gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán cláir, beartais agus bearta an rialtais. Beidh sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfear le feasacht an phobail, chomh maith le fonn an phobail chun gníomh a ghlacadh, má táthar chun spriocanna fadtéarmacha na hÉireann a bhaint amach.

## AN COMHSHAOL AGUS AN TSLÁINTE

Tá dlúthnasc idir an comhshaol agus ár sláinte agus ár bhfolláine. Bíonn tionchar díreach ag bagairtí don chomhshaol sin ar bheatha daoine agus pobal. Tá ról tábhachtach ag an GCC thar ceann an Stáit i monatóireacht a dhéanamh ar bhagairtí, eolas a chur ar an bpobal agus bearta rialála a fhorfheidhmiú.

Léiríonn na meastacháin go dtarlaíonn 1,180 bás roimh am in Éirinn gach bliain de thoradh dhroch-chaighdeán an aeir. Ag an am céanna le Lá Náisiúnta na Scamhóg i Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an GCC a tuarascáil bhliantúil ar chaighdeán an aeir inar tugadh le fios gur chomhlíon caighdeán an aeir caighdeáin dlíthiúla an AE ach gur sháraigh sé na treoirluachanna atá socraithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Is iad an dá thruailleán is mó ná ábhar cáithníneach ó dhó na mbreoslaí soladacha sa bhaile agus dé-ocsaíd nítrigine ó fheithiclí a ritear ar bhreoslaí iontaise i gceantair uirbeacha. Bíonn tionchar ag téamh baile agus iompar ar shláinte daoine agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin.



Léiríonn fianaise ó phobalbhreith an GCC, ar tugadh fúithi i mí Eanáir 2020, go bhfuil an pobal sásta a n-iompraíocht a athrú agus 62 faoin gcéad de dhaoine fásta sásta aistriú go breosla gan toit chun a dteach a bhreoslú agus 43 faoin gcéad sásta aistriú go feithicil leictreach nó hibrideach chun truailliú agus gáis ceaptha teasa a laghdú.

Lean an GCC ar aghaidh d'acmhainn agus cumas an líonra um chaighdeán an aeir a neartú faoin gClár Náisiúnta Monatóireachta um Chaighdeán an Aeir 2017–2022. Cuireadh 19 stáisiún monatóireachta nua leis an líonra i 2019, agus dá bharr sin is ionann an líon iomlán ar fud na hÉireann agus 69 anois.

In Éirinn, tugann an taighde le tuiscint go bhfuil suas le 300 cás d'ailse scamhóg gach bliain nasctha leis an ngás radaighníomhach Radón, arb é an chúis is mó le hailse scamhóg tar éis caitheamh tobac é. Leis an reachtaíocht a tugadh isteach i 2019, ceanglaítear ar fhostóirí i gceantair ina bhfuil go leor radóin a gcuid ionad oibre a thástáil agus an leibhéal radóin a laghdú chun fostaithe a chosaint, má tá sé os cionn an leibhéil náisiúnta tagartha. Ar Lá Eorpach an Radóin i mí na Samhna 2019, reáchtáil an GCC feachtas feasachta poiblí chun comhairle a chur ar shealbhóirí tí, atá buailte ag leibhéil arda radóin, maidir le conas gníomh práinneach a ghlacadh chun a nochtadh a laghdú agus iad féin agus a dteaghlaigh a chosaint.

Is mór an bhagairt roimh shláinte an duine atá i ndroch-chaighdeán aeir agus radón inár dtimpeallachtaí cónaithe agus oibre. Tríd na roghanna iompair atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a chur i bhfeidhm, agus aistriú chuig bealaí níos glaine chun ár dtithe a théamh, tabharfar aghaidh ar chaighdeán an aeir lasmuigh agus laistigh. Leis an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin, déanfar cinnte freisin go mbeifear in ann básanna roimh am a sheachaint.

## UISCE

Gheall Éire caighdeán ár dtimpeallachta uisce – aibhneacha, lochanna, screamhuisce, inbhir agus uiscí cósta – a fheabhsú agus a chosaint. Inár dtuarascáil ar Chaighdeán Uisce in Éirinn, a foilsíodh i mí na Nollag 2019, áfach, fuair an GCC fianaise go bhfuil ár dtimpeallacht uiscíoch ag dul i léig tar éis tréimhse de chobhsaíocht agus d'fheabhas réasúnach. Is gruama fionnachtain an GCC a thugann le fios go bhfuilimid fós ag cailliúint na ndobharlach abhann gan mhilleadh ('scoth na ndobharlach). Anois níl ach díreach 20 láithreán abhann gan mhilleadh, laghdú ó níos mó ná 500 láithreán ag deireadh na 1980í.

Léirítear in anailís na GCC freisin, nuair a ghlactar gníomh ceartaitheach, gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar bhrú ar chaighdeán uisce. Mar sin, tá an eolaíocht agus na teicnící ar fáil chun uiscebhealaí a bhfuil dochar déanta dóibh a chur i gceart, ach ní mór tosaíocht a thabhairt do dhochar breise a chosc.

I mí na Bealtaine 2019, thug an GCC tuairisc ar chaighdeán an uisce snámha le haghaidh 2018 agus iad ag cur fáilte roimh fheabhas beag ó na blianta roimhe – chomhlíon 94 fán gcéad d'uiscí snámha aitheanta íoschaighdeáin an AE ar a laghad agus níos mó ná 100 trá aicmithe mar den scoth.

I roinnt ceantar sa tír, scaoiltear séarachas amh nó séarachas nach bhfuil neart cóireála déanta air isteach sa timpeallacht go fóill, rud a chuireann sláinte an phobail i mbaol. I mí na Samhna 2019, thuairiscigh an GCC ar chóireáil fuíolluisce i 2018. Fuarthas amach go raibh séarachas i 36 baile agus sráidbhaile á scaoileadh sa timpeallacht gach lá gan chóireáil.

Anuas air sin, bhí córais lochtacha fhuíolluisce i dteaghlaigh, mar dhabhcha séarachais, fós ina bhagairt ar thoibreacha príobháideacha agus chaighdeán an uisce in aibhneacha áitiúla. I mí Iúil 2019, thug athbhreithniú a rinne an GCC ar níos mó ná 2,000 cigireacht ag údaráis áitiúla le fios gur theip ar go leor córas a ndearnadh cigireacht orthu mar nár tógadh i gceart iad nó nach ndearnadh cothabháil cheart orthu.

Is í an bhunfhadhb ná nach bhfuil dóthain bonneagair cóireála ann. Réiteoidh infheistíocht ar scála náisiúnta i gcórais chóireála an tseanfhadhb sin, chomh maith le cothabháil níos fearr ar na córais sin. Féadfaidh méadú beartaithe ar scéim na ndeontas, chun fadhbanna a dheisiú i gcórais cóireála tí, cabhrú le dul i ngleic le fadhbanna sna blianta amach romhainn.

I mí Mheán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an GCC tuairisc ar chaighdeán an uisce óil i soláthairtí poiblí le haghaidh 2018 agus fuarthas amach, cé go raibh leibhéal na comhlíonta ard, go raibh méadú tagtha ar bhrath Cripteaspóiridiam. Eisíodh Fógra Fiuchtha Uisce a bhain le hionad cóireála uisce Léim an Bhradáin i mí na Samhna 2019 a raibh éifeacht aige ar os cionn leathmhilliún úsáideoirí uisce. Tharraing an fógra aird ar chóras atá ag dul in aois agus atá i mbaol tuairteanna ar féidir leo dochar a dhéanamh do shláinte daoine. Chun sláinte phoiblí a chosaint, ní mór ionaid chóireála uisce a dhéanamh dianseasmhach agus a oibriú i gceart agus go héifeachtach. Ní mór tús áite a thabhairt, ó thaobh infheistíochta de, do na hionaid sin nach bhfuil cóireáil cheart déanta orthu le haghaidh Cripteaspóiridiam.

Go ginearálta, tá an chuid is mó de sholáthairtí uisce phoiblí in Éirinn ag cloí leis na riachtanais cháilíochta. Tá gníomh glactha ag an GCC áit ar tháinig fadhbanna chun cinn, áfach, agus déantar cinnte fós go dtugtar tosaíocht i gcónaí don tsláinte phoiblí.

## CEADÚNÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

Is í príomhfheidhm na GCC ná rialáil an chomhshaoil, lena n-áirítear ceadúnais a thabhairt le haghaidh saoráidí a mhéadú agus infheistíocht i láithreáin úrnua thar raon tionscal, lena n-áirítear dramhaíl, cógaisíocht agus an earnáil chumhachta. Agus an ról seo á chomhlíonadh, déanann an GCC cinnte nach mór go gcomhlíonfadh gníomhaíochtaí tionscail caighdeáin áirithe agus déantar dlúthrialáil orthu bunaithe ar a riosca féideartha don chomhshaol. Mar gheall ar chóras níos fearr um cheadúnú ar líne, chuaigh líon na gcinntí maidir le ceadúnú i méid fós, agus é imithe i méid go 132 cinneadh i 2019 i gcomparáid le 94 an bhliain roimhe sin.

Leanann an GCC de rialáil a dhéanamh ar mhaithe leis an ngeilleagar ciorclach trí fhógraí faoi fhotháirgí agus deireadh dramhaíola. I 2019, foilsíodh treoir nua maidir le fotháirgí ithreach agus cloiche tar éis comhairliúchán a dhéanamh leis an bpobal.

Ag deireadh mhí an Mhárta 2019, d'aistrigh an GCC ceadúnaithe radaíochta go foirm nua údaraithe atá riosca-bhunaithe, chun rialáil níos éifeachtaí a éascú ar na hearnálacha is mó a ngabhann riosca leo.

I mí Iúil 2019, thug an GCC tuairisc ar dhea-leibhéil chomhlíonta ar an iomlán i measc ceadúnaithe tionscail agus dramhaíola. Ina theannta sin, chuaigh gearáin faoi ghníomhaíochtaí ceadúnaí i laghad go 608 i 2019 i gcomparáid le 799 an bhliain roimhe. Bhain níos mó ná leath de na gearáin a fuarthas le boladh, bhain ceathrú díobh le torann agus bhain trian de na gearáin go léir le trí láithreán áirithe.

Díríonn an GCC ar shaoráidí ceadúnaithe tionscail agus dramhaíl a mhainníonn i gcónaí caighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh. Bhí 833 saoráid tionscail agus dramhaíola a bhí ceadúnaithe ag an GCC ag deireadh 2019 agus astu siúd aithníodh 11 mar Láithreáin Náisiúnta Tosaíochta um Forfheidhmiú.

Léiríonn athbhreithniú ag an GCC i 2019 ar fhorfheidhmiú údaráis áitiúil dea-fheidhmíocht ar an iomlán ó thaobh forfheidhmiú comhshaoil a chur i gcrích. Tá réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin áirithe, áfach. Go háirithe, tá gá le níos mó béime a leagan ar scagadh dramhaíola a fhorfheidhmiú i dtithe agus i ngnóthais, in éineacht le méadú ar chigireachtaí ar fheirmeacha agus ar chaighdeán an aeir.

I mí na Nollag 2019, d'eisigh an GCC treoir chun cabhrú le saoráidí ceanglais an tsoláthair airgeadais a chomhlíonadh mar atá na dliteanais chomhshaoil a chlúdach a ghabhann le teagmhais fhéideartha agus admhaíodh gur baineadh amach soláthar airgeadais de €700 milliún le cúig bliana anuas.

Ar an iomlán, bhí an GCC i gceannas ar chóras láidir forfheidhmithe trína n-aithnítear go soiléir na truaillitheoirí is mó a chuireann an comhshaol i mbaol. Déantar acmhainní a leithdháileadh ar an mbonn sin agus cumasaíonn sé córas éifeachtúil agus trédhearcach. Tá rannpháirtíocht an phobail agus páirtithe leasmhara fós ina cuid thábhachtach den obair sin agus aithnítear agus moltar ról an phobail i gcabhrú leis an eolas agus an mbreathnóireacht sin.

## DRAMHAÍL

Is féidir le dramhaíl agus a bainistíocht dul i bhfeidhm go mór ar ár dtimpeallacht. Dúshlán atá ann atá ag dul i méid le blianta beaga anuas agus tá gá le gníomh comhordaithe chun aistriú chuig sochaí níos inbhuanaithe.

Stiúrann an GCC an Clár Náisiúnta um Dhramhaíl a Chosc a thacaíonn le fiontair, teaghlaigh agus leis an earnáil phoiblí chun dramhaíl a chosc agus chun an geilleagar ciorclach in Éirinn a stiúradh.

I mí Iúil 2019, d'fhoilsigh an GCC eolas faoi bhainistíocht pacáistithe dramhaíola. Tugann na figiúir le tuiscint gur gineadh fós go leor pacáistiú dramhaíola. Cé go raibh rátaí athchúrsála ard le haghaidh roinnt sruthanna dramhaíola, gloine agus adhmad san áireamh, níor tháinig méadú ar athchúrsáil le roinnt blianta anuas. Léiríonn na figiúir go mbeidh gá le tuilleadh beart chun a chinntiú nach bhfanfaidh na leibhéil athchúrsála don phacáistiú mar an gcéanna.

Ábhar imní áirithe atá i leibhéal an phacáistithe phlaistigh agus an fhíric gur cosúil go bhfuil buaic sroichte ag rátaí athchúrsála le blianta beaga anuas, agus é ag thart ar 34 faoin gcéad. Tugann sonraí na GCC le fios go bhfuil dúshláin ós ár gcomhair ó thaobh spriocanna an AE a chomhlíonadh amach anseo chomh maith le haidhm Straitéis Plaisteach an AE. Ar an gcéad dul síos, beidh cosc na dramhaíola sin ina ghné thábhachtach d'fhreagairt na hÉireann má táimid chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach.

I mí na Nollag 2019, d'fhoilsigh an GCC sonraí comhshaoil a léiríonn go bhfuil treocht dearfach ann i leith dramhaíl ghuaiseach a sheoladh le haisghabháil seachas í a dhiúscairt.

## GEILLEAGAR CIORCLACH

Cuireadh clár athbhreithnithe i bhfeidhm i 2019 faoin gClár Náisiúnta um Dhramhaíl a Chosc (CNDC) faoi stiúir na GCC, chun a chuid gníomhaíochtaí a neartú le tacú le cláir straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta chun dramhaíl a chosc agus an geilleagar ciorclach a stiúradh in Éirinn. I mí Eanáir 2019, d'fhógair an GCC comhpháirtíocht straitéiseach trí-bliana leis an Rediscovery Centre chun 'athaimsiú' dramhábhar a chur chun cinn, trí hathúsáid, athdhearadh agus deisiú éadaí, péinte, troscáin agus rothar. Níos deireanaí sa bhliain cruthaíodh comhpháirtíocht straitéiseach nua (2020-2022) le Taighde Déantúsaíochta na hÉireann le haghaidh CIRCULÉIRE, an t-Ardán Náisiúnta um Dhéantúsaíocht Chiorclach. Gníomhaíocht chinniúnach í seo d'Éirinn lena mbainfear amach torthaí ar scála don gheilleagar ciorclach trí chomhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach.

Sheol an CNDC a chlár maoinithe bliantúil Fiontraíocht Ghlas: Nuálaíocht don Gheilleagar Ciorclach i mí Aibreáin 2019. Leis an deis mhaoinithe seo ar luach €600,000 tugtar tacaíocht do nuálaithe chun réitigh réidh leis an ngnó a fhorbairt agus a léiriú i réimsí tábhachta náisiúnta mar dhramhaíl bia a chosc, dramhaíl tógála & scartála agus plaistigh.

Stiúir an GCC feachtas náisiúnta ar dhramhaíl bia i mí an Mheithimh, agus ina dhiaidh sin d'óstaigh an GCC fóram a thug le chéile ceannairí gnó agus beartais ar fud shlabhra soláthair an bhia. Chomh maith leis sin, eisíodh paca acmhainní chun cabhrú le níos mó ná 20,000 dalta Teastais Shóisearaigh foghlaim faoi mhaireachtáil inbhuanaithe tríd an gcuraclam Eacnamaíocht Baile.

Léirigh torthaí na pobalbhreithe ar thug an GCC fúithi i mí Eanáir 2020 go measann 78 fán gcéad den phobal go bhfuil athruithe déanta nó céimeanna glactha acu féin chun cabhrú leis an gcomhshaol. Tá suas le 87 faoin gcéad sásta níos mó a athchúrsáil nó a athúsáid, agus tá 85 faoin gcéad sásta dramhaíl bia a laghdú. Níl ach 23 faoin gcéad sásta muirir nó cánacha comhshaoil a íoc, áfach.

Tá tairbhí móra don gheilleagar agus don tsochaí le baint as an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus dramhaíl a laghdú. Ní mór go mbeadh sé sin ina thosaíocht náisiúnta fós agus ní mór go mbeadh fianaise agus sonraí ina mbonn eolais faoi, fianaise agus sonraí ar féidir leo fadhbanna a aithint agus déileáil leo agus teacht ar réitigh inmharthana orthu.

## RANNPHÁIRTÍOCHT SAORÁNACH

Tá freagracht orainn go léir as cabhrú lenár gcomhshaol a chosaint trí fhianaise a chur ar fáil, fadhbanna a thuairisciú agus réitigh inbhuanaithe a fhorbairt. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá os comhair na hÉireann ach má tá saoránaigh rannpháirteach agus ag tabhairt tacaíochta. Leagann an GCC luach ard ar an rannpháirtíocht sin, agus cruthaíonn sí práinn ina leith sin, chun tuiscint níos fearr a chothú chomh maith le mothú ceart úinéireachta agus dóchais i leith na todhchaí.

Tá ról tábhachtach ag an GCC fós i bhfeasacht a ardú agus tacú le tionscnaimh lena méadaítear plé saoránach le saincheisteanna comhshaoil. Le comórtas 'Story of Your Stuff' na GCC i 2019, iarradh ar dhaltaí scéalta a chur isteach faoi shaolré earra laethúil agus buntéama inbhuanaitheachta agus feasachta a bhaineann leis an earra sin – insíodh scéal na scuaba fiacla san iontráil a ghnóthaigh an duais.

I rith 2019, d'oibrigh an GCC i gcomhpháirt le go leor eagraíochtaí ar thionscadail éagsúla um eolaíocht saoránach a thug tacaíocht do na tosaíochtaí, is iad sin uisce agus aer glan agus iompraíocht inbhuanaithe. Leanadh ar aghaidh leis an gclár GLOBE um eolaíocht saoránach i gcomhpháirt leis An Taisce. Leis an gclár CleanAir@School – comhiarracht idir Líonra Ghníomhaireachtaí Comhshaoil na hEorpa agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil – fiosraíodh tomhas agus éifeachtaí an dé-ocsaíd nítrigine in aice le scoileanna.

Chomh maith leis sin, i measc na gclár eile bhí: Suirbhé na hÉireann ar an tSnáthaid Mhór 2019-2024; Taiscéalaíocht Trá (Explore Your Shore); Fairtheoir Cladaigh (Seashore Spotter); An Suirbhé Mór ar Bhithéagsúlacht Trá agus Monatóireacht Locha le Slatiascairí i Réigiún na Teorann.

Stiúir an t-Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide obair fhairsing abhcóideachta agus fhor-rochtana i 2019 mar bhealach le córas rannpháirtíochta pobail a chur i bhfeidhm le tacaíocht phoiblí a fhorbairt don ghníomhú ar son na haeráide. Trí imeachtaí a eagraíodh i gcomhair le hOifigí Réigiúnacha Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, tógadh le chéile raon leathan de pháirtithe leasmhara a raibh ina measc gnóthais áitiúla, grúpaí pobail agus comhshaoil agus ollscoileanna.

Léiríonn an freagra sin ar thionscadail i rith 2019 go bhfuil fonn láidir ar shaoránaigh plé le cúrsaí comhshaoil agus leo siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as í a chosaint. Ní mór cur leis sin, chun gealltanais a chomhlíonadh agus glacadh leis na hathruithe is gá.

## ATHBHREITHNIÚ ECFE

Choimisiúnaigh an GCC an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) i 2018 chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an GCC agus rinneadh na comhairliúcháin i 2019. Bhí an t-athbhreithniú bunaithe ar chreat a d'fhorbair an ECFE chun feidhmíocht agus rialáil eagraíochta na rialaitheoirí a mheasúnú agus a neartú. Thug piarmheasúnóirí as an Iorua, Albain agus as an bPortaingéil tacaíocht d'fhoireann an ECFE lena gcuid oibre. I dteannta le comhairliúchán inmheánach fairsing, bhí cruinnithe ag an bhfoireann le raon leathan páirtithe leasmhara a raibh ina measc eagraíochtaí neamhrialtais, ranna Rialtais agus baill den Oireachtas. Foilseoidh an ECFE an t-athbhreithniú i 2020.

## CONCLÚID


I mo ról mar Ard-Stiúrthóir, is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do ghealltanas fhoireann na GCC i rith 2019 agus buíochas a ghabháil le mo chuid comh-Stiúrthóirí as a dtiomantas agus an tacaíocht ó thaobh ár gcuid spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.

Is mian liom gach rath a ghuí ar na comhghleacaithe seo a leanas ón GCC a chuaigh ar scor i rith 2019, tar éis na mblianta fada de sheirbhís thiomnaithe: Geraldine Ruane, Leo Sweeney agus Gerard Crawley.

Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil as a dtacaíocht leanúnach.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir an GCC



# 2

"Córais ghéilliúntais éifeachtacha a chur chun feidhme i dtaobh rialála agus comhshaoil, chun dea-thorthaí do dhaoine agus don chomhshaol a bhaint amach, agus chun díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo."

**Bíonn an GCC ag ceadúnú gníomhaíochtaí le cinntiú nach mbíonn a n-astaíochtaí ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don chomhshaol.**

# 2. RIALÁIL

## 2.1 CEADÚNÚ

Tá sainchúram leathan ag clár ceadúnaithe na GCC agus tá sé freagrach as raon cúram a ghabhann le húdarú gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine (Tábla 1 agus 2). Cuimsítear leis an obair sin oibleagáidí na hÉireann a chur i bhfeidhm faoi Threoracha éagsúla AE trí mheasúnachtaí comhshaoil a dhéanamh sula ndeonaítear údaruithe nó sula ndiúltaítear dóibh. Cuimsíonn sé Measúnú Tionchair Comhshaoil agus Measúnú Cuí.

### Údarú Gníomhaíochtaí

Leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha(TAT), tá athruithe nua agus suntasacha tagtha ar an gcaoi ina rialaítear gníomhaíochtaí tionsclaíocha in Éirinn. Cinnteoidh na hathruithe seo go gcuimsíonn na ceadúnais na bearta ar fad ar gá leo chun leibhéal ard cosanta don timpeallacht a bhaint amach.

Faoin TAT ceanglaítear ar an GCC coinníollacha ár gceadúnas tionscail a athmheas agus iad a nuashonrú, más gá, laistigh de cheithre bliana ó fhoilsiú conclúidí i leith na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil (Best Available Techniques/BAT).

Faoi dheireadh 2019, bhí 16 Cinneadh cur chun Feidhme de chuid an Choimisiúin ar choncluidí BAT foilsithe, agus an ceann is deireanaí ag baint leis na hearnálacha bia agus dí, agus le hearnáil an loiscthe dramhaíola lena gceanglaítear go mbeidh gá leis na hearnálacha sin a athmheas agus a athmheasúnú faoi mhí na Nollag 2023.

I measc cinntí ceadúnaithe agus ceada comhshaoil i 2019, bhí cinntí a bhain le méaduithe ar shaoráidí cáiliúla agus gníomhaíochtaí infheistíochta i láithreáin úrnua in earnálacha na dramhaíola, na cógaisíochta agus na gceimiceán agus na cumhachta. Eisíodh 38 gCinneadh Beartaithe (CB) i gcomhar Astaíochtaí Tionscail (AT), Rialú Comhtháite Truaillithe (RCT) agus ceadúnas Dramhaíola (CD) i 2019 agus ba é líon na gcinntí deireanacha a eisíodh ná 48. Fuarthas 64 iarratas nua ar cheadúnais AT/RCT nó Dramhaíola i 2019. Iarratais Diantalmhaíochta a bhí i nach mór leath díobh.

Síníodh na rialacháin um Ionaid Meándóchana (IMD) isteach sa dlí i mí na Nollag 2017 agus tá siad á gcur i bhfeidhm bunaithe ar chur chuige riosca-bhunaithe faoi stiúir na GCC. Is é an cuspóir atá acu ná teorainn a chur le hastaíochtaí chuig an atmaisféar ó choirí agus ionaid dócháin seasta sa raon 1-50 MWTH (ionchur teirmeach). Tá 78 IMD Cláraithe faoi láthair – gineadóirí éigeandála in ionaid sonraí atá ina bhformhór.

Leanann an GCC ar aghaidh ag rialáil i gcomhair geilleagair chiorclaigh trí fhógraí Dheireadh Dramhaíola agus Fotháirge agus d'éascaigh sí beagnach 20 milliún tona d'acmhainn aisghabhála ithreach agus cloiche ar fud na tíre i 2019 trí cheadúnú saoráidí um aisghabháil ithreach agus cloiche. Foilsíodh treoir i leith Fotháirgí Ithreach agus Cloiche i mí an Mheithimh tar éis comhchomhairle poiblí. Anuas air sin, bhí dul chun cinn déanta in 2019 maidir leis na hIonaid Stairiúla Líonta Talún agus eisiúint na dTeastas Údaraithe.

Leanadh ar aghaidh ag measúnú iarratas ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe le haghaidh ceada i 2019 agus eisíodh 33 cinneadh. Ina theannta sin, d'eisigh an GCC trí Chead Dumpála san Fharraige agus dhá hÚdarú um Scaoileadh Fuíolluisce.

Ar aon dul le gealltanais straitéiseacha lean an GCC ar aghaidh ag leathnú a seirbhíse gréasáin chun cur isteach leictreonach na n-iarratas ar cheadúnais a chuimsiú chomh maith le próiseáil leictreonach agus cumarsáid le gach páirtí leasmhar. Leis seo, tá seirbhís níos éifeachtúla ag ár gcustaiméirí agus éascóidh sé tuairisciú sonraí níos éifeachtúla agus níos cruinne chuig an gCoimisiún Eorpach.

### Trádáil astaíochtaí

Is í an GCC Údarás forfheidhmithe agus feidhmithe Chóras an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) in Éirinn agus, dá bhrí sin, cuireann sí rialacha an AE i bhfeidhm chun go mbeidh cionroinnt chomhoiriúnaithe saor de liúntais astaíochtaí ann.

Le haghaidh na bliana tuairiscithe 2018, bhí 104 suiteáil sheasta (tionscail, stáisiúin chumhachta agus úsáideoirí ardfhuinnimh eile) le hastaíochtaí $CO_2$ intuairiscithe. Chloígh gach suiteáil leis na spriocdhátaí um thuairisciú agus thabhairt

suas i 2019. Léirigh an fhaisnéis ó na suiteálacha a chuimsigh an ETS in 2018 go raibh laghdú 8.2 faoin gcéad (1.4 milliún tona) ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chuideachtaí Éireannacha. Ba í an phríomhchúis leis sin ná an laghdú 13 faoin gcéad ó earnáil na giniúna cumhachta, mar gheall ar an ionad gualbhreoslaithe ag BSL Gob na Muine a bheith as líne ar feadh trí mhí in éineacht le láithreacht láidir an fhuinnimh in-athnuaite ar an eangach. Ar an taobh eile den scéal, léirigh earnálacha tionscail méadú ar astaíochtaí.

Léirigh astaíochtaí ón eitlíocht méadú 6.8 fán gcéad i 2018 i gcomparáid le 2017. Tagann na hastaíochtaí sin ó eitiltí isteach go hÉirinn agus amach uaithi agus eitiltí áit ar bith laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, áit a bhfuil ceadúnas oibriúcháin ó Údarás Eitlíochta na hÉireann. Bhí trí cinn déag d'oibreoirí aerárthaí os cionn na tairsí um thuairisciú go hÉirinn i 2018, dar le sonraí Eurocontrol, agus thug na trí cinn déag tuairisc in am agus thug siad suas na liúntais AE riachtanacha i rith 2019.

Ní raibh gá le haon phionóis as astaíochtaí iomarcacha faoin Scéim Trádála Astaíochtaí i 2019. Bailíodh pionós de €210,100, áfach, a eisíodh i 2018, ó Bhord Ospidéal San Séamas i 2019.

Úsáidtear Clárlann an Aontais mar uirlis chomhlíonta do shuiteálacha rialaithe agus d'oibreoirí faoi Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Tá sé d'oibleagáid ar na hoibreoirí seo, ó thaobh an dlí de, cibé an oibreoirí do-aistrithe nó aerárthaigh iad, cuntas a oscailt le Clárlann an Aontais chun a gcuid oibleagáidí comhlíonta maidir le hastaíochtaí carbóin a chomhlíonadh.

Déantar ceantáil liúntais ETS ar ardán coiteann a roinntear i measc 25 Ballstáit an AE. Rianaíonn an GCC ceant chuóta lamháltas na hÉireann gach seachtain agus seiceálann sé go bhfaigheann an Banc Ceannais an t-ioncam ceart. B'ionann ioncaim a bhí dlite d'Éirinn i 2019 ó Cheantanna liúntais seasta (EUAnna) agus eitlíochta (EUAAnna) an AE agus €124 milliún (€124,256,185). I mí Aibreáin 2019 leag an GCC béim ar an ngá le méadú ar phraghas carbóin thar €20 in aghaidh an tona chun dreasacht a chur ar fáil d'infheistíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin. Lean praghas an charbóin ar aghaidh ag dul i méid i 2019 agus shroich an praghas imréitigh ceanta ab airde €29.46 i mí Iúil 2019. Ba é an meánphraghas imréitigh le haghaidh 2019 ná €24.61 le haghaidh EUAnna agus €25.20 le haghaidh EUAAnna.

Cuimsíonn Clárlann an Aontais an chlárlann faoin gcinneadh maidir le comhroinnt díchill (ESD) mar a thugtar air. Rialaíonn an ESD spriocanna ceangailteacha astaíochta do gach Ballstát le haghaidh astaíochtaí nach bhfuil cuimsithe in ETS an AE i 2013-2020, mar iompar, téamh, talmhaíocht agus bainistíocht dramhaíola. Mar Riarthóir Náisiúnta, bhain an GCC amach cothrom idir astaíochtaí na hÉireann le haghaidh 2016 agus ár sprioc don bhliain sin mar a threoraigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) ar 13 Márta 2019. D'úsáideamar ár leithdháileadh don bhliain sin agus cuid den leithdháileadh breise ó na blianta roimhe, le hastaíochtaí níos ísle, a bhí tugtha anonn. Tá sé sin ar cheann de na roghanna solúbtha a bhíonn ar fáil do Bhallstáit an AE faoin ESD. Tá níos mó eolais ar fáil ar láithreán gréasáin Choimisiún an AE.

**Tábla 1.** An clár um cheadúnú comhshaoil (cúraimí ceadúnaithe 2019)

| Cineál ceadúnais | Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas 2019 | Líon iomlán na n-agóidí a fuarthas 2019 | Líon iomlán na gCinntí Beartaithe a eisíodh 2019 | Líon iomlán na gCinntí Críochnaitheacha a eisíodh 2019 | Líon Iomlán na gCinntí a Eisíodh 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceadúnais TAT/RCT (Dramhaíl AT san áireamh) | 56 | 31 | 37 | 43 | 80 |
| Ceadúnais Dramhaíola | 8 | 2 | 1 | 5 | 6 |
| Ceadúnais Fuíolluisce | 1 | N/B | N/B | 1 | 1 |
| Deimhnithe Údarúcháin Fuíolluisce | 0 | N/B | N/B | 1 | 1 |
| Ceadanna OGM (Úsáid shrianta) | 38 | N/B | N/B | 33 | 33 |
| Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe) | 0 | N/B | N/B | 0 | 0 |
| Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún | 7 | 8 | 8 | 7 | 15 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 4 | N/B | N/B | 3 | 3 |
| Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl) | 3 | N/B | N/B | 5 | 5 |
| Ceadanna do Chomhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe (VOC) | 12 | N/B | 5 | 5 | 10 |
| Ceadanna um gháis ceaptha teasa | 26 | N/B | N/B | 29 | 29 |
| **Iomlán** | **156** | **41** | **51** | **132** | **183** |

N/B, ní bhaineann le hábhar.

**Tábla 2.** An clár um cheadúnú comhshaoil (cúraimí rialála eile 2019)

| Tascanna | Iomlán na dtascanna ar a ndearnadh measúnú in 2019 |
|---|---|
| Iarratais faoi Airteagal 11 | 61 |
| Leasuithe ar Astaíochtaí Tionsclaíocha(IE)/Cosc Comhtháite ar Thruailliú (IPC) | 59 |
| Leasuithe IE/IPC (tionscanta ag an GCC) | 7 |
| Leasuithe i dtaca le dramhaíl | 6 |
| Leasuithe maidir le hIonaid Chóireála Fuíolluisce (ICFU) | 4 |
| Leasuithe maidir le Dumpáil san Fharraige | 2 |
| Leasuithe OGM | 2 |
| Fógraí faoi Airteagal 27 (fotháirge) | 62 |
| Iarratais faoi Airteagal 28 (deireadh dramhaíola) | 5 |
| An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (OGM) | 5 |
| Treoir 2001/18/EC (GMO) (orgánaigh ghéinmhodhnaithe) | 0 |
| Aistriú | 17 |
| Achomhairc maidir le Truailliú Aeir | 0 |
| Comhfhreagras pleanála fiosraithe | 274 |
| Ionaid mheándóchain a cláraíodh | 78 |
| **Iomlán** | **582** |

## Údaruithe um chosaint radaíochta

Síníodh isteach sa dlí rialacháin nua (I.R. Uimh. 30 de 2019) lena gclúdaítear cosaint oibrithe agus baill den phobal ar radaíocht ianúcháin ar an 5 Feabhra 2019. Tá na rialacháin sin bunaithe ar an athbhreithniú is deireanaí ar Threoir EURATOM maidir le Bunchaighdeáin Sábháilteachta agus tagraítear dóibh mar na Rialacháin ar Radaíocht Ianúcháin 2019 (IRR19).

Roimhe sin, chun aon chleachtas a dhéanamh go dlíthiúil lena mbaineann úsáid foinsí radaighníomhacha nó trealamh raideolaíoch (mar innill x-gha) in Éirinn, ba ghá é a údarú trí cheadúnas a fháil roimh ré ón GCC.

Thug IRR19 isteach údarú grádaithe, lena gceadaítear do dhá fhoirm údaraithe: clárú agus ceadúnú. Foirm údaraithe níos simplí atá i gclárú agus tá níos lú dualgas trom riaracháin ag gabháil leis, agus é cuí le haghaidh cleachtas nach bhfuil chomh casta ó thaobh nádúir agus a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad réasúnta sábháilte. Tá feidhm ag ceadúnú fós maidir le cleachtais ardriosca.

Tugadh isteach freisin rialacháin nua ar tháillí (I.R. Uimh. 34 de 2019) chun dul leis an gcóras grádaithe um údarú. Tá struchtúr na dtáillí deartha ionas go bhfuil na muirir i gcomhréir le leibhéal an riosca a ghabhann leis na cineálacha cleachtas atá á ndéanamh agus mar sin leibhéal na maoirseachta rialála a theastaíonn.

Rinneadh uasghrádú ar chórais TF chun go bhféadfaí údarú grádaithe a chur i bhfeidhm, agus cuimsíodh próisis chlárúcháin agus cheadúnaithe agus táillí údaraithe. Anois is féidir le húsáideoirí iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas nó Theastas Clárúcháin trí Líonra Malairte Sonraí Comhshaoil (Environmental Data Exchange Network/EDEN) na GCC agus a dtáille údaraithe a íoc ar líne.

I rith 2019, aistríodh ceadúnaithe reatha chuig an gcóras um ghrádú údaraithe ar bhonn céimnithe. Ag deireadh 2019 bhí 1,313 údarú (229 ceadúnas agus 1084 clárú) á sealbhú thar raon earnálacha a raibh ina measc fiaclóireacht, leigheas, tionscal, oideachas agus tréidliacht. Anuas air sin, próiseáladh 1168 leasúchán ar cheadúnais reatha. Le linn na bliana, dúnadh 30 iarratas. Roimh cheadúnas a dhúnadh, ní mór don cheadúnaí a chinntiú go bhfaightear réidh leis na táirgí ceadúnaithe mar ba cheart nó gur seoladh ar ais chuig an déantúsaí nó chuig an soláthraí iad ar fad.

# Déanann an GCC reachtaíocht chosanta comhshaoil agus raideolaíoch a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn.

## 2.2 FORFHEIDHMIÚ

Mar rialtóir comhshaoil do sheirbhísí uisce phoiblí, dhírigh an GCC ar bhaint amach feabhsúchán bonneagair tosaíochta ag Uisce Éireann ó thaobh uisce óil agus fuíolluisce uirbigh i rith 2019.

### Uisce óil

Ag deireadh 2019, bhí 14,362 duine fós faoi réir fógra chun uisce a fhiuchadh, i gcomparáid le 897 duine ag deireadh 2018. Ba í an phríomhchúis leis an méadú ná gur cuireadh úsáideoirí sholáthar uisce phoiblí Loch Tailt (12,576 duine) faoi réir fógra chun uisce a fhiuchadh arís i mí Eanáir 2019, tar éis gur cuireadh deireadh le fógra roimhe sin ag deireadh 2018. Tharla go leor teagmhas gearrthéarmach i rith na bliana agus mar thoradh orthu cuireadh 695,313 duine faoi réir fógra chun uisce a fhiuchadh uair éigin i rith na bliana. Ba iad na cásanna ba shuntasaí ná dhá theagmhas ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Léim an Bhradáin agus mar thoradh air sin cuireadh 600,000 duine faoi réir fógraí chun uisce a fhiuchadh ar feadh trí lá i nDeireadh Fómhair agus ar feadh ocht lá i mí na Samhna.

Chuaigh líon na soláthairtí ar Liosta na mBeart Ceartaitheach (LBC) i laghad ó 63 ag deireadh 2018 go 52 ag deireadh 2019, ach chuaigh líon na ndaoine a raibh soláthairtí ar LBC ag freastal orthu i méid ó 555,689 go 1,128,847. Ba í an chúis leis sin ná gur cuireadh Ionad Cóireála Fuíolluisce Léim an Bhradáin leis an LBC ag deireadh 2019, tar éis dhá fhógra chun uisce a fhiuchadh le haghaidh úsáideoirí ar sholáthar uisce phoiblí Léim an Bhradáin. Tá an GCC fós ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn Uisce Éireann maidir le déileáil leis na fadhbanna a d'aithin an Ghníomhaireacht le linn iniúchtaí a ghabhann leis na fógraí chun uisce a fhiuchadh atá le bheith críochnaithe i 2020.


San iomlán, rinneadh 62 cigireacht ar láithreáin uisce óil chun críochnú oibreacha a fhíorú le tacú le láithreán a bhaint ón Liosta Beart Ceartaitheach, chun measúnú a dhéanamh ar an bhfreagairt ar theagmhais agus sholáthairtí a raibh Fógraí um Fhiuchadh Uisce ag gabháil leo/Srianta Uisce curtha i bhfeidhm orthu, agus chun cosaint na sláinte poiblí a chinntiú.

D'fhoilsigh an GCC tuairisc uisce óil maidir le soláthairtí uisce poiblí agus cuireadh béim ar na dúshláin atá roimh na soláthairtí sin. Sa tuairisc cloíodh le treoirlínte i leith Gnáth-Bhéarla agus béim curtha ar inrochtaineacht do gach léitheoir.

### Sceitheadh fuíolluisce cathrach

Tháinig laghdú ar líon na limistéar tosaíochta fuíolluisce ó 132 go 120 i rith 2019. Thug an GCC tuairisc ar an laghdú sin ina tuairisc ó 2018 ar chóireáil fuíolluisce uirbigh, a foilsíodh i 2019. Sa tuarascáil leagadh amach an gá le méadú ar luas na n-uasghráduithe ar chórais tosaíochta easnamhacha um chóireáil fuíolluisce chun truailliú a chosc agus sláinte an duine a chosaint (Fíor 1).

**Fíor 1.** Tosaíochtaí Comhshaoil




Thug an GCC faoi 299 cigireacht ar láithreáin fhuíolluisce i 2019 chun feabhsúcháin a dhéanamh ar an gcomhshaol agus díríodh go príomha sna cigireachtaí sin ar fheabhsúcháin oibriúcháin, monatóireacht ar dhul chun cinn ar oibreacha bonneagair áit ba ghá, monatóireacht ar chomhlíonadh teorainneacha um sceitheadh agus freagairt ar ghearáin/teagmhais. Ciontaíodh Uisce Éireann as drochfheidhmíocht

oibriúcháin, uair amháin i rith na bliana.  Baineadh amach torthaí dearfacha don chomhshaol agus cuireadh sáruithe fadtéarmacha ar cheadúnais i gceart i 90 ceirtleán. Níor tháinig ach laghdú beag, go 224, áfach, ar líon foriomlán na sáruithe fadtéarmacha ar cheadúnais, rud a tharraingíonn aird ar an bhfíric go dtagann fadhbanna nua chun cinn fós in ionaid cóireála fuíolluisce uirbeacha.

### Córais chóireála fuíolluisce baile (dabhcha séarachais)

D'fhoilsigh an GCC Tuarascáil an Phlean Náisiúnta Cigireachta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe 2017 agus 2018, agus aird tarraingthe inti ar an ráta teipe leanúnach de thart ar 50 fán gcéad i gcás dabhcha séarachais, chomh maith leis an mbaol do shláinte an duine agus don chomhshaol de thoradh dabhcha séarachais teipthe agus an scéim leathnaithe do dheontais atá beartaithe. Le bheith dearfach faoi, mhéadaigh feabhsúchán na gcóras daibhche séarachais a bhí teipthe ó 73 faoin gcéad go 84 faoin gcéad.

Chríochnaigh an GCC an chomhchomhairle phoiblí ar an gCód Cleachtas le haghaidh Córas Cóireála um Thithe Singile, agus rinne siad leasuithe ábhartha air. Foilseofar an Cód Cleachtais athbhreithnithe i 2020.


## Forfheidhmiú Ceadúnas Tionsclaíoch agus Ceadúnas Dramhaíola

Thug an GCC ceadúnas do agus rinne siad rialáil ar 833 saoráid tionscail agus dramhaíola i rith 2019. Is é cuspóir na GCC ná déanamh cinnte go ndéanann oibreoirí a gcuid gníomhaíochtaí i gcomhréir lena gcuid ceadúnas. Baintear amach na cuspóirí sin trí mheascán de chur chun cinn na comhlíonta, treoir agus cúnamh, monatóireacht ar chomhlíonadh, cigireachtaí agus sampláil agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a ghlacadh nuair is gá. Tá cur chuige forfheidhmithe na GCC tacaithe ag na prionsabail atá foilsithe sa Bheartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe. Tá líon na gcigireachtaí a rinneadh ar ghníomhaíochtaí ceadúnaithe tionscail agus dramhaíola le fáil i dTábla 3 .

Tugann an GCC tosaíocht don iarracht forfheidhmithe i gcás na láithreán is mó atá ina mbaol don chomhshaol bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta atá ceadúnaithe, ionad na gníomhaíochta (i.e. gaireacht do dhaoine nó limistéir chosanta) agus stair fhorfheidhmithe an láithreáin (i.e. cibé acu ar tharla neamh-chomhlíonadh ar an láithreán roimhe sin). Cigireachtaí gan choinne a bhí sa chuid is mó de chigireachtaí na GCC (93%) i 2019; cigireachtaí beartaithe a bhí i leath díobh sin agus rinneadh an chuid eile mar fhreagra ar theagmhais nó ghearáin.

Baintear úsáid as Liosta Náisiúnta na Láithreán Tosaíochta chun iarracht forfheidhmithe an GCC a dhíriú ar na láithreáin is measa ó thaobh feidhmíochta chun feabhsúcháin ar chomhlíonadh i leith an chomhshaoil a spreagadh. Sa liosta seo rangaítear láithreáin tionscail agus dramhaíola in ord tosaíochta um forfheidhmiú, bunaithe ar fhachtóirí mar ghearáin (Tábla 4), teagmhais, cigireachtaí comhlíonta agus neamh-chomhlíonta ó thaobh an cheadúnais. Foilsíodh an liosta sin go ráithiúil agus bhí 11 láithreán ceadúnaithe ar an liosta uair amháin ar a laghad i rith 2019. Tá achoimre tugtha ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe san fhísghrafaic i bhFíor 2.

**Fíor 2.** Físghrafaic ina dtugtar achoimre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an GCC



**Tábla 3.** Líon na gcigireachtaí a rinneadh de réir earnála in 2019

| Gníomhaíocht | Líon na gcigireachtaí |
|---|---|
| Ceadúnais Tionscail agus Dhramhaíola | 1,472 |
| Ceadúnais um Sceitheadh Fuíolluisce Uirbigh | 299 |
| Ionaid cóireála uisce óil | 62 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 7 |
| Ceadanna do Chomhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe | 7 |
| Faireachán margaidh - ceimiceáin | 25 |
| Substaintí a Ídíonn Ózón agus Gáis Fhluairínithe | 4 |

**Tábla 4.** Líon na ngearán a fuarthas in 2019 agus líon na saoráidí a bhí faoi réir na ngearán sin de réir earnála

| Gníomhaíocht | Líon na nGearán | Líon na saoráidí faoi réir na ngearán sin |
|---|---|---|
| Ceadúnais Tionscail agus Dhramhaíola | 608 | 120 |
| Fuíolluisce | 77 | 43 |
| Uisce óil | 21 | 15 |
| Substaintí a Ídíonn Ózón agus Gáis Fhluairínithe | 3 | N/B |
| **Líon iomlán na ngearán** | **709** | |

## Dochar don chomhshaol a chosc

### Foráil airgeadais do dhliteanais chomhshaoil

Tosaíocht leanúnach don GCC atá i gcinntiú go ndéanann ceadúnaithe soláthar airgeadais imleor chun na dliteanais chomhshaoil a ghabhann le teagmhais fhéideartha nó le dúnadh agus iarchúram láithreán a chlúdach. D'fhoilsigh an GCC sonraí i rith 2019, ar a cur chuige riosca-bhunaithe agus soiléiriú maidir leis na haicmí gníomhaíochta lena mbaineann na ceanglais.

Bhain an GCC amach €12 milliún breise de sholáthar airgeadais ar láithreáin cheadúnaithe i 2019, méid a thóg an t-iomlán ar fud láithreán tosaíochta go níos mó ná €708 milliún. Freisin rinneadh ionstraimí soláthair airgeadais, ar luach iomlán €328 milliún, a athnuachan nó a athsholáthar, chun cinntiú go ndéanann an tionscal soláthar airgeadais do dhliteanais aitheanta agus fhéideartha. Is ionann sin agus laghdú mór ar an mbaol don chomhshaol agus don Stát.

## Faireachas margaidh, freagracht táirgeora agus ceimiceáin sa chomhshaol

### Ceimiceáin (lena n-áirítear rialacháin bhreosla sholadaigh)

Tá comhchruinniú substaintí guaiseacha sonraithe i meascáin agus i míreanna ceimiceacha, i measc nithe eile, rialáilte faoin Rialachán ar Chlárú, Mheastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACh) agus faoin Rialachán ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (TOManna). Baineann srian amháin den chineál seo le grúpa ceimiceán ar a dtugtar Pairifíní Clóirínithe Gearrshlabhracha (SCCPanna). I 2018, d'eagair an GCC tástáil ar 20 sampla de ghnáthearraí plaisteacha tí le haghaidh raoin de cheimiceáin atá toirmiscthe faoin dá Rialachán. I gcás sampla amháin, mata folcadáin, fuarthas go raibh leibhéil ardaithe de SCCPanna ann. Rinneadh iniúchadh breise ar an neamh-chomhlíonadh i rith 2019. Tharraing an t-oibreoir eacnamaíoch a bhí i gceist na táirgí siar ón margadh dá ndeoin féin agus rinne siad láimhseáil chuí ar na táirgí a bhí tarraingthe siar.

Ag deireadh 2019, mar chuid dá rannpháirtíocht i gcomhthionscadal maoirseachta ag an Líonra Forfheidhmithe um Shrianadh Substaintí Guaiseacha (RoHS), fuair an GCC 25 sampla de tháirgí ina bhfuil dé-óidí astaithe solais (LED) agus rinne siad tástáil orthu le haghaidh substaintí atá srianta faoin Treoir maidir le RoHS. Táthar ag súil leis na tuairiscí tástála ag tús 2020. Chomh maith leis sin, d'eagair an GCC athbhreithniú le haghaidh comhlíonta ar 50 comhad teicniúil a bhaineann le táirgí ina bhfuil LED. Tá na hathbhreithnithe ar siúl faoi láthair agus táthar ag súil le torthaí na meastóireachta i 2020.

Leagtar cúram ar an GCC as bunú agus coimeád an Chlár Breosla faoi na Rialacháin ar Bhreosla Soladach (I.R. Uimh. 326 de 2012) mar atá leasaithe. Bhí 22 saoráid um málaí guail agus 24 soláthraí breosla sholadaigh ar an gClár Breosla ag deireadh 2019.

## Freagracht Táirgeoirí

Tá freagrachtaí forfheidhmithe ag an GCC faoi na Rialacháin ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), Ceallraí agus Boinn. Dírítear iarrachtaí forfheidhmithe ar tháirgeoirí neamh-chomhlíonta. Déanann nó allmhairíonn táirgeoirí táirgí agus cuireann siad ar an margadh in Éirinn iad den chéad uair.

Le haghaidh táirgí Gnó do Chustaiméir (B2C) (DTLL agus ceallraí), rinneadh 42 cigireacht mhiondíola agus 45 cigireacht ag taispeántais trádála ar fud na tíre. Nochtadh 35 táirgeoir neamhchláraithe de thoradh na gcigireachtaí sin. Ina theannta sin, rinneadh 60 cigireacht ar chiandíoltoirí (láithreáin ghréasáin), a nocht 23 táirgeoir neamhchláraithe eile. Eisíodh fógraí neamh-chomhlíonta chuig gach táirgeoir neamhchláraithe agus treoraíodh dóibh comhlíonadh. Faoi dheireadh na bliana ní raibh ach táirgeoir neamhchláraithe amháin fágtha as na táirgeoirí a bhí braite ag an GCC, agus

bhí an chuid eile acu cláraithe. Eisíodh gearáin fhoirmiúla chuig cúig Ballstát AE maidir le 44 ciandíoltóir a bhí ag díol táirgí in Éirinn ar líne ach nach raibh ionadaí údaraithe ceaptha acu de réir mar a éilítear in Éirinn.

Rith an GCC feachtas forfheidmithe ar feadh sé mhí agus í ag díriú ar 271 cuideachta in earnáil na slándála tí agus in earnáil na sábháilteachta dóiteáin (táirgí B2C). Mar thoradh air sin aithníodh 73 táirgeoir neamh-chomhlíonta agus treoraíodh dóibh comhlíonadh. Sa bhreis air sin, thug an GCC faoi 24 cigireacht mar chuid den fheachtas seo agus rinneadh 59 n-iniúchadh ar tháirgeoirí Gnólachta le Gnólacht (B2B). Ba é an cineál neamh-chomhlíonta ba choitianta a tharla ná mainneachtain ag táirgeoirí tairiscint shoiléir a dhéanamh go dtógfadh siad DTLL B2B ar ais ó úsáideoirí a gcuid táirgeoirí. Ina theannta sin, bhí 95 faoin gcéad de thuairiscí DTLL agus 90 faoin gcéad de phleananna DTLL curtha isteach ag táirgeoirí BTB faoi dheireadh 2019. Eisíodh treoir chuig na 650 táirgeoir B2B.

D'eisigh an GCC 12 fógra íocaíochta seasta, agus pionós de €2,000 ag gabháil le gach ceann acu, chuig táirgeoirí neamh-chomhlíonta. Astu siúd, tá naoi dtáirgeoir comhlíonta agus na trí tháirgeoir eile ag bogadh i dtreo na comhlíonta.

Rinneadh iniúchadh ar dhá cheann de na ceithre tháirgeoir féin-chomhlíonta ceallraí. Rinneadh athbhreithniú agus faomhadh ar gach plean agus tuairisc ar dhramhcheallraí.

Rinneadh imscrúdú ar sheacht ngearán maidir le DTLL agus tugadh chun críche iad. Bhain siad go léir leis an earnáil miondíola (B2C) agus an mhainneachtain DTLL a thógáil ar ais, i siopa nó tar éis táirge nua a sheachadadh chuig teach.

Dhírigh an GCC ar 60 táirgeoir boinn neamh-chomhlíonta i rith 2019; rinneadh 31 cigireacht agus eisíodh 84 litir fhorfheidhmithe. Tar éis an ghnímh sin, chomhlíon 15 táirgeoir, bhí iarratas ar chlárú déanta ag 21 táirgeoir agus ní raibh aon iarratas ar chlárú déanta i 2019 ag 17 dtáirgeoir. Tá an GCC fós ag fiosrú i gcás na dtáirgeoirí nach ndearna iarratas ar chlárú.

Tá staitisticí achoimre maidir leis na feachtais fhorfheidhmithe i 2019 ar fáil i dTábla 5 thíos.

**Tábla 5.** Staitisticí achoimre ar na feachtais fhorfheidhmithe um fhreagracht táirgeora i 2019

| Tasc | Líon iomlán na dtascanna |
|---|---|
| Pleananna Bainistíochta Dramhaíola DTLL na dTáirgeoirí Gnólacht le Gnólacht athbhreithnithe | 215 |
| Tuarascálacha Bainistíochta Dramhaíola DTLL na dTáirgeoirí Gnólacht le Gnólacht athbhreithnithe | 545 |
| Iniúchtaí ar Tháirgeoirí Gnólacht le Gnólacht an Trealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (TLL) | 59 |
| Scrúduithe ar Mhiondíoltóirí Gnólacht le Tomhaltóir TLL/Cadhnraí | 42 |
| Cigireachtaí ar Sheónna trádála agus Thaispeántais | 45 |
| Cigireachtaí ar láithreáin ghréasáin de chuid Ciandíoltóirí TLL/Ceallraí Gnó le Tomhaltóir | 60 |
| Cigireachtaí ar tháirgeoirí saorthairbhí (earnáil na slándála tí agus dóiteáin) | 24 |
| Iniúchtaí ar tháirgeoirí féinchomhlíonta ceallraí | 2 |
| Scrúduithe ar Thairgeoirí Bonn | 31 |

## Substaintí a ídíonn ózón agus gáis cheaptha teasa fhluairínithe

Mar chuid den obair chun laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid substaintí a ídíonn ózón (ODS) agus gáis fhluairínithe (F-Ghás) a bhfuil ardchumas téimh dhomhanda acu, cuireann an GCC treoir ar fáil agus déanann sí cigireachtaí deisce agus ar an láthair ar úsáideoirí deiridh trealaimh, conraitheoirí innealtóireachta a sheirbhísíonn an trealamh ábhartha agus dáileoirí gáis. Ullmhaíonn an GCC an Tuarascáil Náisiúnta ar Úsáid Chriticiúil Halóin agus Tuarascáil ar Thrádáil Neamhdhleathach Substaintí a Ídíonn Ózón le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. I rith 2019, bronnadh dámhachtain ar an GCC faoi Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe as cúnamh le forfheidhmiú Phrótacal Montréal.

### Próiseas Deimhniúcháin Nua do chonraitheoirí F-gháis

Chun earnáil an F-gháis a rialáil is gá go mbeadh deimhniú ag daoine agus cuideachtaí a thugann faoi ghníomhaíochtaí áirithe. Ní mór go mbeadh teastais/dearbhuithe den sórt sin eisithe ag údarás dámhachtana faofa san AE. Ó Eanáir 2021, tar éis na hidirthréimhse i ndiaidh tharraingt siar an RA ón AE (an Breatimeacht), ní aithneoidh an t-AE a thuilleadh deimhnithe arna n-eisiúint ag eagraíochtaí sa RA. Go dtí seo, bhíodh conraitheoirí in Éirinn ag brath go mór ar dheimhniú ag eagraíochtaí RA.

Thug an DCCAE agus an Coimisiún Eorpach údarú don GCC chun deimhnithe a eisiúint chuig conraitheoirí ag a bhfuil deimhnithe bailí ón RA chun athoiliúint conraitheoirí, rud

nach mbeadh gá léi, a sheachaint. Reáchtáil an DCCAE agus an GCC sraith ceardlann le haghaidh na gconraitheoirí inar clúdaíodh impleachtaí an Bhreatimeachta dá gcuid oibríochtaí agus an próiseas iarratais. Seoladh an próiseas um iarratas ar líne i 2019 agus é tacaithe ag feachtas feasachta agus eolas ar láithreán gréasáin an GCC faoin scéim athdheimhniúcháin. Ina theannta sin, cuireadh fógraí in irisí gnó chun feasacht a ardú faoi chéimniú amach leanúnach HFC a mbeidh impleachtaí móra ag gabháil leis d'fheidhmeanna cuisnithe in Éirinn.

I measc gníomhaíochtaí eile i 2019 bhí:

- cigireachtaí ar 42 úsáideoir criticiúil halóin, conraitheoir cuisneáin, oibreoir trealaimh chuisneáin, saoráidí cóireála um feithiclí a bhfuil a ré caite agus cuideachtaí atá cláraithe san AE ach a dhéanann ionadaíocht ar chuideachta neamh-AE chun críocha chomhlíonadh an chórais um leithdháileadh cuótaí faoi na rialacháin ar F-ghás.
- Suirbhéanna deisce ar 195 úsáideoir chun Tuarascáil Náisiúnta 2018 ar Úsáid Chriticiúil Halóin a thiomsú.
- 130 Réamhfhógra Bliantúil a eisiúint chuig conraitheoirí a bhogann dramhgháis.
- Comhoibriú leis na Coimisinéirí Ioncaim (custam) ar allmhairiú/onnmhairiú trealaimh agus gás agus láithreáin ghréasáin a fhiosrú i gcomhair dhíolacháin mídhleathacha ODS nó F-Ghás.

## Cigireachtaí maidir le cosaint ar radaíocht

Déanann an GCC clár bliantúil de chigireachtaí maidir le cosaint ar radaíocht chun measúnú a dhéanamh ar choinníollacha comhlíonta rialúcháin agus ceadúnais. Leis na cigireachtaí sin, bíonn an GCC in ann caighdeán na cosanta radaíochta a mheas ag na láithreáin faoi iniúchadh, fadhbanna coitianta nó fadhbanna atá ag teacht chun cinn sna láithreáin a aithint agus cultúr cosanta radaíochta láidir a chur chun cinn.

Leagtar amach clár na gcigireachtaí gach bliain bunaithe ar go leor critéar oibiachtúil lena n-áirítear an riosca raideolaíoch a ghabhann leis na cleachtais údaraithe, an t-am atá imithe thart ón gcigireacht dheireanach, agus stair na saoráide ó thaobh comhlíonta. Freisin meastar teagmhais tuairiscithe san earnáil oibriúcháin chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha a tháinig chun bheith ar fáil maidir leis na cleachtais údaraithe nó na hearnálacha i gcoitinne.

Tugadh faoi 82 cigireacht ar chosaint radaíochta i rith 2019 (Tábla 6), a raibh ina measc ceithre shuirbhé slándála a rinneadh le cúnamh Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána. Níor tugadh fógra maidir le 79 faoin gcéad de na cigireachtaí ar tugadh fúthu. Leagadh béim i gclár na gcigireachtaí ar earnálacha an tionscail agus an leighis. I dteannta le cigireachtaí ar an láthair, iarradh ar gach saoráid radaiteiripe féinmheasúnú a dhéanamh ar líne chun a gcloí féin leis na rialacháin a mheasúnú. Leis an gcur chuige seo tugadh léargas don GCC ar leibhéal reatha na comhlíonta in earnáil na radaiteiripe chun go bhféadfaí fadhbanna nua a aithint. Iarradh ar shaoráidí radaiteiripe aon fhorbairtí beartaithe nua a aithint, chun an t-éileamh dóchúil ar iarratais ar údarú ar feadh na gcéad dhá nó trí bliana eile a mheas.

Cé go bhfuarthas i gcoitinne go raibh leibhéil na comhlíonta go maith, léiríonn na torthaí leanúnacha go bhféadfadh cúrsaí a bheith níos fearr sna réimsí measúnú riosca, nósanna imeachta um shábháilteacht radaíochta, socruithe um chosaint radaíochta cothabháil agus rialuithe oibriúcháin agus cúrsaí riaracháin.

Le linn 2019, tugadh fógra don GCC faoi 12 teagmhas intuairiscithe agus 9 ndáileog. Fiosraíodh na hábhair sin go léir de réir mar ba chuí. Bhain ceann de na teagmhais le cailliúint foinse radaighníomhaí ó ospidéal. D'éirigh leis an GCC an t-ospidéal a chúiseamh i mainneachtain coinníollacha a ceadúnais a chomhlíonadh maidir le slándáil ábhair radaighníomhaigh.

**Tábla 6.** Catagóirí ceadúnaí um chosaint radaíochta agus cigireachtaí ar tugadh fúthu i rith 2019


| An earnáil ceadúnaithe | Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích |
|---|---|
| Áiseanna ospidéil agus míochaine | 35 |
| Tionscal agus gnó<br>(a raibh ina measc dáileoirí foinse agus cuideachtaí iompair) | 29 |
| Oideachas agus taighde | 4 |
| Ceadúnaithe eile<br>(tréidlianna ísealriosca agus meánriosca, fiaclóirí, dáileoirí X-gha caibinéid agus X-gha) | 14 |
| **Iomlán** | **82** |



## Rialú ar neamhchosaint aerchriú

I gcomhréir le IRR19 ceanglaítear ar shealbhóir dheimhniú oibreoir aeir measúnú a dhéanamh ar dháileoga arna bhfáil ag foireann aeir chun socrú cibé acu an bhfuil bearta de dhíth chun nochtadh do radaíocht chosmach a rialú agus na torthaí a thuairisciú don GCC. Léirigh an fhaisnéis a fuarthas ó sheacht n-oibreoir ceadúnaithe go bhfuair 25,261 d'oibrithe foirne aeir dáileog éifeachtach bhliantúil ó nochtadh do radaíocht chosmach a sháraigh 1 mhillisíveart (mSv) le haghaidh 2019. Astu siúd, fuair 408 dáileog a sháraigh 4 mSv. Ní raibh aon dáileoga tuairiscithe a sháraigh an tairseach de 6 mSv; os cionn na tairsí sin ní mór d'oibreoirí aeir sceidil oibre na foirne aeir a eagrú d'fhonn a nochtadh a laghdú. Ó cuireadh tús le monatóireacht ar fhoireann aeir in 2003 tháinig méadú comhsheasta gach bliain, mar atá léirithe i bhFíor 3, ar líon na mball foirne aeir a fuair dáileoga de níos mó ná 1 mSv. Is féidir seo a lua le méadú ar líon na mball d'aerchriúnna atá de dhíth chun bealaí nua agus reatha a oibriú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar thaisteal aeir.

**Fíor 3.** Líon na mball foirne aeir a fuair dáileoga radaíochta de níos mó ná 1mSv.




## Ionchúisimh

I 2019 d'fhoilsigh an GCC a beartas nua um forfheidhmiú inar leagadh amach an chaoi a ndéanann an GCC forfheidhmiú na reachtaíochta i leith an chomhshaoil agus cosanta raideolaíche chun comhlíontacht a chur chun cinn. Ceann de na gnéithe lárnacha ná conas agus cén uair a chúisíonn an GCC. Sa bheartas seo leagtar amach go soiléir na critéir a mheastar chun an gníomh forfheidhmithe atá le glacadh a shocrú agus go sonrach na cúinsí ar a ndéanann an GCC cúiteamh a mheas, de ghnáth.

Éisteadh le dhá chás déag i rith 2019 agus thángthas ar chonclúid ina leith sa Chúirt Dúiche (Tábla 7). Ciontaíodh ocht gceadúnaí de thoradh na gcásanna sin. I dtrí chás tugadh tairbhe an Acht Promhaidh don chosantóir agus i gcás amháin caitheadh amach cúisimh tar éis gur tugadh síntiús do ghrúpa um athchóiriú aibhneacha.

**Tábla 7.** Gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a rinneadh in 2019

| Gníomhaíocht forfheidhmithe dlí | Aschur |
|---|---|
| Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche a fuair Éisteacht | 12 |
| Fíneálacha a gearradh i gCúirt Dúiche | €20,000 |
| Costais deonaithe sa Chúirt Dúiche | €164,774 |
| Líon iomlán na bhfíneálacha agus na gcostas | €184,774 |
| Tabharthais charthanúla | €15,500 |

**Cuireann an GCC comhairle agus treoir ar fáil do thionscal agus don phobal faoi réimse leathan gníomhaíochtaí comhshaoil chun cloí leis an gcleachtas is fearr a chinntiú.**

## 2.3 TREOIR

### Suíomhanna tionsclaíocha agus dramhaíola ceadúnaithe

Tugann an GCC tacaíocht do cheadúnaithe trí threoir a thabhairt dóibh chun cabhrú leo lena gcuid ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. I rith na bliana, d'fhoilsigh an GCC nóta treorach nua ar mhodheolaíocht um réitigh laghdú torainn le haghaidh an tionscail agus na dramhaíola (ar a dtugtar Treoir Aeir-9). Rinne an GCC athbhreithniú agus nuashonrú ar threoir maidir le tionchair bolaidh a mheas (AG5) agus monatóireacht aeir intí le haghaidh ceadúnaithe (AG8). Sa bhreis air sin, d'fhoilsigh an GCC nóta treorach don tionscal ar shaoráidí coinneála uisce dóiteáin chomh maith le treoir chun na ceanglais a shoiléiriú um thástáil ar phíblínte faoin talamh.

Chun cabhrú le saoráidí a gcuid ceanglas tuairiscithe a chomhlíonadh faoi na Treoracha maidir leis an gClár um Sceitheadh agus Aistriú Truaillithe agus maidir le hIonaid Dócháin Móra, d'fhoilsigh an GCC nóta treorach ar Thuairisciú ar Fheidhmíocht Chomhshaoil (TFC) a thugann soiléireacht faoi thuairisciú trí leathanach gréasáin tiomnaithe nua na GCC: *www.epa.ie/enforcement/eprl.*

### Soláthar airgeadais

Is tosaíocht í don GCC a chinntiú go ndéanann ceadúnaithe soláthair airgeadais leordhóthanach chun na dliteanais chomhshaoil a bhaineann le heachtraí féideartha nó le dúnadh agus iarchúram láithreán a chumhdach. D'fhoilsigh an GCC treoir ar dhliteanais chomhshaoil agus sholáthar airgeadais i rith 2019 inar leagadh amach: cur chuige riosca-bhunaithe na GCC, na cineálacha saoráide dá dteastaíonn comhaontú costas agus soláthairtí dá gcuid dliteanas comhshaoil agus na gníomhartha sonracha nach mór do gach oibreoir a ghlacadh le haghaidh a gcuid saoráidí. Foilsíodh treoir bhreise ar árachas um dhliteanas lagaithe comhshaoil.

### Dramhaíl

Tá freagrachtaí éagsúla ag an GCC maidir le cur i bhfeidhm Rialachán DTLL, Ceallraí agus Bonn in Éirinn – go príomha, príomhról forfheidhmithe sa réimse sin. Tugann an GCC faoi réimse gníomhaíochtaí freisin, áfach, chun cinntiú go gclóitear leis na Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora agus na hoibleagáidí éagsúla a bhaineann le hearnálacha éagsúla agus feasacht a ardú fúthu.

Foilsíodh treoir le haghaidh taispeántóirí ag seónna trádála agus taispeántais chun cabhrú leo a gcuid freagrachtaí táirgeora a chomhlíonadh faoi na rialacháin DTLL agus Ceallraí i rith 2019.

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an GCC Treoir ar Fhotháirgí Ithreach agus Cloiche i gcomhthéacs Airteagal 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2011 agus é mar aidhm cosc na dramhaíola a spreagadh lenar áiríodh úsáid dhleathach agus thairbhiúil na hithreach agus na cloiche neamhthruaillithe breise.

Is é atá i ndeireadh na dramhaíola chun críocha rialáil na dramhaíola, ná modh chun pointe a shocrú nuair nach gá a thuilleadh ábhar a aicmiú mar dhramhaíl tar éis go mbeidh aisghabháil déanta uirthi, lena n-áirítear oibriúchán athchúrsála, agus go gcomhlíonann sé critéir shonracha. D'fhoilsigh an GCC cinntí, faoi Airteagal 28 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2011, chun critéir dheireadh dramhaíola a shocrú maidir le:

- Cumascáin athchúrsáilte ó choincréit scartála mheilte.
- Cumascáin athchúrsáilte ó dhramhaíl tógála agus scartála.
- Luaith mhionaithe breosla agus luaith íochtair foirnéise .
- Pol-ábhar athchúrsáilte (teireataláit phoileitiléine) (PET).

### Uisce

#### Bainistíocht Uisce

D'fhoilsigh an GCC treoir ar Mheasúnachtaí Abhantrach Áitiúil i gCeantair Uirbeacha. Úsáidfidh údaráis áitiúla agus dreamanna eile an treoir chun cabhrú le foinsí truaillithe uisce a aithint agus a mheasúnú i gceantair uirbeacha.

### Uisce óil

D'fhorbair agus d'fhoilsigh an GCC comhpháipéar seasaimh in éineacht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun achoimre a thabhairt ar na fadhbanna maidir le lotnaidicídí in uisce óil lena n-áirítear sláinte, reachtaíocht agus idirghabhálacha.

### Dramhuisce

Tá tuairisciú bliantúil na faisnéise comhshaoil ina cheanglas dlíthiúil faoi gach Ceadúnas um Sceitheadh Fuíolluisce. D'fhoilsigh an GCC treoir i rith na bliana chun cabhrú le hUisce Éireann le tuairisc bhliantúil chomhshaoil a ullmhú agus a leagan isteach.

## Substaintí a ídíonn ózón agus gáis cheaptha teasa fhluairínithe

Tá raon de cháipéisí treorach foilsithe ag an GCC maidir le substaintí ídithe ózóin (ODS) agus gáis cheaptha teasa fhluairínithe (F-ghás) a bhainistiú. Foilsíodh dhá cháipéis treorach breise i rith 2019 (*What to expect from an EPA halon critical use survey verification visit* agus *What to expect from an EPA Only Representative site visit)* agus rinneadh nuashonrú ar cháipéis treorach amháin atá ann cheana (*Information Leaflet for Collection and Transport of Waste Refrigerants*)..

## Measúnú Comhshaoil

Lean an GCC ar aghaidh i 2019 ag nuashonrú a treorach um údaráis a dhéanann pleananna maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a dhéanamh ar phleananna/chláir/straitéisí ábhartha. Foilsíodh Nótaí Dea-Chleachtais ar MST le haghaidh earnáil na foraoiseachta agus earnáil na dramhaíola. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an GCC treoir dea-chleachtais ar fhachtóirí aeráide a chuimsiú i bpleananna nó i gcláir a mbíonn tionchar díreach nó indíreach ag an athrú aeráide orthu.

## Radaíocht

I rith 2019, tugadh feidhm do rialacháin nua, na Rialacháin maidir le Radaíocht Ianúcháin 2019 (IRR19), a thrashuíonn Treoir EURATOM maidir le Bunchaighdeáin Sábháilteachta. Chuir an GCC socruithe nua i bhfeidhm um údarú cleachtas raideolaíoch, ar a dtugtar údarú grádaithe agus d'fhoilsigh sí treoir nua le haghaidh fostóirí ar radón in ionaid oibre. Rinne an GCC nuashonrú ar an treoir ar radaíocht ianúcháin ar an láithreán gréasáin i mí an Aibreáin chun na rialacháin nua agus údaruithe grádaithe a léiriú.

D'fhoilsigh an GCC cód cleachtais nuashonraithe i mí na Bealtaine lena gclúdaítear úsáid na radaíochta ianúcháin san Fhiaclóireacht. Tá an Cód Cleachtais ceaptha chun eolas cuimsitheach a chur ar fáil d'fhiaclóirí chun cabhrú leo cloí leis na rialacháin nua.

### Radaíocht neamh-ianúcháin

I mí na Bealtaine 2019, sannadh freagrachtaí reachtúla don GCC as radaíocht neamh-ianúcháin sa raon minicíochta 0–300 GHz. a nochtadh don phobal. Tugtar Réimsí Leictreamhaighnéadacha (RLM) ar an raon minicíochta sin go coitianta.

I rith 2019, d'fhoilsigh an GCC leathanaigh ghréasáin tiomnaithe ar a leagtar amach ról an GCC agus a thugann comhairle agus treoir don phobal faoi RLM: www.epa.ie/radiation/emf/.





# 3

"Sonraí comhshaoil, measúnaithe agus fianaise d'ardchaighdeán, atá spriocdhírithe agus tráthúil a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht saoránach, gnólachtaí agus an Rialtais."

**Cuireann an GCC measúnú atá bunaithe ar fhianaise agus eolas tráthúil ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir, le tacú le gníomhú chun an comhshaol a chosaint agus a bhainistiú.**

# 3. EOLAS

## 3.1 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

### Cáilíocht an aeir


I gcomhar le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile, oibríonn an GCC an Líonra Náisiúnta Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh (Fíor 4). Cuirtear sonraí ón líonra ar fáil don phobal trí láithreán gréasáin an GCC agus tugtar tuairisc orthu i gcomhlíonadh cheanglais na Treorach maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) agus na 4ú Treorach ar leith. Déantar measúnú ar shonraí de réir luachanna teorann na hEorpa agus threoirluachanna an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).

Méadaíodh an líonra i rith 2019 nuair a cuireadh 19 stáisiún monatóireachta nua leis agus rinneadh uasghrádú ar thrí stáisiún nua chun monatóireacht réadama ar ábhar cáithníneach (AC) a sholáthar.


Ag an am céanna le Lá Náisiúnta na Scamhóg i Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an GCC a tuarascáil bhliantúil ar chaighdeán an aeir in Éirinn le haghaidh 2018. Sa tuarascáil thángthas ar an gconclúid cé nár sháraigh truailleáin aeir luachanna teorann dlíthiúla, gur féidir le fadhbanna áitiúla le caighdeán an aeir dul i bhfeidhm go diúltach ar shláinte daoine – sáraíodh treoirluachanna an EDS le haghaidh go leor truailleán. I mí Iúil thug an GCC tuairisc ar leibhéil dhé-ocsaíd nítrigine i mBaile Átha Cliath agus fuarthas go raibh leibhéil arda den truailleán aeir i go leor áiteanna sa chathair. Ba sna háiteanna ina mbíonn trácht trom a raibh na leibhéil ab airde agus baol ann go sárófaí teorainn reachtúil an AE i roinnt áiteanna.

Bíonn tionchar ag caighdeán an aeir ar shláinte daoine agus meastar go bhfaigheann 1,180 duine bás roimh am in Éirinn mar gheall ar thruailliú aeir. Ábhar imní atá ag éirí níos práinní ná leibhéil na n-ábhar cáithníneach (cáithníní míne) san aer. Bíonn leibhéil an truailleáin sin ard ach go háirithe i rith mhíonna an gheimhridh nuair a bhíonn tionchar diúltach ag úsáid breoslaí soladacha mar ghual, mhóin agus adhmad ag daoine ar chaighdeán an aeir, go háirithe i mbailte beaga agus i sráidbhailte. Má dhéantar gluaiseacht ar bith ar speictream na roghanna um théamh baile agus na roghanna breosla sholadaigh i dtreo modhanna níos glaine (Fíor 5) feabhsófar caighdeán an aeir. Ar an gcaoi chéanna, is féidir tionchar na n-astaíochtaí iompair ar an tsláinte a mhaolú tríd na roghanna cearta iompair a dhéanamh (Fíor 6).


**Fíor 4.** An Líonra Náisiúnta Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh



**Fíor 5.** Grafaic fhaisnéise ar cháilíocht an aeir agus gnéithe sláintiúla ar roghanna le tithe a théamh




**Fíor 6.** Grafaic fhaisnéise ar ghnéithe chaighdeán an aeir agus sláinte na roghanna iompair



## Fardail agus réamh-mheastacháin na n-astaíochtaí truailleán aeir

Chuir an GCC sonraí fardail maidir le hastaíochtaí truailleán aeir le haghaidh 2017 agus réamh-mheastacháin astaíochta go dtí 2040 faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), faoin gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Fadraoin Trasteorann (CLRTAP), agus faoi bhráid an AE, de réir na Treorach maidir leis an Teorainn Náisiúnta Astaíochtaí (TNA).

Léirigh na sonraí fardail maidir le hastaíochtaí truailleán aeir le haghaidh 2017 go raibh Éire fós neamh-chomhlíontach maidir le hastaíochtaí amóinia. Is in earnáil na talmhaíochta den chuid is mó a ghintear na hastaíochtaí sin. I rith 2020, beidh ar Éirinn leagan amach ina Clár Náisiúnta deireanach um Rialú Truaillithe Aeir cén chaoi a maolófar astaíochtaí amóinia chun go mbeidh Éire comhlíontach arís.

Tugann na réamh-mheastacháin um astaíochtaí truailleán aeir le fios go mbeidh Éire fós neamh-chomhlíontach leis an teorainn amóinia i gcaitheamh na tréimhse 2018–2030 mura nglacfar bearta breise um maolú. I 2019, thug an Coimisiún Eorpach conradh um athbhreithniú ar réamh-mheastacháin um astaíochtaí truailleán aeir sna Ballstáit faoin Treoir maidir leis an Teorainn Náisiúnta Astaíochtaí. Foilsíodh tuairisc an athbhreithnithe i mí na Samhna agus caighdeán foriomlán na réamh-mheastachán measta mar go maith. Glacfaidh an GCC leis na príomh-mholtaí ón athbhreithniú agus í ag tuairisciú amach anseo.

## Cáilíocht an uisce

### Uisce óil

I rith 2019, d'fhoilsigh an GCC tuarascáil bhliantúil ar cháilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí i 2018 bunaithe ar shonraí monatóireachta ó Uisce Éireann agus rialáil soláthairtí poiblí ag an GCC. Fuarthas sa tuarascáil cé go raibh leibhéal na comhlíonta ard, go raibh méadú tagtha ar bhrath Cripteaspóiridiam agus bhí go leor ceangail píobán luaidhe in aonaid réadmhaoine. Ullmhaíodh tuarascáil bhliantúil na GCC i 2019 ar chaighdeán an uisce óil i soláthairtí poiblí le haghaidh 2018 agus foilseofar ag tús 2020 í.

### Dramhuisce

I mí na Samhna 2019, thuairiscigh an GCC ar chóireáil fuíolluisce i 2018 agus fuarthas amach go raibh beagáinín feabhais tagtha ar chóireáil fuíolluisce, lenar áiríodh deireadh curtha le sceitheadh camrais amh in dhá cheantar. Tarraingíodh aird sa tuarascáil, áfach, ar an bhfíric go raibh ráta an fheabhais ar bhonneagar cóireála fuíolluisce na hÉireann rómhall agus go leor ceantar fós ag scaoileadh fuíolluisce nach raibh cóireáil leordhóthanach déanta air isteach sa timpeallacht.

Rinne an GCC athbhreithniú ar níos mó ná 2,000 cigireacht i rith 2019 a rinne údaráis áitiúla ar chórais tí um chóireáil fuíolluisce (dabhcha séarachais) a chlúdaigh an tréimhse 2017 agus 2018. Sa tuarascáil ar an bPlean Náisiúnta Cigireachta tarraingíodh aird ar ráta teipe leanúnach de thart ar 50 faoin gcéad le haghaidh dabhcha séarachais. Tá na córais lochtacha sin ina mbagairt ar an tsláinte agus is bagairt mhór iad freisin ar chaighdeán an uisce in aibhneacha áitiúla.

### An Chreat-Treoir Uisce

Is iad cuspóirí an Chreat-Treoir Uisce (CTU) ná na huiscí go léir a chosaint ag a bhfuil stádas maith nó ard, meath breise na n-uiscí go léir a chosc, agus uiscí dromchla agus screamhuiscí díghrádaithe a thógáil ar ais go stádas maith.

Foilsíodh an tuarascáil ar Chaighdeán an Uisce in Éirinn 2013-2018 i mí na Nollag 2019 agus tarraingíodh aird inti ar an bhfíric go bhfuil caighdeán an uisce óil imithe i léig ó rinneadh an measúnú roimhe sin i 2015 tar éis tréimhse de chobhsaíocht agus d'fheabhas réasúnta. Tháinig glanlaghdú de 5.5 faoin gcéad ar an iomlán (128 dobharlach) ar chaighdeán na ndobharlach abhann. Chuaigh líon na ndobharlach abhann ag a bhfuil stádas ard i laghad faoi nach mór trian (91 dobharlach) ó rinneadh an mheasúnacht bhonnlíne i 2007-2009. Fuarthas amach go raibh 92% de dhobharlaigh screamhuisce, 80 faoin gcéad d'uiscí cósta, 53 faoin gcéad d'aibhneacha, 50 faoin gcéad de lochanna agus 38 faoin gcéad d'inbhir ar chaighdeán sásúil, áfach.

Sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018–2021 (PBA), a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), leagadh amach na bearta a ghlacfaidh Éire chun 'dea-stádas' éiceolaíoch a bhaint amach i ndobharlaigh. Tá an GCC freagrach as an gclár náisiúnta monatóireachta a chomhordú agus a chur i bhfeidhm, as tabhairt faoi mheasúnachtaí teicniúla agus eolaíochta chun tacú le clár na mbeart sa PBA, agus as tuairisc a thabhairt don AE ar an CTU agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an uisce.

I rith 2019, chuimsigh clár monatóireachta na GCC um aibhneacha, lochanna, uiscí idirchreasa mar inbhir agus uiscí cósta agus screamhuiscí:

- Suirbhéanna éiceolaíochta ar 936 dobharlach abhann, 90 loch agus 200 dobharlach idirchreasa agus cósta.
- Anailís cheimiceach ar 14,408 sampla faoin gCreat-treoir Uisce ó aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta.
- Sampláil agus anailís ar thrí bhabhta de shamplaí screamhuisce ó 272 tobar agus fuarán.

Rinne an GCC tuairiscí ar lochanna aonair freisin le haghaidh lochanna i gCeantair Tosaíochta um Ghníomh agus lochanna tosaíochta eile. Is é cuspóir na dtuarascálacha sin ná faisnéis níos sonraí a thabhairt faoi stádas agus threochtaí ar féidir

a úsáid chun bonn eolais a chur faoi roghnú na mbeart i gceantair a bhfuiltear ag díriú orthu le haghaidh gnímh faoin PBA.

Tá an PBA dara timthrialla le haghaidh na tréimhse 2018-2021 á chur i bhfeidhm, agus táthar ag ullmhú leis an bplean tríú timthrialla a ullmhú le haghaidh 2022-2027. Rinne an GCC dul chun cinn ar an gclár oibre náisiúnta hidreamhoirfeolaíochta (gnáthóg fhisiceach) i 2019. Tugadh chun críche an chéad dréacht den mheasúnacht náisiúnta ar riocht hidreamhoirfeolaíoch le haghaidh níos mó ná 60,000 km d'aibhneacha. Forbraíodh innéacs nua freisin chun hidreamhorfeolaíocht a mheasúnú in uiscí idirchreasa agus cósta.

Cuireann na huirlisí measúnaithe sin feabhas mór ar an eolas ar thionchar na n-athruithe fisiceacha ar dhobharlaigh agus úsáidfidh an GCC iad mar chuid den mheasúnacht chun brúnna a aithint a mbíonn tionchar acu ar dhobharlaigh. Is féidir le raon de chomhlachtaí poiblí na huirlisí measúnaithe a úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar thionchar forbartha nua ar, nó i gcainéil abhann agus chun bearta cuí a fhorbairt um aisghabháil abhann.

Tá an GCC ag nuashonrú samhlacha agus uirlisí measúnaithe chun na hathruithe a léiriú ar thalmhaíocht, fuíolluisce uirbeach, hidreamhorfeolaíocht agus brúnna eile. Ina theannta sin, tá sonraí breathnóireachta domhain á n-iniúchadh maidir le cibé acu an féidir iad a úsáid chun éiceolaíocht lochanna a mheasúnú.

## An Clár Hidriméadrachta

Leanann an GCC de mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar astarraingtí uisce dromchla ar shruthanna aibhneacha agus de shonraí hidriméadracha a chur ar fáil le tacú le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta tuairiscithe, le pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht rioscaí tuilte, dearadh bonneagair agus réimse leathan gníomhaíochtaí eile.


Rinne an GCC 1,998 measúnacht ar leibhéil screamhuisce agus ar leibhéil uisce dromchla agus/nó sreabhadh i láithreáin ar fud na tíre i rith 2019. Sna measúnachtaí sin díríodh go príomha ar líonra láithreáin na GCC/na n-údarás áitiúil, ach freisin cuimsíodh tomhais spriocdhírithe ar shreabhadh áit a raibh gá le sonraí le haghaidh cuspóirí sonracha. Cuireadh minicíocht na gcuairteanna láithreáin in oiriúint do riachtanais an láithreáin agus d'inathraitheacht nádúrtha an chainéil abhann. Tá na sonraí ar fáil le híoslódáil trí leathanaigh ghréasáin HydroNet na GCC: /www.epa.ie/hydronet/. Tugadh chun críche athbhreithniú iomlán ar shreafaí 95-peircintíle don chlár náisiúnta i 2019. Chomh maith leis sin, tosaíodh arís ar thomhais sreafa i stáisiúin hidriméadracha a bhí curtha ar fionraí roimhe sin i gCorcaigh agus i gCiarraí.

D'fhorbair an GCC samhail nua um measúnú agus astarraingt acmhainní uisce (samhail "Qube" an Wallingford Hydrosolution). Baineadh úsáid as chun measúnú a dhéanamh ar bhrú ó astarraingt ar acmhainní uisce ar fud na tíre. Cuimseofar aschuir na hoibre sin i dtréithriú riosca an CTU i 2020. Leanann an GCC uirthi ag plé le hionadaithe earnála agus le húdaráis phoiblí chun clárú breise na n-astarraingtí uisce a spreagadh.


## Cáilíocht an Uisce Snámha

I rith 2019, d'fhoilsigh an GCC an tuarascáil bhliantúil ar uisce snámha ina ndearnadh measúnú ar thorthaí le haghaidh shéasúr na snámha 2018. Tá sonraí faoi mheasúnuithe ar chaighdeán an uisce snámha do 2018 léirithe i bhFíor 7. Tá na hathruithe bliain ar bhliain maidir le caighdeán uisce snámha ó 2014 léirithe i bhFíor 8. Tugadh tuairisc fhoirmiúil don AE i mí na Nollag 2019 ar aighneacht uisce snámha 2019 agus foilseofar í i rith 2020.

**Fíor 7.** Caighdeán an uisce snámha in 2018



**Fíor 8.** Athruithe bliain ar bhliain maidir le cáilíocht uisce snámha ó 2014




## Athrú aeráide

### Fardail astaíochta

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh an GCC sonraí faoi astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) le haghaidh 2018. Leis na sonraí tarraingíodh aird ar an bhfíric nach raibh Éire ar an mbóthar ceart chun a spriocanna um laghdú astaíochtaí a bhaint amach, d'ainneoin laghdú beag ar iomlán na n-astaíochtaí – mar thoradh ar laghdú ar úsáid guail i stáisiún cumhachta Ghob na Muine. Sháraigh Éire a teorainn bhliantúil do 2018 faoi Chinneadh an AE maidir le Comhroinnt Díchill ag coibhéis de níos mó ná 5 mhilliún tona de dhé-ocsaíd charbóin (Mt $CO_2$e), tar éis sáraithe de 3 Mt $CO_2$e i 2017. Lean astaíochtaí ó na hearnálacha Talmhaíochta agus Iompair ar aghaidh ag dul i méid in éagmais beart cuí um maolú.

### Réamh-mheastacháin ar astaíochtaí

D'fhoilsigh an GCC réamh-mheastacháin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, chomh fada le 2040, i mí an Mheithimh 2019 agus béim curtha ar an dóchúlacht nach gcomhlíonfar spriocanna 2020 agus 2030 na hÉireann faoi Chinneadh an AE maidir le Comhroinnt Díchill agus an Rialachán ar Chomhroinnt Díchill atá le teacht. Chuimsigh na Réamh-mheastacháin tionchar réamh-mheasta na mbeart atá fógartha sa Phlean Forbartha Náisiúnta ach tháinig siad roimh Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais. Ní bheidh tionchar réamh-mheasta na mbeart sin soiléir go ndéanfar athmheasúnú ar réamh-mheastacháin i 2020.

## An Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán

Má tá astaíochtaí nó aistriú dramhaíola saoráide os cionn na dtairseach ábhartha, cuireann an tsaoráid faisnéis ar fáil don GCC maidir le méid an scaoileadh truailleán chuig an aer, an uisce agus chuig an bhfuíolluisce chomh maith le haistriú dramhaíola lasmuigh den láithreán. Cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil ar láithreán gréasáin na GCC agus cuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach í le taispeáint ar an gClár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (E-PRTR).

Tar éis sonraí a bhailiú agus a bhailíochtú le haghaidh na bliana tuairiscithe 2017, cuireadh na sonraí E-PRTR faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí an Mhárta 2019. Foilsíodh na sonraí freisin ar láithreán gréasáin na GCC i mí Lúnasa 2019. Cuireadh sonraí forlíontacha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Lúnasa agus i mí na Nollag 2019.

Léiríonn anailís ar shonraí 2017 go raibh méadú tagtha ar líon na saoráidí a bhí ag tuairisciú faoi PRTR. Ar an iomlán, tháinig méadú ar scaoileadh chuig an aer maidir le dé-ocsaíd charbóin, ocsaídí nítrigine, ocsaíd nítriúil, ocsaídí sulfair agus amóinia, agus tháinig laghdú ar scaoileadh meatán agus hidreaclórafluaracarbón. Tháinig méadú ar scaoileadh fosfair, clóirídí, fluairídí agus carbón orgánach go huisce – ó ionaid cóireála fuíolluisce móra i gceantair uirbeacha ach go háirithe. Tháinig méadú ar dhramhaíl ghuaiseach arna seoladh le haisghabháil, lenar áiríodh dramhaíl a seoladh thar lear, agus laghdú ar an méid a seoladh thar lear le diúscairt. Tháinig laghdú ar mhéid na dramhaíola neamhghuaisí a aistríodh um dhiúscairt agus tháinig méadú ar na cainníochtaí le haghaidh aisghabhála.

## Dramhaíl

I 2019, rinneadh nuashonrú ar sé réimse téamach agus staitisticí náisiúnta dramhaíola á dtuairisciú: dramhaíl chathrach (dramhaíl tí agus gnó), tógáil agus scartáil, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL), pacáistiú, feithiclí a bhfuil a ré caite (ELVanna) agus muiríniú agus díleá anaeróbach. Ina

theannta sin, rinneadh nuashonrú ar na hailt faoi bhonneagar dramhaíola, táscairí agus 'dul chun cinn i dtreo spriocanna' leis na sonraí is deireanaí a bhí ar fáil.

Tiomsaíodh sonraí don bhliain tagartha 2017 agus ba iad na príomhthorthaí a tuairiscíodh ná:

- Gineadh díreach faoi bhun 2.8 milliún tona de dhramhaíl cathrach.
- D'fhan an ráta athchúrsála um dhramhaíl cathrach mar an gcéanna ag 40 faoin gcéad.
- Comhlíonadh na spriocanna ábhartha go léir um dhramhaíl phacáistithe, DTLL agus dramhcheallraí.
- Comhlíonadh an sprioc athúsáide & athchúrsála do ELVanna.
- Bhíothas ag brath ar mhargaí onnmhairithe chun dramhaíl iarmhartach & in-athchúrsáilte agus ghuaiseach a chóireáil.

Mar thoradh ar Phacáiste Geilleagair Chiorclaigh an Choimisiúin Eorpaigh i 2018 tá spriocanna uaillmhianacha nua tagtha chun cinn don AE le haghaidh pacáistiú dramhaíola, dramhaíl bia, athúsáid, plaistigh aonúsáide, agus diúscairt líonta talún ar dóchúil go mbeidh siad dúshlánach d'Éirinn.

## Truailleáin orgánacha mharthanacha

Is é atá i dtruailleáin orgánacha mharthanacha (TOManna) ná substaintí a mhaireann sa timpeallacht, a bhithcharnann tríd an mbiashlabhra agus a chuireann sláinte an duine agus/nó na timpeallachta i mbaol. Tá an grúpa sin de thruailleáin tosaíochta déanta suas de lotnaidicídí (mar DDT), ceimiceáin tionscail (mar dhéfheinilí polaclóirínithe (PCBanna) agus fotháirgí neamhbheartaithe ó phróisis tionscail (mar dhé-ocsainí agus fúráin).

Le Rialachán na gComhphobal Eorpach ar TOManna déantar cinnte go gcomhlíonann an t-AE agus Ballstáit gealltanais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta mar Choinbhinsiún Stocólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha. Is í an GCC an comhlacht inniúil chun na sonraí a thiomsú a theastaíonn le haghaidh tuarascálacha faoin Rialachán. De réir Airteagal 12 den Rialachán ceanglaítear ar Bhallstáit tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar tháirgeadh agus úsáid iarbhír TOManna, agus tuairisc a thabhairt gach trí bliana ar chur i bhfeidhm forálacha eile de chuid an Rialacháin (ar a dtugtar go coiteann "Tuarascálacha Airteagal 12"). Bhí an dá thuarascáil ina gceangal i 2019.

Tugadh le fios sa tuarascáil bhliantúil, mar a tugadh sna blianta roimhe, nár táirgeadh aon TOManna d'aon ghnó agus nár cuireadh aon TOManna ar an margadh d'aon ghnó i rith 2018. Sa tuarascáil thríbhliantúil, a chlúdaíonn na blianta 2016–2018 san áireamh, tugadh na léargais lárnacha seo a leanas:

- Bhí leibhéal na TOManna a aimsíodh i dtimpeallacht agus i mbia na hÉireann, a braitheadh mar chuid de na cláir mhonatóireachta tuairiscithe, íseal go ginearálta i gcomparáid le Ballstáit eile agus/nó caighdeáin cheadaithe.
- Lean stoc-chairn de TOManna (i.e. PCBanna) ar aghaidh ag dul i laghad thar thréimhse trí-bliana, mar thoradh go príomha ar ghníomh feabhsaithe ag sealbhóirí an ábhair sin agus gníomhaíochtaí na GCC agus údarás áitiúil um ardú feasachta agus chur chun cinn na comhlíonta.
- Téann méid agus cáilíocht an eolais maidir le TOManna i dtimpeallacht na hÉireann chun feabhais i gcónaí. Sa tuarascáil luadh faisnéis ó chláir dheireanacha um monatóireacht agus thaighde spriocdhírithe, e.g. Monatóireacht faoin gCreat-treoir Uisce, an staidéar bainteach le GAPS agus feachtais ar Dhramhaíl Ghuaiseach Feirme.
- Sa staidéar bainteach le GAPS tugadh tuairisc ar bhrath TOManna i samplaí ó thrí loch Éireannach. Díol suntais é aimsiú leibhéil inchainníochtaithe de Mirex (feithidicíd) i samplaí ó dhá loch mar gur thuairiscigh an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara (DAFM) nach raibh an tsubstaint faofa le húsáid in Éirinn.
- Tá níos mó oibre ag teastáil chun an bonn eolais a fhorbairt maidir le TOManna laistigh de chomhthéacs na hÉireann mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Forfheidhmithe.

## Seirbhísí saotharlainne don chomhshaol

Tugann an GCC faoi anailís saotharlainne chun tacú le cur i bhfeidhm clár monatóireachta, ceadúnú, forfheidhmiú agus an Chreat-treoir Uisce.


Déanann lucht saotharlainne na GCC i gCaisleán an Bharra, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh agus Muineachán, agus an fhoireann samplála i gCorcaigh monatóireacht, anailís agus tuairisciú ar shamplaí a tógadh um fhorfheidhmiú ag saoráidí ceadúnaithe, iniúchadh ar láithreáin éanlaithe agus cóireála fuíolluisce. Freisin déanann na saotharlanna anailís ar shamplaí ó aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí idirchreasa & cósta faoi na Cláir Náisiúnta Monatóireachta don CTU. I rith 2019, rinne na saotharlanna raon d'anailís ar 15,976 sampla. Tá briseadh síos ar uimhreacha na samplacha a ndearnadh anailís orthu in 2019 ar fáil i bhFíor 9.

I 2019 (agus i ngach bliain ó 2016 i leith), bhailigh foireann údarás áitiúil 95 faoin gcéad de shamplaí abhann agus locha CTU ar fud na tíre agus rinne saotharlanna uisce anailís orthu agus rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anailís ar an 5 faoin gcéad eile. Tiocfaidh deireadh leis an socrú sin i 2019, agus déanfaidh an GCC anailís ar gach sampla abhann agus locha ó 2020. Cuirtear na sonraí CTU go léir ar fáil d'údaráis áitiúla chomh maith le hiad a úsáid ag an GCC chun críocha measúnachta faoin CTU. Cé go ndéanann an GCC an obair anailíse faoin CTU, déanann údaráis áitiúla sampláil trí chlár iniúchóireachta arna dhéanamh ag an GCC. I 2019, rinneadh sé cinn déag d'iniúchtaí de réir cheanglais an lámhleabhair ar shampláil CTU de chuid an GCC.

Rinneadh iniúchadh mí na Samhna 2019 ar na saotharlanna aeir, radaíochta agus uisce de réir cheanglais an chaighdeáin nua ISO 17025:2017 ag Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann (INAB). Leis sin cuimsíodh go rathúil na seirbhísí um monatóireacht agus thomhas radaíochta faoi raon feidhme an chreidiúnaithe nua chomhdhlúite ilionaid, aistriú chuig caighdeán nua 2017 agus cuimsiú an scrúdú ar Iomlán an Charbóin Orgánaigh i raon feidhme leathnaithe an chreidiúnaithe. Coimeádadh freisin an raon feidhme solúbtha a deonaíodh do na saotharlanna uisce i 2018 (lenar ceadaíodh leathnú áirithe ar raon feidhme a chreidiúnaithe idir cuairteanna INAB).

Ag deireadh 2018, cuireadh tús le hobair chun Barainneacht a thabhairt isteach chuig na saotharlanna. Tugadh isteach uirlisí barainneacha i 2019 a raibh ina measc mapáil próiseas, spriocanna feidhmíochta um agaí slánúcháin agus cur i bhfeidhm na huirlise 5S um eagrú ionaid oibre le tacaíocht ó crainn taca áitiúla na Barainneachta.

**Fíor 9.** Líon na samplaí, de réir cineáil, a ndearna saotharlanna uisce GCC anailís orthu in 2019




## Monatóireacht ar radaíocht

### Seirbhís tomhaiste radóin

Dúnadh saotharlann na GCC um thomhas radóin ar an 1 Lúnasa 2019. Tar éis beagnach 30 bliain d'oibriú d'éirigh sí as braiteoirí a dhíol ar an 31 Deireadh Fómhair 2018 ach choimeád sí acmhainn ar feadh naoi mí chun braiteoirí a phróiseáil a díoladh go dtí sin. Bunaíodh an tsaotharlann ar dtús mar sheirbhís um thomhas radóin don phobal agus d'fhostóirí ag am nuair nach raibh aon saotharlann eile in Éirinn ag soláthar na seirbhíse ach tá roinnt seirbhísí um thomhais tráchtála bunaithe idir dhá linn. Feidhmíonn an GCC scéim chlárúcháin le haghaidh na seirbhísí sin, lena ngabhann ceanglais maidir le cruthúnas inniúlachta, comhlíonadh maidir le cáin agus árachas cuí.

### Seirbhís calabrúcháin uirlisí

Tacaíonn Seirbhís Calabrúcháin Uirlisí na GCC le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus ar shábháilteacht radaíochta san ionad oibre trí sheirbhís chreidiúnaithe chalabrúcháin a chur ar fáil le haghaidh réimse uirlisí um chosaint ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, méadair éillithe agus dáileogmhéadair leictreonacha phearsanta.

Lean an tseirbhís lena cláir le linn na bliana chun uirlisí na GCC, Óglaigh na hÉireann agus na Cosanta Sibhialta a chalabrú mar aon le huirlisí custaiméirí tráchtála sna hearnálacha leighis, tionsclaíocha agus oideachais. I 2019, rinne an tsaotharlann uasghrádú ar threalamh agus chaighdeáin tagartha, ghlac sí páirt i scéimeanna idirchomparáide idirnáisiúnta agus iniúchadh ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) chun a stádas a chomhdhlúthú mar an t-aon saotharlann dáileogmhéadrachta Caighdeáin Thánaistigh in Éirinn. Rinneadh dul chun cinn ar obair chun an tseirbhís a shruthlíniú agus a nuachóiriú, aistríodh chuig córas áirithinte gan pháipéar le haghaidh uirlisí trí chóras ar líne a thabhairt isteach um bainistíocht faisnéise saotharlainne.

### Seirbhísí radanailíseacha

Tomhaiseann an GCC radaighníomhaíocht i réimse leathan bia-ábhar agus samplaí comhshaoil. Tugtar faoin obair mar thacaíocht do chlár na GCC um monatóireacht ar radaighníomhaíocht chomhshaoil agus ar bhonn conartha do chliaint sheachtracha.

Chuimsigh na seirbhísí anailíseacha ar conradh don bhliain 2019 na gnéithe seo a leanas:

- Tástáil ar tháirgí na hÉireann um chomhlíonadh le ceanglais na dtíortha allmhairithe.
- Tástáil ar uisce óil um chloí le ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach.
- Tástáil ar scrúduithe cuimilte ar tugadh fúthu ar fhoinsí radaighníomhacha.
- Tástáil ar shamplaí dreideáilte um chloí le ceanglais an Achta ar Dhumpáil san Fharraige 1996, mar atá leasaithe.

Tástáladh 672 sampla ar an iomlán le linn 2019.

Ba é a bhí i gceist leis an gclár monatóireachta radaíochta i 2019 ná sampláil agus tástáil i gcomhair radaighníomhaíochta san aer, in uisce óil, ithir, uisce farraige, feamainn, dríodair, iasc, sliogiasc, cothú measctha agus bia-ábhair eile chomh maith le tomhas leanúnach ar ráta comhthimpeallach na dáileoige gáma i stáisiúin monatóireachta seasta ar fud na tíre. Lean an clár náisiúnta ar fhaireachán radaighníomhaíochta in uisce óil ar aghaidh in 2019. Rinneadh anailís ar 780 sampla san iomlán le haghaidh clár monatóireachta éagsúil i rith na bliana. Léirigh torthaí na monatóireachta sin cé go bhfuil leibhéil na radaighníomhaíochta i dtimpeallacht na hÉireann inbhraite fós, tá siad íseal agus ní mór an baol iad do shláinte an duine.

Freisin tacaíonn an GCC le tionscal an bhia agus na talmhaíochta in Éirinn trí mheasúnacht ar stádas na radaighníomhaíochta i mbianna Éireannacha. Tá an mheasúnacht sin mar bhonn chun radaighníomhaíocht a dheimhniú i dtáirgí le honnmhairiú tar éis thimpiste Chernobyl i 1986. Eisíodh 4,256 teastas táirge in 2019

### An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Déanann an GCC an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta a reáchtáil, agus cuidiú á fháil ó Met Éireann, Óglaigh na hÉireann, údaráis áitiúla agus institiúidí tríú leibhéal. Tá an líonra trealaimh sin lonnaithe ar fud na tíre. Má bhíonn teagmhas tromchúiseach i ngléasra núicléach thar lear, dearadh é d'fhonn radaighníomhaíocht in Éirinn a bhrath ina dhiaidh.

Tá cúig mhonatóir déag ar an ráta dáileoige sa líonra faoi láthair a sheolann sonraí gníomhacha chuig suíomh gréasáin na GCC, an Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta don Fhuinneamh Adamhach. Déanann cúig ghléas an radaighníomhaíocht a ghabhann scagairí aerasóil a thomhas agus sonraí gníomhacha a sheoladh chuig an GCC le go ndéanfar anailís orthu. Tá seacht samplóir aerasóil agus deich ngléas bailithe báistí sa bhreis ann a dhéanann samplaí a bhailiú i rith an ama le go ndéanfar anailís as líne orthu sa GCC.

Rinneadh uasghrádú ar bhonneagar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an líonra le linn 2019. Mar ullmhúchán d'athnuachan an líonra sna blianta atá le teacht, rinneadh tástáil ar threalamh allamuigh nuashonraithe, i gcomhairle le heagraíochtaí ósta.



Monatóirí sa Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

### Radaíocht neamh-ianúcháin

I mí na Bealtaine 2019, sannadh freagrachtaí reachtúla don GCC a bhaineann le teacht an phobail faoi radaíocht neamhianúcháin, taobh istigh den raon minicíochta ar a dtugtar Réimsí Leictreamaighnéadacha (EMF).

Níor cruthaíodh éifeachtaí díobhálacha sláinte ar bith mar gheall ar theacht faoi EMF ar leibhéil níos lú ná iad a thugtar i dtreoirlínte idirnáisiúnta, faoi mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (ICNIRP). Tá tacaíocht á tabhairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Coimisiún Eorpach do threoirlínte an ICNIRP. Is iad earraí amhail fóin phóca agus gléasanna leictreacha a dhéanann réimsí leictreamaighnéadacha a ghiniúint. Níltear ag súil le go dtiocfaidh méadú ar theacht an phobail faoi réimsí leictreamaighnéadacha ar leibhéil atá gar do na luachanna atá tugtha ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin de thoradh ar an bhfeidhm atá á baint as teicneolaíochtaí 5G ar fud na hÉireann. Mar sin féin, cúis imní do chuid den phobal a bhí in úsáid na teicneolaíochta 5G le linn 2019, agus vótáil údaráis áitiúla áirithe ar son deireadh a chur leis an teicneolaíocht a chur i bhfeidhm ar bhonn áitiúil. Mar iarracht ar cheisteanna dhaoine maidir le 5G a fhreagairt agus an tionchar a imríonn an teicneolaíocht sin ar an tsláinte, cuireadh inneachar úr a théann i ngleic le teicneolaíochtaí 5G le suíomh gréasáin na GCC:*www.epa.ie/radiation/emf/whatisemf/rf/newrftechnologies-5g/*

Le linn 2019, rinneadh toisí suímh gar do bhonneagar nuashuiteáilte 5G ar Ché Hanover i mBaile Átha Cliath, i comhar le cuideachta creidiúnaithe tomhaiste réimsí leictreamaighnéadacha. Tá na toisí sin ar na chéad toisí den chineál sin ar 5G atá déanta ag an GCC

Thug na torthaí na nithe seo a leanas le fios:

- Go raibh leibhéil na réimsí leictreamaighnéadacha a tomhaiseadh sa cheantar iontach íseal.
- Nuair a tomhaiseadh leibhéil na réimsí leictreamaighnéadacha agus an teicneolaíocht 5G curtha ar siúl, go raibh na leibhéil sin inchurtha leis na leibhéil a bhí ann nuair a bhí an 5G múchta agus inchurtha le leibhéil na réimsí leictreamaighnéadacha a fhaightear go coitianta i gceantair uirbeacha.
- Go raibh leibhéil na réimsí leictreamaighnéadacha a tomhaiseadh thart ar 2 volta in aghaidh an mhéadair (V/m) – i bhfad níos ísle ná 28 V/m, an leibhéal tagartha is sriantaí atá socraithe ag an ICNIRP.

## Monatóireacht agus Tuairisciú ar Éiceachórais

Sa Treoir athbhreithnithe um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (NEC) (2016/2284), ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar monatóireacht ar na hiarmhairtí diúltacha ar éiceachórais de thoradh ar aerthruailliú. Caithfear an mhonatóireacht sin a bhunú ar líonra suíomhanna atá ionadaíoch do ghnáthóga úruisce, nádúrtha agus leath-nádúrtha agus do chineálacha éiceachórais foraoise, agus cur chuige a chur i bhfeidhm a bheidh cost-éifeachtúil agus bunaithe ar riosca. Aithníodh go raibh líonra foirmiúil in easnamh sa Treoir athbhreithnithe um Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta, agus gur gá líonra fadtéarmach a chur ar bun d'fhonn measúnú díreach a sholáthar ar iarmhairtí an aerthruaillithe ar éiceachórais.

Cuireadh liosta de na suíomhanna molta le haghaidh monatóireachta faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i 2018, agus mar chuid de sin moladh na cineálacha suíomhanna seo a leanas d'Éirinn:

- Talamh portaigh ardaithe – suíomh amháin.
- Talamh féaraigh – suíomh amháin.
- Foraoiseacht (Leibhéal II – monatóireacht mhionsonraithe) – dhá shuíomh.
- Foraoiseacht (Leibhéal I – monatóireacht thréimhsiúil) – 35 suíomh.
- Lochanna Aigéadacha – trí shuíomh.

Thug an Coimisiún faoi athbhreithniú ar aighneachtaí na tíre agus thug aiseolas i Samhain 2019 maidir leis na suíomhanna monatóireachta a moladh agus na paraiméadair a ndéanfar monatóireacht orthu. Mar achoimre, chuir an t-aiseolas an méid seo a leanas in iúl:

- Bheadh sé úsáideach suíomhanna breise monatóireachta a bheith ann, a bheadh ionadaíoch do ghnáthóga féarthailte agus tailte portaigh.
- Ba cheart a mheas ar cheart eochairpharaiméadair bhreise thalún a chur san áireamh.

Cuireadh na sonraí monatóireachta a bhí ar fáil do na suíomhanna a aithníodh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh roimh an spriocdháta tuairiscithe in Iúil 2019. Tá an Coimisiún Eorpach ag tabhairt faoi athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí a cuireadh isteach agus táthar ag súil le go mbeidh torthaí an mheasúnaithe sin ar fáil in Aibreán 2020.


## Torann

Sa Treoir maidir le torann comhshaoil, ceanglaítear ar na Ballstáit léarscáileanna torainn straitéiseacha agus pleananna gníomhaíochta le torann a bhainistiú a ullmhú agus a fhoilsiú gach cúig bliana.

Is é an GCC an t-údarás náisiúnta atá ann le forfheidhmiú na Treorach a mhaoirsiú. Tá feidhmeanna maoirseachta, comhairleacha agus comhordaithe i gceist leis an ról sin maidir le léarscáiliú torainn agus pleanáil gníomhaíochta, mar aon leis na ceanglais tuairiscithe éagsúla sa Treoir.

Le linn 2019, cuireadh tús le Babhta-4 den léarscáiliú torainn, agus baineadh úsáid as an modheolaíocht chomhchoiteann measúnaithe agus múnlaithe torainn (CNOSSOS-EU). Beidh ullmhúchán agus ionchur suntasach breise, de dhíth leis na modhanna nua measúnaithe seo, treorú san áireamh, le cinntiú go ndéanfar an chéad bhabhta eile léarscáileanna a sholáthar i 2022.

Chruthaigh an GCC meiteashonraí do thacair sonraí a chuimsíonn torann, i gcomhréir le Treoir INSPIRE. Chomh maith leis sin, chuir an GCC tuairisc ghearr faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) a bhain le cur chuige na gníomhaireachta sin i leith léarscáiliú torainn thionsclaíoch Bhabhta 3.




Léarscáiliú torainn Bhabhta 3

Cuireadh tús le léarscáiliú torainn Bhabhta 4 le linn 2019 fosta. Tá sé sin ar siúl agus úsáid a baint as an modheolaíocht chomhchoiteann measúnaithe agus múnlaithe torainn. Beidh ullmhúchán agus ionchur suntasach breise de dhíth leis na modhanna nua measúnaithe seo, treorú nua a fhorbairt san áireamh, le cinntiú go ndéanfar an chéad bhabhta eile léarscáileanna a sholáthar i 2022.

D'eagraigh an GCC ceithre chruinniú den Ghrúpa Stiúrtha Torainn END agus ceardlann d'údaráis áitiúla ar phróiseas léarscáiliú torainn Bhabhta 4.



**Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh ag an eolaíocht níos mó agus níos mó. Tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le brúnna a aithint, bonn eolais a chur faoi bheartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt trína chlár taighde.**

## 3.2 TAIGHDE


Tá freagracht reachtúil ar an GCC as taighde comhshaoil in Éirinn a chomhordú. Is mór an cuidiú é an taighde seo ionas go ndéanfaidh Éire na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ar an tír ag leibhéal an AE agus na Náisiún Aontaithe a shásamh, agus chun dul i ngleic leo, sna réimsí seo: an t-athrú aeráide, cáilíocht an uisce, cáilíocht an aeir, an inbhuanaitheacht, sláinte agus an comhshaol, agus an bhithéagsúlacht.

Cuireann taighde ar an gcomhshaol atá maoinithe ag an GCC tacaíocht eolaíochta riachtanach ar fáil d'fhorbairt beartais comhshaoil, dá chur i bhfeidhm agus do chinnteoireacht níos leithne chomh maith. Ó 1994 ar aghaidh, thug an GCC maoiniú do thaighde a chuir lenár dtuiscint náisiúnta ar an gcomhshaol, na dúshláin a bhíonn roimhe agus freagraí ar na dúshláin sin. Tá acmhainn taighde ar ardchaighdeán forbartha ag an ngníomhaireacht chomh maith, agus tacaíocht tugtha do nuálaíocht a bhfuil meas idirnáisiúnta uirthi.

### Dámhachtainí nua i 2019

I 2019, gheall an GCC €10 milliún le tionscadail nua taighde a mhaoiniú mar chuid dá ghairmeacha iomaíocha ar thaighde. Fuarthas cómhaoiniú do Ghairmeacha Taighde GCC 2019 i réimsí comhleasa ó sheacht gcomhlacht stáit: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foras na Mara, Oifig na nOibreacha Poiblí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Met Éireann, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus Scéimeanna Comhlíontachta WEEE (WEEE Éireann agus Clár Athchúrsála na hEorpa).

Faoi Ghairmeacha Taighde GGC 2019, bronnadh 27 dámhachtain san iomlán (14 ar aeráid, 8 ar inbhuanaitheacht agus 5 ar uisce). Lena chois sin, fuair 28 imeacht aistrithe eolais tacaíocht airgeadais mar chuid den Deontas Tacaíochta Imeachtaí. Tá níos mó sonraí ar fáil ag: *www.epa.ie/researchandeducation/research/epafunding/researchawards/*.






## Bainistíocht agus cumarsáid taighde

Rinne an GCC bainistíocht ar 280 tionscadal taighde i 2019 atá ar siúl go fóill, chomh maith le 43 tuarascáil nua taighde a fhoilsiú atá tugtha i liosta in Aguisín 6.3 agus atá ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na GCC: *www.epa.ie/researchandeducation/research/researchpublications/researchreports/*.


I mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2019, reáchtáil an GCC sraith taispeántas taistil ar glacadh go maith leo in institiúidí tríú leibhéal Éireannacha chun an clár taighde a chur chun cinn agus chun idirghníomhaíocht níos leithne a spreagadh.

I Meán Fómhair 2019, d'fhoilsigh an GCC na torthaí a tháinig as athbhreithniú neamhspleách feidhmíochta ar an gClár Taighde ar thug Indecon International Economic Consultants (Sainchomhairleoirí Eacnamaíocha Indecon Idirnáisiúnta) faoi. Tháinig anailís Indecon ar an gconclúid go bhfuil Clár Taighde na GCC ag teacht leis na cuspóirí náisiúnta atá leagtha amach le haghaidh taighde comhshaoil, go raibh an clár struchtúrtha mar is cuí agus go bhfuil tacaíocht tugtha ag an gclár do thaighde suntasach i réimse an chomhshaoil a chuireann in iúl gur dócha go mbainfidh an Clár Taighde a phríomhchuspóirí amach. Rinne Indecon seacht moladh uileghabhálacha a dearadh chun cuidiú leis an GCC bunús fianaise a bheith aige le tionchair an Chláir Thaighde a thomhas agus le tionchair an Chláir a fheabhsú:

1. Cuir córais i bhfeidhm chun eolas a dhéanamh do chinntí gearrthéarmacha a bhaineann le polasaí
2. Ardaigh an infheistíocht a dhéantar i dtorthaí an taighde a chur chun cinn agus a scaipeadh
3. Athraigh gnéithe den phleanáil agus monatóireacht don chéad chlár eile
4. Tabhair isteach mionleasú ar riarachán an chláir
5. Cothaigh níos mó comhoibrithe leis an bhfiontraíocht
6. Smaoinigh ar thacaíocht le haghaidh Tionscadail thábhachtacha taighde ar mhórscála
7. Réitigh an bealach le go mbeidh baint níos mó ann le Clár an AE don taighde agus don nuálaíocht

## Naisc náisiúnta

Bhí Taighde GCC gníomhach i ngníomhaíochtaí náisiúnta maidir le Nuálaíocht 2020 – straitéis cúig bliana na hÉireann faoi thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Leagtar amach plean oibre i Nuálaíocht 2020 don dul chun cinn leanúnach ionas go mbeidh Éire ina ceannaire nuálaíochta domhanda, ag cur eacnamaíocht inbhuanaithe agus sochaí níos fearr chun cinn. I 2019, foilsíodh an ceathrú tuarascáil ar dhul chun cinn le haghaidh Nuálaíocht 2020, agus sa tuarascáil sin cuimsíodh gníomhaíochtaí ó chlár taighde na GCC.




## Comhordú taighde

Tá trí ghrúpa náisiúnta ag an GCC le taighde a chomhordú a bhíonn ag díriú isteach ar inbhuanaitheacht, uisce agus aeráid. Déanann na líonraí sin: comhordú agus sineirgí idir eagraíochtaí ábhartha trasearnála maoinithe a éascú agus a chur chun cinn, bearnaí eolais a shainaithint, chomh maith le deighilt agus/nó dúbláil a laghdú sa taighde comhshaoil in Éirinn. Bhí cruinniú ag na grúpaí comhordaithe taighde trí huaire le linn 2019.

Sa Phlean Náisiúnta um Maolú, tugtar gníomh don Ghrúpa Comhordaithe ar Thaighde Aeráide tuarascáil bhliantúil a ullmhú i dtaca lena chuid gníomhaíochtaí. Foilsíodh an chéad tuarascáil bhliantúil leis i Meitheamh 2019: *www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/climateresearchcoordinationgroupreport.html*.




## Comhpháirtíochtaí straitéiseacha

Bronnadh dhá dhámhachtain déag i 2019 faoi scéim scoláireachta iarchéime 2018/2019 na GCC agus na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Thoiligh an GCC cómhaoiniú a sholáthair do chlár na Fondúireachta Eolaíochta Éireann, 'Frontiers for the Future', agus do Ghlaoch 2019 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Lean an GCC de bheith ag obair go dlúth leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus tugadh maoiniú do sheacht dtionscadal faoi chéim 2 de chlár taighde na hinstitiúide sin i 2019. Foilsíodh an tuarascáil dheireanach ó Chéim 1 de Chreatlach Taighde na GCC agus na Institiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i 2019: *www.epa.ie/researchandeducation/research/researchpublications/researchreports/research295.html*

## Naisc idirnáisiúnta

Tá an GCC go fóill ina ról mar Thoscaire Náisiúnta agus Pointe Teagmhála le tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí agus iad ag ullmhú tograí faoi chlár an AE 'Fís 2020 Dúshlán Sochaíoch 5'. Bhí na torthaí do Chlár Oibre 2019 iontach maith agus tarraingíodh anuas níos mó ná €7m do thaighdeoirí Éireannacha, a fhágann gur tarraingíodh anuas chóir a bheith €25m ó cuireadh tús le Fís 2020.

Ghlac an GCC páirt ghníomhach sna cásanna seo a leanas:

- Líonra BiodivERsA: inar bronnadh ceithre thionscadal thrasnáisiúnta in 2019 in éineacht le comhpháirtithe Éireannacha ar an topaic Bithéagsúlacht agus sláinte. Ina theannta sin, gheall an GCC €0.5 milliún maoinithe do Chomh-Ghairm 2018-2019 BiodivERsA ar an mBithéagsúlacht agus Athrú Aeráide, agus €150,000 cómhaoinithe sa bhreis ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
- An Comhthionscnamh Clárúcháin um Uisce: inar bronnadh ceithre thionscadal thrasnáisiúnta in 2019 in éineacht le comhpháirtithe Éireannacha ar an topaic bainistíocht inbhuanaithe uisce.
- An Comhthionscnamh Clárúcháin ar Aeráid: inar bronnadh tionscadal amháin in 2019 le comhpháirtithe Éireannacha ar an topaic iarmhairtí trasearnála ón athrú aeráide. Tá €0.5 milliún de mhaoiniú geallta ag an GCC do Ghlao Comhpháirteach 2019-2020 an Chomhthionscnaimh Aeráide maidir le claochlú sochaíoch (SOLSTICE). Ghlac an GCC páirt ghníomhach sa Chomhthionscnamh Clárúcháin ar an Aeráid, agus bhí eolaí sinsearach ón GCC ina chathaoirleach ar thionscnamh an chláir.
- CONCERT-Clár Comhpháirteach Eorpach d'fhonn Taighde maidir le Cosaint ar Radaíocht a Chomhtháthú: ina raibh Éire páirteach in dhá thionscadal de chuid CONCERT, 'PODIUM' agus 'VERDIC', a lean ar aghaidh i 2019

Chomh maith leis sin, ghlac an GCC páirt in ShARE 5, clár taighde do ghníomhaireachtaí. Is creat solúbtha é ShARE le haghaidh taighde agus comhoibriú fianaise idir an cúig ghníomhaireacht comhshaoil in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá an GCC ag leanúint ar aghaidh den chomhpháirtíocht le Coimisiún Fulbright mar chuid dá Ghlao in 2019 (dámhachtainí le bronnadh in 2020).



# Eolas saincheaptha a chur ar fáil go tráthúil chun freastal ar shainriachtanais ghrúpaí pháirtí leasmhair

## 3.3 EOLAS TRÁTHÚIL AGUS INROCHTANA

An bailiú sonraí agus an bhainistíocht agus anailís ar shonraí a dhéanann an GCC, tugann siad sin éifeachtúlacht don GCC agus dóibh siúd atá á rialáil aige. Déanann an GCC monatóireacht agus tuairisciú ar chomhshaol na nÉireann agus ar eintitis rialáilte, a chuireann leis na feidhmeanna bailithe sonraí atá aige. Cuireann an GCC faisnéis neamhspleách atá bunaithe ar thaighde ar fáil, ar bhealach oscailte follasach, a chuireann bonn eolais faoin gcinnteoireacht a dhéanann réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear rialtas, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí stáit, earnáil na tionsclaíochta agus an pobal. Cuirtear faisnéis ar fáil go tráthúil ar bhealach tráthúil agus sothuigthe, áiseanna ar líne den chuid is mó.

### Áiseanna ar líne

#### Comhshaol na hÉireann

Cuireann acmhainn Chomhshaol na hÉireann, ar an ngréasán (*www.epa.ie/irelandsenvironment*) sonraí comhshaoil ar fáil ar ardán soláimhsithe. Tá faisnéis ar fáil i bhformáidí sothuigthe, físeáin, cairteacha, grafaicí faisnéise agus bileoga eolais san áireamh, iad curtha le chéile faoi ocht dtéama i réimse an chomhshaoil: aer, aeráid, uisce, dramhaíl, dúlra, talamh agus ithir, comhshaol agus folláine, agus eacnamaíocht inbhuanaithe.

Rinneadh uasdátú ar an acmhainn ghréasáin go rialta le linn 2019, ar leathanaigh na dtáscairí comhshaoil agus na faisnéise, faoi mar a cuireadh sonraí nua ó thuarascálacha foilsithe ar fáil.


#### Cáilíocht an aeir

Rinneadh uasdátú ar leathanaigh ghréasáin na GCC a bhaineann le cáilíocht an aeir (*www.epa.ie/air/quality*) i 2019 chun tuilleadh faisnéise maidir le cáilíocht an aeir san fhíor-am a thaispeáint, an fhaisnéis sin faighte ó líonra náisiúnta monatóireachta atá leathnaithe go mór. Tá Innéacs Cáilíochta Aeir don tSláinte (AQIH) ar an acmhainn ghréasáin seo a aistríonn sonraí a tomhaiseadh chuig scála a chuireann in iúl chomh maith nó chomh holc agus atá cáilíocht an aeir. Tá an scála nasctha le comhairle sláinte don phobal agus dóibh siúd atá leochaileach roimh dhroch-cháilíocht aeir. Chomh maith leis an suíomh gréasáin, tá fotha Twitter againn, *@EPAAirQuality*, a choinnigh an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht an aeir ina réigiún AQIH féin.

Chuir an GCC sonraí fíor-ama ar fáil le haghaidh truailleáin roghnaithe aeir don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) le taispeáint ar léarscáileanna cáilíochta aeir na hEorpa.

#### Fardail agus meastacháin ar astaíochtaí

I 2019, forbraíodh acmhainn ghréasáin nua maidir le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa (*www.epa.ie/ghg*) a thugann sonraí fardail agus meastacháin le chéile i bhformáid atá comhtháite agus soléite. Chomh maith leis na sonraí is úire a sholáthar, tá cartlann mar chuid den acmhainn ina bhfuil tuarascálacha agus foilseacháin stairiúla, eolas ar staid na hÉireann ó thaobh dhualgais idirnáisiúnta na tíre de, agus rannán chun dul i ngleic le ceisteanna coitianta. Cruthaíodh grafaic fhaisnéise le haird a dhíriú ar na gníomhaíochtaí ar féidir linn a ghlacadh ar leibhéal náisiúnta agus mar dhaoine aonair. Rinneadh bileog eolais achomair le spléachadh ar na príomhtheachtaireachtaí a chur ar fáil.




Acmhainn ghréasáin le haghaidh fardal agus meastacháin náisiúnta ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa

## Radón

Is é an GCC go príomha a thugann eolas agus treorú do pháirtithe leasmhara maidir le gás radóin. Le linn 2019, bhí comhairle chuiditheach chúntach phraiticiúil ar fáil ar an acmhainn ghréasáin i dtaca le radón (*www.epa.ie/radon*) a bhain le tástáil agus leasúchán radóin do shealbhóirí tí, gnólachtaí agus gairmithe tógála. Breathnaíodh ar leathanaigh a bhaineann le radón chóir a bheith 100,000 uair le linn 2019. Lena chois sin, tá uimhir shaorghlao le comhairle a fháil faoi radón á cur ar fáil ag an GCC 24 uair an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain.

## Staitisticí náisiúnta ar dhramhaíl

Tá na sonraí dramhaíola is úire d'Éirinn á gcur ar fáil i gcónaí ar leathanach na Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola (*www.epa.ie/nationalwastestatistics/*) ar acmhainn ghréasáin na GCC. Le linn 2019, foilsíodh eisiúintí sonraí le haghaidh réimse sruthanna dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl bhardais, pacáistiú, guaiseach, múiríniú, dramhaíl leictreach agus trealamh leictreonach (WEEE), chomh maith le dramhaíl tógála agus scartála. Chomh maith leis sin, rinneadh na rannáin ar bhonneagar dramhaíola, táscairí agus 'dul chun cinn ar spriocanna' a uasdátú i bhfianaise na sonraí is úire a bhí ar fáil.

Tá anailís atá cothrom le dáta ar thréithriú dramhaíola riachtanach d'fhonn tuairisciú staitistiúil a fheabhsú agus le heolas a dhéanamh do pholasaí. Chun cur leis an staidéar ar thréithriú dramhaíola bardais a foilsíodh i 2018, (*www.epa.ie/pubs/reports/waste/wastecharacterisation*), rinneadh dhá thionscadal tréithrithe eile i 2019 inar pléadh bruscar agus dramhaíl ó scuabadh sráide. Beidh torthaí na dtionscadal sin ar fáil go luath in 2020.

Cuireadh staitisticí náisiúnta don bhliain tagartha 2017 maidir le hathúsáid agus athchúrsáil agus athúsáid agus téarnamh feithiclí a bhfuil a ré caite (ELVanna), maidir le WEEE agus maidir le pacáistiú faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh tríd an RCGAC.

## Cáilíocht an uisce

Tá foinse aonair sonraí agus faisnéise maidir le cáilíocht an uisce in Éirinn á cur ar fáil i gcónaí ar an suíomh gréasáin poiblí atá ag an gCreat-Treoir Uisce (WFD) (*www.catchments.ie)*. Tá léarscáileanna, deaiseanna, treochtaí agus cairteacha ar fáil go poiblí do chóir a bheith 5,000 comhlacht uisce. Seolann an GCC an nuachtlitir 'Catchments Newsletter' chuig breis agus 3,000 síntiúsóir ríomhphoist, grúpaí áitiúla agus daoine aonair.

Cuireann an GCC sonraí hidriméadracha ar fáil maidir le sreafaí abhann agus leibhéil lochanna agus screamhuisce chun tacú le hacmhainní uisce, bainistíocht riosca i gcás tuilte agus roinnt gníomhaíochtaí eile. Tá na sonraí ar fáil le léamh agus le híoslódáil ar leathanaigh ghréasáin HydroNet na GCC: *www.epa.ie/hydronet/.*

## Uisce óil

Is éard atá i Liosta Gníomhartha Feabhsúchain (RAL) na GCC ná liosta de na soláthair uisce phoiblí a mbaineann na fadhbanna is measa leo. Ní mór gníomhaíocht a dhéanamh ag na soláthairtí chun an baol a d'fhéadfadh a bheith ann ar cháilíocht an uisce a laghdú. Déantar uasdátú ar an RAL gach ráithe (www.epa.ie/water/dw/ral/) agus tugtar suíomh gach soláthair, an chúis a bhfuil an tsoláthar sin ar an RAL agus an dáta atá beartaithe faoina mbeidh na hoibreacha feabhsúcháin curtha i gcrích.

## Dramhuisce

Liosta de na ceantair ina bhfuil tionchar ag an doirteadh fuíolluisce ar an gcomhshaol nó ceantair nach bhfuil ag comhlíonadh na mbunchaighdeán is ea Liosta Tosaíochta Ceantar Uirbeach na GCC. Tá eolas maidir le Liosta Tosaíochta Ceantar Uirbeach na GCC ar fáil fosta ar Léarscáileanna Cóireála Camrais na GCC: *https://gis.epa.ie/EPAMaps/SewageTreatment*.

## Tránna

Cuireann an acmhainn ghréasáin maidir le tránna (*www.beaches.ie)* faisnéis ar fáil faoi cháilíocht an uisce snámha cois tránna agus i lochanna na hÉireann. Tugann an suíomh réimse faisnéise snámha, an cháilíocht uisce le gairid ag an trá atá á fiosrú, srianta snámha atá i bhfeidhm, agus faisnéis aimsire agus taoide. Déantar uasdátú go rialta ar an suíomh le linn an tsamhraidh de réir mar a chuirtear torthaí monatóireachta ó údaráis áitiúla ar fáil. Cuirtear mionsonraí ar theagmhais truaillithe agus bearta feabhsúcháin ar fáil fosta ar fhotha tiomnaithe Twitter (@*EPABeaches*).

## An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Tá an GCC i mbun Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta a bhfuil trealamh ann atá lonnaithe ar fud na tíre. Má tharlaíonn teagmhas tromchúiseach i ngléasra núicléach thar lear, dearadh an trealamh sin d'fhonn radaighníomhaíocht in Éirinn a bhrath, má bhíonn a leithéid ann. Tá sonraí gníomhacha ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC: *www.epa.ie/radiation/monassess/mapmon/*.





Monatóireacht ar ráta dáileoige na gámaradaíochta comhthimpeallaí ar Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman



## Radaíocht neamh-ianúcháin

I 2019, d'fhoilsigh an GCC leathanaigh thiomnaithe ghréasáin inar leagadh amach a ról i measc gníomhaireachtaí eile stáit, chomh maith le heolas don phobal ar réimsí leictreamaighnéadacha agus a n-éifeachtaí sláinte: *www.epa.ie/radiation/emf/*.




## Acmhainní Mapála GeoPortal agus Tionscnaimh Shonraí Oscailte

Leanadh de Chlár Sonraí Oscailte na GCC le linn 2019. Go dtí seo, tá 296 tacar sonraí spásúil de chuid na GCC foilsithe, agus breathnaíodh air breis agus 38,000 uair. Is é atá i gceist le coincheap na Sonraí Oscailte ná sonraí atá ag comhlachtaí poiblí a bheith ar fáil ar bhealach a bhfuil teacht orthu go héasca ar líne gur féidir iad a athúsáid agus a athdháileadh.

Chuir an GCC sonraí oscailte leis na Comhéadain Feidhmchláir (API) le go gcuimseofaí Uisce Snámha, an Chreat-treoir Uisce agus Gléasraí Meánacha Dócháin. Is bealach é an API chun sonraí oscailte a phacáistiú ionas gur féidir le feidhmchláir sonraí oscailte agus forbróirí iad a úsáid go réidh. Tá na APInna ar fáil ar: *https://data.epa.ie/*. Cuirfear API nua na GCC ar an leathanach seo ionas gur féidir le forbróirí sonraí oscailte teacht ar API sonraí oscailte na GCC go léir in aon áit amháin.

## An Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán

I gClár Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán na hÉireann (PRTR) (*http://prtr.epa.ie/map/default.aspx*) tá bunachar sonraí á chur ar fáil go poiblí ar féidir é a rochtain agus a chuardach. Is féidir leis an bpobal é sin a úsáid chun cuardach a dhéanamh le haghaidh saoráidí in Éirinn atá ag scaoileadh truailleán ar leibhéil a sháraíonn tairseacha sonraithe, nó a dhéanann aistrithe seachtracha dramhaíola ar leibhéil a sháraíonn tairseacha sonraithe do dhramhaíl ghuaiseach agus neamhghuaiseach. Déanann an clár ceanglais Choinbhinsiún Aarhus a chomhlíonadh fosta, óir bealach simplí atá ann eolas a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí agus aistrithe i réimse an chomhshaoil.



## Ceadúnú agus Ceadú

Mar pháirt de pholasaí na GCC i leith na hoscailteachta agus na follasachta, agus i gcomhréir leis an Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis na Rialacháin Chomhshaoil agus rialacháin éagsúla a cheadúnaithe/cheada, tá comhaid cheadúnaithe ar fáil don phobal ar mhaithe lena n-iniúchadh. D'fhonn rochtain níos fearr a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad, cuireann an GCC comhaid iarratais agus doiciméid ábhartha ar taispeáint gur féidir leis an bpobal féachaint orthu.

Tá faisnéis ar iarratais maidir le Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPC) agus Astaíochtaí Tionsclaíochta (IE) a fuarthas ó Nollaig 2004, chomh maith le gach tuairisc de chuid na gcigirí agus na ceadúnais a eisíodh go dtí seo, ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC: *www.epa.ie/terminalfour/ippc/index.jsp*. Ó Nollaig 2017 ar aghaidh, glactar leis na hiarratais ar fad ar líne agus déantar mórchuid den idirghníomhú leis na hiarratasóirí agus leis an bpobal go leictreonach, agus foilsítear ar shuíomh gréasáin na GCC é, admháil na n-aighneachtaí agus na n-agóidí san áireamh.

Le linn 2019, breathnaíodh ar leathanaigh ghréasáin na gcuardach do cheadúnais IE/IPC go huathúil 400,000 uair. Faoi dheireadh 2019 fuarthas corradh le 4,800 aighneacht ón bpobal inar baineadh úsáid as an gcomhéadan úsáideora.


Ar na comhaid ábhartha eile atá ar fáil, tá:

- Iarratais dramhaíola, a fuarthas ó Nollaig 2004 ar aghaidh, agus tuairiscí ar fad na gcigirí agus ceadúnais a eisíodh go dtí seo, ar: *www.epa.ie/terminalfour/waste/index.jsp*.
- Iarratais ar cheadanna Comhdhúl Orgánach Soghalaithe (VOC) agus doiciméid ábhartha, a fuarthas ó Eanáir 2007 ar aghaidh, ar: *www.epa.ie/terminalfour/VOC/index.jsp*.
- Iarratais ar Dhumpáil ar Farraige (DaS) agus doiciméid ábhartha, a fuarthas ó mhí Feabhra 2010 ar aghaidh, ar: *www.epa.ie/terminalfour/DaS/index.jsp*.
- Iarratais ar Scaradh Dramhuisce, a fuarthas ó mhí na Nollag 2007 ar aghaidh, ar: *www.epa.ie/terminalfour/wwda/index.jsp*.
- Iarratais ar líonadh talún ón am a chuaigh thart agus doiciméid ábhartha, a fuarthas ó mhí na Bealtaine 2009 ar aghaidh, ar: *www.epa.ie/terminalfour/HLF/index.jsp*.
- Clárúcháin Gléasraí dócháin meánmhéide, a eisíodh ó mhí Eanáir 2019 ar aghaidh, ar: *www.epa.ie/mcp/*
- Ceadanna Gáis Ceaptha Teasa ar: *www.epa.ie/climate/emissionstradingoverview/etscheme/accesstocurrentpermits/*
- Clár Airteagal 27 (Fógraí Seachtháirge) ar: *http://web.epa.ie/Article27Register/*
- Cinntí Airteagal 28 (Deireadh Dramhaíola) ar: *http://www.epa.ie/waste/wastereg/art28/*Radon

## Faisnéis ar fhorfheidhmiú

I 2019, lean an GCC ar aghaidh d'fheabhas a chur ar rochtain phoiblí ar eolas forfheidhmithe tríd an liosta de na Láithreáin Tosaíochta Náisiúnta d'Fhorfheidhmiú a fhoilsiú go ráithiúil. Liostaítear na láithreacha tionsclaíochta agus dramhaíola ceadúnaithe a bhfuil na taifid comhlíonta is measa acu thar thréimhse sé mhí roimhe seo sa liosta seo. Foilsíodh tuarascáil ar fhorfheidhmiú ceadúnais tionsclaíochta agus dramhaíola i Mí Iúil chomh maith.

Leanadh ar aghaidh le na príomhcháipéisí forfheidhmithe a fhoilsiú, cosúil le tuarascálacha iniúchta agus monatóireachta do láithreáin cheadúnaithe.



# 4

"Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun cur ar son comhshaol glan sláintiúil dea-chosanta agus ar son iompraíocht inbhuanaithe i dtaca leis an gcomhshaol."

**Chun ár gcuid oibleagáidí agus cuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, leanfaimid d'obair a dhéanamh i gcomhpháirt le daoine agus le cabhair ó dhaoine chun torthaí dearfacha a bhaint amach ar mhaithe leis an gcomhshaol.**

# 4. ABHCÓIDEACHT

## 4.1 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS LÍONRÚ

### Coistí Oireachtais

Cuireann an GCC fáilte roimh an deis teagmháil a dhéanamh le Comhchoistí agus Roghchoistí an Oireachtais agus eolas a thabhairt dóibh maidir lena bhfeidhmeanna maoirseachta reachtúla agus riaracháin. Le linn 2019, iarradh ar an GCC Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2017 a chur i láthair do Choiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais. Chomh maith leis sin, thug an GCC faisnéis don Chomhchoiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol agus an Comhchoiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil. Ar na topaicí bhí dabhcha séarachais, uisce óil agus cáilíocht dramhuisce agus an sceitheadh ó cháblaí BSL.

### An Comhaontú Maoirseachta

I gcomhréir leis na ceanglais sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit tá Comhaontú Maoirseachta a thugann sainmhíniú soiléir ar an gcaidreamh idir an Mháthair-Roinn agus an GCC i bhfeidhm leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Tugtar aitheantas sa Chomhaontú Maoirseachta go bhfuil freagracht ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) as roinnt réimsí a bhfuil baint dhíreach acu le sainchúram na GCC, agus tugtar sainmhíniú ann ar chaidreamh na GCC leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Tá Comhaontú Seirbhíse Feidhmiúcháin mar chuid den Chomhaontú Maoirseachta agus díríonn sé ar phríomhthosaíochtaí agus aidhmeanna na GCC. Tugtar sainmhíniú sa chomhaontú ar shoiléireacht maidir le húinéireacht agus freagracht seirbhísí agus i ndáil le róil agus freagrachtaí gach comhpháirtí le cinntiú go ndéanfar feidhmeanna reachtúla na GCC a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

### Meabhráin Tuisceana/Comhaontuithe Seirbhíse

Tá glactha ag an GCC le Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaol, nó atá páirteach sna cúrsaí sin. Tá Meabhráin Tuisceana/ Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm ag an GCC leis na heagraíochtaí seo a leanas faoi láthair:

- An Bord Pleanála
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
- An Coimisiún um Rialáil Fóntais
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Galmoy Mines Ltd
- An Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Met Éireann
- Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála
- Oifig um Rialúchán Núicleach (RA)
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- Rialtóirí Uisce Óil na Ríochta Aontaithe.
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge


Foilsítear MTanna ar shuíomh gréasáin GCC nuair a dhéantar comhaontú faoi seo leis an bpáirtí eile.

## An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

Cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) faisnéis neamhspleách i réimse an chomhshaoil ar fáil don phobal agus dóibh siúd atá páirteach i mbeartas comhshaoil a fhorbairt, a ghlacadh, a chur i bhfeidhm agus a mheas. Déanann an EEA sonraí a bhailiú agus measúnú ar réimse leathan topaicí a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá an obair sin á déanamh i ndlúthchomhar leis na 33 tír atá ina mbaill den Ghréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (Eionet – Fíor 10). I Nollaig 2019, d'fhoilsigh an EEA an tuarascáil shuaitheanta: 'An Comhshaol Eorpach – staid agus ionchas 2020'.

Tá ról gníomhach tacaíochta fós ag an GCC san obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil. Ar an ábhar gurb é an Pointe Fócasach Náisiúnta atá ann, déanann an GCC rannpháirtíocht na hÉireann in obair na gníomhaireachta Eorpaí a chomhordú. Mar sin, déanann an GCC ionchur agus sonraí comhshaoil a sholáthar i raon réimsí topaicí trína Lárionaid Náisiúnta Tagartha an EEA. Mar gheall ar an obair sin, is féidir a chinntiú go ndéanfaidh an stát oibleagáidí tuairiscithe sonraí na hÉireann chuig an gCoimisiún Eorpach a chomhlíonadh. Téann an obair chun tairbhe d'Éirinn óir déantar teagmhálaithe náisiúnta a sholáthar a bhfuil an t-eolas is déanaí acu faoi fhadhbanna, dúshláin agus fuascailtí chomh maith le fáil ar phobal Eorpach eolais de shaineolaithe.

Tá Laura Burke, Ard-Stiúrthóir GCC na hÉireann, ina Cathaoirleach reatha ar Bhord Bainistíochta an EAA a dhéanann ionadaíocht thar ceann na dtíortha eile ar fad atá mar bhaill den EEA, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa. Tá an GCC gníomhach le Líonra Eorpach na gCeannasaithe ar Ghníomhaireachtaí um Chaomhnú Comhshaoil, líonra neamhfhoirmiúil de cheannasaithe agus stiúrthóirí ar ghníomhaireachtaí caomhnaithe comhshaoil agus comhlachtaí den sórt sin ar fud na hEorpa. Déanann baill den líonra tuairimí agus taithí a roinnt i dtaca le saincheisteanna comhleasa ag na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le beartas comhshaoil a chur i bhfeidhm go praiticiúil agus go laethúil.




**Fíor 10.** Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (Eionet) Foinse: An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GCE)

## Athrú aeráide

Rinne an GCC obair ar roinnt saincheisteanna idirnáisiúnta aeráide le linn 2019, lena n-áirítear ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar thrí chruinniú den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), ar glacadh le trí thuarascáil nua lena linn:

- Treoirlínte dea-chleachtais uasdátaithe le húsáid d'fhonn tuairisciu agus cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí agus aistrithe gáis ceaptha teasa agus iad a thuairisciú – a bheidh lárnach le forbairt a dhéanamh ar fhardail náisiúnta astaíochtaí.
- Tuarascáil Speisialta maidir le Talamh – bhí páirt mhór ag Éirinn i bhforbairt na tuarascála seo ós rud é gur in Éirinn a bhí cruinniú scóipe na saineolaithe don tuarascáil chomh maith le cruinniú na bpríomhúdar sular cuireadh an tuarascáil i gcrích.
- Tuarascáil Speisialta maidir le Farraigí agus Crióisféar.

Cuireadh na tuarascálacha sin i dteannta a chéile faoi bhráid cruinniú aireachta de ChreatChoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) inar thángthas ar chomhaontú maidir le céimeanna ar ghníomh eile chun torthaí na dtuarascálacha a mheas. Chuir an GCC tacaíocht shaineolaithe ar fáil don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i gcruinniú Mhaidrid agus i gcruinniú oifigeach i Meitheamh. Díríodh isteach go láidir ar chúrsaí eolaíochta sa dá chruinniú agus thug an GCC ceannasaíocht i dtaobh sheasamh an AE a chur chun tosaigh.

Tugann an GCC tacaíocht rúnaíochta don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC). Le linn 2019, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an CCAC an tríú tuarascáil

reachtúil, faoi mar a éilítear ar an gComhairle faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015. Bhí béim ar leith ar thalmhaíocht i gcaibidil amháin den tuarascáil. D'fhoilsigh an CCAC dhá pháipéar taighde mar chuid den tsraith 'Sraith Dhoiciméid Oibre na Comhairle'. Rinneadh comhairle a ullmhú don DCCAE ar chur chuige fóirsteanach i leith buiséid charbóin ilbhliantúla mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta ar mhaithe leis an Aeráid. Thug an Rúnaíocht tacaíocht do Chathaoirleach na Comhairle a bhí i láthair ag Comhchoiste an Oireachtais maidir le Gníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid. Bhí dhá cheardlann ar iompar agus buiséadú carbóin ann in 2019. D'eagraigh agus reáchtáil an Rúnaíocht cúig chruinniú Comhairle agus ceithre chruinniú Oiriúnaithe (fo-choiste) le linn na bliana.

Tugann an GCC tacaíocht don DCCAE an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid (NDCA) a leathadh amach agus a sholáthar. Faoin bPlean Gníomhaíochta ar mhaithe leis an Aeráid rinne an NDCA méid áirithe cruinnithe áitiúla a reáchtáil ar bhonn píolótach. Chomh maith leis sin, rinne an NDCA athbhreithniú ar cad é mar a thiocfadh leis caidreamh a chothú le gníomhaíochta óige agus áitiúla, agus an tionchar a imríonn sé orthu a threisiú. Foilsíodh dhá thionscadal taighde ar rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíocht ar mhaithe leis an aeráid i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Thug an NDCA tacaíocht do ghníomhaíochtaí éagsúla cuir i gcás Gradaim Comhshaolaithe Óga ECO-UNESCO agus comhdháil idirghlúine i gCorcaigh maidir leis an aeráid. Chuir an GCC léirithe i láthair cruinnithe náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil, cruinnithe bainistíochta a bhí ag an Oifig Réigiúnach Gníomhaíochta ar mhaithe leis an Aeráid san áireamh. Chomh maith leis sin, bhain an GCC leas as próiseas na measúnuithe straitéiseacha comhshaoil agus straitéisí oiriúnaithe earnála faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide chun ionchur a dhéanamh ar phleananna tábhachtacha earnála.

## Eolaíocht saoránach

Lean an GCC ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar thionscadail éagsúla a bhain leis an eolaíocht saoránach. Mar chuid de Chlár GLOBE a cuireadh i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis An Taisce, rinneadh dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) a thomhas in áiteanna éagsúla thart ar na scoileanna. I 2019, ghlac daltaí agus múinteoirí ó 51 scoil ar fud na tíre páirt sa tionscadal seo. Fuarthas go ginearálta go raibh cáilíocht an aeir go maith den chuid ba mhó, ach léirigh cuid de na scoileanna go raibh difear i dtiúchan $NO_2$ idir na háiteanna súgartha agus na hionaid fágála ag an ngeata chun tosaigh. Bhí an tionscadal seo mar pháirt de thionscadal pan-Eorpacha na heolaíochta saoránach a bhí ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil a dhírigh ar thomhais $NO_2$ i scoileanna: CleanAir@School (*https://epa-citizen-science.discomap.eea.europa.eu/*) inar ghlac ocht GCC Eorpach páirt (an Eastóin, Éire, an Iodáil, Málta, an Ísiltír, Albain, an tSlóvaic, an Spáinn). Tabharfaidh an tionscadal seo tuiscint níos fearr ar fhadhbanna áitiúla cháilíocht an aeir agus ar an tsaincheist an féidir le rannpháirtíocht sa tionscadal athrú iompair a spreagadh.

Seoladh staidéar eolaíochta saoránach i Mí na Samhna, le díriú ar shealbhóirí tí a thug faoi thástáil radóin trí mhí agus a raibh torthaí tástála acu a bhí ní b'airde ná an leibhéal tagartha. Cuireadh an t-imeacht sin ar siúl le linn Sheachtain na hEolaíochta i comhpháirtíocht le Seirbhís Leabharlainne Comhairle Contae Loch Garman. Tugadh deis do shealbhóirí tí Loch Garman monatóir digiteach a ghlacadh ar iasacht ó leabharlann Bhun Clóidí, sa dóigh chéanna is a nglacfaí leabhar ar iasacht. Bhí na sealbhóirí tí a ghlac páirt ábalta a dheimhniú go gasta furasta go raibh an tiúchan radóin ina mbaile féin go fóill ní b'airde ná an leibhéal tagartha, sna cásanna sin nach ndearnadh obair leasúcháin iontu. Chuaigh cuid mhaith sealbhóirí tí ar aghaidh ina dhiaidh chun leasúchán a dhéanamh ar a mbaile d'fhonn an tiúchan radóin a ísliú.

Le linn 2019, bhí an GCC ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NMDC) le scóip an tsuirbhé 'Snáthaidí Móra Éireann 2019–2024' a mheas, agus leis an suirbhé a leathadh amach, agus é mar chuspóir atlas uasdátaithe snáthaidí móra agus béchuileanna a chur ar fáil d'Éirinn. Sa tionscadal, rinneadh scrúdú ar shnáthaidí móra agus béchuileanna a úsáid mar bhitáscairí de cháilíocht ghnáthóige fionnuisce. Go dtí seo, tá beagnach 3,000 taifead de 26 speiceas curtha isteach ag 400 eolaí saoránaigh.

Bhí an GCC ag obair i gcomhpháirtíocht leis an NBDC leis an suirbhé 'Taiscéalaíocht Trá' agus é mar chuspóir sa suirbhé cumhacht agus tacaíocht a thabhairt d'eolaithe deonacha saoránaigh suirbhéireacht a dhéanamh ar speicis mhara idirthaoideacha agus chósta, agus taifead a dhéanamh díobh. Beidh na taifid a bhaileofar ina gcuidiú an t-eolas ar dháileadh speiceas mara a fheabhsú agus ar úsáid astu a fhiosrú mar bhitáscairí ar cháilíocht uisce agus ar an athrú aeráide. Bhí ceardlann do pháirtithe leasmhara in Oileán an Bhulla i Meitheamh chun lainseáil an tionscadail a chomóradh agus tá 868 taifead speiceas mara agus cósta curtha isteach ag 152 duine ar leith a ghlac taifead.

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Déanann an GCC rannpháirtíocht earnála a chur chun cinn maidir le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus dea-chleachtas i leith SEAnna a chur i bhfeidhm ar fud gach údarás poiblí. Rinne an GCC athbhreithniú ar phleananna, cláir, straitéisí tábhachtacha réigiúnacha agus náisiúnta, agus SEAnna gaolmhara, chomh maith le haighneachtaí a dhéanamh ina leith siúd. Pleananna suntasacha i ndáil leis an oiriúnú don athrú aeráide, a bhaineann leis na hearnálacha iompair agus turasóireachta, earnáil na pleanála muirí agus earnáil na pleanála réigiúnaí úsáide talún. Tá liosta iomlán aighneachtaí na GCC ar fáil ar *www.epa.ie/pubs/epasub/*

I 2019, d’fhoilsigh agus scaip an GCC trí nóta treorach de chuid SEA, agus tá an obair ar an gceathrú ceann curtha i gcrích agus é réidh le foilsiú go luath i 2020:

- Tosca Aeráide a Chomhtháthú sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta in Éirinn.
- Nóta Dea-Chleachtais SEA d’Earnáil na Dramhaíola
- Nóta Dea-Chleachtais SEA d’Earnáil na Foraoiseachta
- Measúnacht Éifeachtaí Carnacha in SEA (le foilsiú i 2020)

Tháinig an Fóram Náisiúnta SEA le chéile faoi dhó i 2019 le comhoibriú agus comhroinnt níos fearr ar fhaisnéis idir údaráis SEA a éascú. Tá Oifig an Rialaitheora Pleanála páirteach san Fhóram anois. Déanann an GCC liosta gníomhach a chomhroinnt le baill an Fhóraim SEA de na comhairliúcháin SEA atá oscailte.

Cuireadh an dara hAthbhreithniú ar Éifeachtacht SEA i gcrích i 2019, agus léirigh na torthaí go bhfuil an cleachtas le gairid in Éirinn níos éifeachtaí ó thaobh nósanna imeachta de ná mar a tuairiscíodh do na heiseamláirí sa chéad staidéar ar éifeachtacht SEA i 2012. Tríd is tríd, tá a ról a chomhlíonadh ag SEA agus tá páirt glactha ag níos mó comhlachtaí rialtais agus earnálacha sa phróiseas SEA. Anuas air sin, tá tuilleadh follasachta sa phróiseas. Tabharfar tús áite do shraith moltaí straitéiseacha a bhfuil sé mar aidhm acu éifeachtacht SEA a fheabhsú le go ndéanfar iad a sholáthar i bPlean Gníomhaíochta SEA nua mar chuid d’Fhóram Náisiúnta SEA i 2020.

Seoladh an uirlis ghréasáin Léarscáiliú Íogaireachta Comhshaoil (ESM) ag comhdháil Chomhshaol Éireann 2019. Cuireann an uirlis nuálach tacaíochta cinntí GIS seo (*www.enviromap.ie*) ar a gcumas do phleanálaithe léarscáileanna íogaireachta comhshaoil a chruthú atá sainiúil don phlean. Bhí imeachtaí oiliúna réigiúnacha faoin uirlis ESM ann cheana féin, agus tá sé curtha in iúl ag údaráis áitiúla éagsúla go bhfuil sé i gceist acu an uirlis a úsáid mar chuid dá n-athbhreithniú ar phleananna forbartha atá le teacht.




Seoladh na Uirlise Léarscáilithe Íogaireachta Comhshaoil

## NIECE

Tá an GCC ag leanúint ar aghaidh lena ról gníomhaíochtaí an Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (NIECE) a chomhordú. Cuireann an líonra fóram ar fáil a thugann spreagadh agus tacaíocht d’eagraíochtaí agus do dhaoine aonair a bheith ag obair le chéile le feabhsúcháin a chur ar bun sna réimsí comhshaoil sin atá i dtús áite. I measc bhallraíocht an líonra tá, den chuid is mó, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais a bhfuil baint acu le reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn, agus le rannpháirtíocht maidir leis an reachtaíocht sin.

In 2019, thug an Líonra cuidiú le cheithre ócáid ar mhórscála a chur ar siúl:

- An Ócáid Náisiúnta Uisce,
- An Ócáid Náisiúnta Aeir,
- Ócáid d’údaráis áitiúla ar dheireadh dramhaíola agus seachtháirgí, agus
- Ócáid Pleanála Iniúchta d’údaráis áitiúla.

Chomh maith leis sin, rinne an Líonra comhaontú agus cumarsáid a éascú do na Tosaíochtaí Náisiúnta Comhshaoil d’Údaráis Áitiúla, d’fhonn pleanáil agus soláthar don fhorfheidhmiú comhshaoil a fheabhsú. Rinne na grúpaí oibre agus líonra éagsúla a bhíonn ag obair mar chuid de NIECE éascaíocht ar ócáidí oiliúna, ceardlanna agus comhroinnt treorach agus eolais.

## An Chreat-Treoir Uisce

Tá an GCC ag leanúint ar aghaidh le ceannasaíocht theicniúil a thabhairt sna struchtúir rialachais sa Chreat-Treoir Uisce (WFD). Leis sin a dhéanamh, bíonn an GCC ag freastal ar chruinnithe réigiúnacha coistí agus grúpaí náisiúnta oibre, chomh maith le tacaíocht agus comhairle theicniúil a chur ar fáil do Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO). Déanann an GCC cathaoirleacht ar an nGrúpa Náisiúnta um Chur Chun Feidhme Teicniúil agus ar na trí fhoghrúpa a bhíonn ag plé le hidrea-moirfeolaíocht, bearta nádúrtha coinneála uisce agus measúnuithe logánta dobharcheantar. Chuir an GCC tús leis an obair leis na measúnuithe ar thionchar brúnna ar uiscí (tréithriú) a uasdátú le heolas a thabhairt don dréachtphlean bainistithe abhantraí 3ú ciogal atá le foilsiú ag deireadh 2020. Beidh páirt lárnach sa chlár ag an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha WFD chun eolas áitiúil agus faisnéis faoi bheartais atá á gcur i bhfeidhm a chuimsiú. Thug an GCC an ghné faoi stádas an uisce don tuarascáil Fadhbanna Suntasacha Bainistithe Uisce (a foilsíodh ag deireadh 2019).

Bíonn cruinnithe ag an GCC le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) le faisnéis a phlé agus a chomhroinnt maidir le monatóireacht, aicmiú agus tuairisciú WFD lena n-áirítear stádas comhlachtaí uisce trasteorann agus úsáid modhanna mearmheasúnaithe.

Glacann an GCC páirt i gCoiste Comhairliúcháin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus i Sainghrúpa Níotráití na roinne sin agus tá an GCC ag leanúint ar aghaidh ag plé ar bhonn dearfach leis an roinn sna dóigheanna sin agus dóigheanna eile. An phríomhtheachtaireacht atá ag an GCC gur gá astaíochtaí chuig uisce ón talmhaíocht a ísliú agus go bhfuil gá le beartais a chomhtháthú le spriocanna cáilíochta uisce, bithéagsúlachta, aeráide, aeir agus eile i réimse an chomhshaoil, i gcur chuige pleanála feirmeoireachta iomláine.

D'éirigh leis an GCC Líonra Lochanna na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a óstáil i gCathair na Mart i Meán Fómhair 2019 agus léirigh sí físeán promóisin bunaithe ar Loch Ceara i gContae Mhaigh Eo.

Tá an GCC ag leanúint ar aghaidh ag tacú le tionscadail taighde, agus ghlac páirt ar thionscadail sheachtracha cuir i gcás Tionscadal an Diúilicín Péarla Fionnuisce agus Catchment-CARE agus ar choistí stiúrtha do thionscadail atá maoinithe ag an GCC e.g. ESManage (uirlis déanta cinntí atá bainteach le seirbhísí éiceachórais) agus MACROMAN (bainistiú ar bhláthú iomarcach feamainne).

## Colún Comhshaoil

Tá 26 eagraíocht neamhrialtasach náisiúnta comhshaoil sa Cholún Comhshaoil a bhíonn ag obair le chéile chun ionadaíocht a dhéanamh ar na dearcthaí in earnáil comhshaoil na hÉireann. Bíonn cruinniú ag an GCC le Líonra Comhshaoil na hÉireann (IEN) ar a laghad uair amháin sa bhliain. Bhí dhá chruinniú i Meitheamh agus i Nollaig 2019. Thug na cruinnithe sin achoimre agus malartú dearcthaí ar shaincheisteanna comhshaoil na hÉireann. Rinne an GCC comhoibriú chomh maith leis an IEN chun forbairt a dhéanamh ar léarscáil de na grúpaí comhshaoil pobalbhunaithe ar fud na tíre.

## Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2017-2020

I nDeireadh Fómhair 2019, thug an GCC tacaíocht don Roinn Talmhaíochta agus don Roinn Sláinte le linn athbhreithniú intíre idirnáisiúnta ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMR). Thug an Lárionad Eorpach um Chosc agus Rialú Galar (ECDC) agus an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia sa Choimisiún Eorpach (DG-SANTE) faoin athbhreithniú a dhéanamh. Cé gur díríodh go príomha ar bhearta agus cleachtas in earnáil shláinte an duine agus earnáil na sláinte tréidliachta mar chuid den chuairt, rinneadh earnáil an chomhshaoil a mheas chomh maith. Tá AMR bainteach le huisce óil, cáilíocht uisce dromchla, bainistiú dramhaíola, cóireáil eisiltigh agus rialú diantalmhaíochta.  Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta forléargas leathan do thoscaireacht an Choimisiúin ar dhul chun cinn agus spriocanna i réimsí ábhartha éagsúla. Thángthas ar an gconclúid seo sa tuarascáil: *"Go ginearálta, tá tiomantas gníomhaithe, i ngach earnáil agus ar gach leibhéal, le leith rialú AMR in Éirinn, ina shampla dearfach do thíortha eile "*. Thug foireann an Choimisiúin faoi deara agus moladh go raibh Éire ar an gcéad Bhallstát a bhfuil lá ar leith aige atá tiomanta do ghníomhaíochtaí dírithe ar an gcomhshaol.

## Cáilíocht an aeir

Le linn 2019, thug an grúpa oibre um Fhaisnéis Sláinte Cháilíocht an Aeir fóram chun tacú le dhá leagan atá feabhsaithe go hatriallach de chlár náisiúnta cáilíochta aeir na GCC a sheoladh. Déanann an GCC cathaoirleacht agus éascaíocht ar an ngrúpa. Tá páirtithe leasmhara i réimsí an chomhshaoil agus na sláinte sa ghrúpa seo, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) san áireamh, inar féidir plé a dhéanamh ar thopaicí sláinte a bhaineann le cáilíocht an aeir.

## Sábháilteacht núicléach

Tá ról gníomhach ag an GCC i gcoistí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhíonn ag plé le sábháilteacht núicléach, a fhágann gur féidir leis an GCC a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar shuiteálacha núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch agus comhairle a chur ar an Rialtas faoi impleachtaí forbairtí den chineál sin d'Éirinn. In 2019, mar chuid den ról sin, rinne an GCC aighneacht a ullmhú le cur faoi bhráid an chomhairliúcháin trasteorann ar an stáisiún núicléach atá beartaithe d'Inis Món na Breataine Bige, agus athbhreithniú ar athruithe beartaithe Ghníomhaireacht Comhshaoil na Ríochta Aontaithe le haghaidh chead comhshaoil Sellafield.

## Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht

Is cumann de na húdaráis sábháilteachta radaíochta san Eoraip é Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht (HERCA) a dhíríonn ar fhuascailtí praiticiúla comhoiriúnaithe a éascú i gcás fadhbanna tábhachtacha rialúcháin a bhaineann leis an gcosaint ar radaíocht. Tugann HERCA fóram tábhachtach d'údaráis náisiúnta inar féidir leo eolas agus taithí a roinnt maidir le reachtaíocht Eorpach agus caighdeán idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

Tá ról gníomhach ag an GCC san obair sin, agus tá ionadaithe aige ar Bhord Ceannairí HERCA mar aon leis na Grúpaí Oibre maidir leis an radaighníomhaíocht nádúrtha, éigeandálaí, feidhmeanna leighis, foinsí agus cleachtais neamhliachta, agus oideachas agus oiliúint. Déanann an GCC cathaoirleacht ar an nGrúpa Oibre ar radaighníomhaíocht nádúrtha, agus d'óstáil sé cruinniú den Ghrúpa Oibre sin i mBaile Átha Cliath le linn 2019.

## Grúpa Rialtóirí Sábháilteachta Núicléiche na hEorpa

Déanann an GCC ionadaíocht ar son na hÉireann i bhfóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta ar cheisteanna maidir le sábháilteacht núicléach. Tá an GCC páirteach go sonrach gníomhach i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) agus in obair an ghrúpa sin ar an tsábháilteacht núicléach, lena n-áirítear reachtaíocht agus tionscnaimh le socruithe trédhearcachta a fheabhsú. Le linn 2019, rinneadh athbhreithniú ar Phrionsabail na Oscailteachta agus Trédhearcachta ENSREG mar chuid den obair sin, i gcomhréir leis na torthaí ón suirbhé ar chleachtais rialtóirí ón AE ar thug an GCC ceannasaíocht air.

## Comhaontú Déthaobhach leis an RA maidir le saincheisteanna raideolaíocha agus núicléacha

Bíonn cruinnithe go rialta ag an GCC lena chomheagraíochtaí sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Comhshaoil agus an Oifig um Rialú Núicléach, le ceisteanna raideolaíocha agus núicléacha a phlé. I 2019, díríodh sna pléití sin ar shocruithe sábháilteachta núicléacha na Ríochta Aontaithe i ndiaidh dá himeacht ón AE, ar Sellafield, tógáil nua núicléach, forbairtí idirnáisiúnta i dtaca leis an tsábháilteacht núicléach agus raideolaíoch agus pleanáil i gcomhair éigeandáil núicléach. Anuas air sin, tacaíonn an GCC leis an RCGAC maidir le cruinnithe an Ghrúpa Teagmhála ar Chúrsaí Radaíochta RA–Éire a thionóltar faoi dhó sa bhliain. In 2019, ghlac an GCC páirt i mbeart a d'eagraigh an Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíocha sa Ríocht Aontaithe chun tástáil a dhéanamh ar shocruithe praiticiúla chun tacú le comhaontú déthaobhach an Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir le fógra luath dá dtarlódh timpiste núicléach nó teagmhas a mbeadh tábhacht raideolaíoch ag baint leis.

## An Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach

Coinbhinsiún idirnáisiúnta is ea an Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach (CNS) a cheanglaíonn ar gach tír a shínithe cloí le hardleibhéal sábháilteachta i dtaca le himoibreoirí cumhachta núicléacha, socruithe pleanála éigeandála a chaomhnú, agus tuairisciú ar na bearta a ghlactar ina leith sin. Caithfidh gach páirtí conarthach don CNS, Éire san áireamh, a léiriú gach trí bliana go bhfuiltear ag cloí leis an gcoinbhinsiún, agus ní mór dóibh dul faoi athbhreithniú piaraí déanta ag páirtithe conarthacha eile.

Mar chuid den phróiseas sin, thug an GCC cuidiú don DCCAE 8ú tuarascáil náisiúnta na hÉireann a ullmhú, a cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) in 2019. Rinne an GCC athbhreithniú ar na tuarascálacha náisiúnta ó pháirtithe conarthacha eile, chomh maith le ceisteanna a chur isteach fúthu.

## An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

Straitéis trasrialtais ceithre bliana is ea an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) arb é is aidhm di líon cásanna na hailse scamhóige atá bainteach le radón a laghdú in Éirinn. Reáchtáladh an Fóram Náisiúnta Radóin i Mí na Bealtaine 2019 inar seoladh Céim 2 den NRCS chomh maith le páipéar inar leagadh amach an taighde a bheidh de dhíth leis an straitéis a chur i bhfeidhm. Is iad seo na tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis:

- Leas a bhaint as na hardleibhéil fheasachta atá ann faoi radón le daoine a ghríosú tabhairt faoi thástáil agus feabhsúchán.
- Tacaíocht airgeadais a thabhairt do shealbhóirí tí tástáil agus feabhsúchán a dhéanamh.
- Rialú breisithe rialtais: tá léirithe ag taighde gur gá tacaíocht airgeadais a bheith in éineacht le modhanna rialála agus faisnéis ardchaighdeáin má tá le héirí leis an tacaíocht sin.
- Córais Éighníomhacha Choiscthe. Tabharfaidh an chéad athbhreithniú eile a dhéanfar ar Dhoiciméad Treorach Teicniúil C (a leagann amach na rialacháin a bhaineann le foirgnimh nua a chosaint ar radaíocht) deis thábhachtach an taighde is déanaí ar bheartais chosanta roimh radón a chur san áireamh. Tugann córais éighníomhacha choiscthe deis beartas gléas inbhuanaithe ar chostas íseal a chur i bhfoirgnimh nua.

Leanadh i 2019 de mhaoiniú a thabhairt le haghaidh thaighde agus de bheith ag tabhairt faoi chomhoibriú chun dul i ngleic le bearnaí eolais chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin. Lean an GCC ar aghaidh le taighde maoinithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ina bhfuil scrúdú á dhéanamh ar na bearta coisctheacha radóin is fearr a bheadh ann do thógáil tithe in Éirinn. Chomh maith leis sin, thug an GCC tacaíocht do thaighde in OÉ, Gaillimh, ina bhfuiltear ag díriú ar thiúchan radóin i dtithe atá rátaithe A, agus tithe atá iarfheistithe le haghaidh fuinneamh domhain. Rinneadh taighde ar thréithe foirgneamh ar radón i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus rinneadh taighde comhoibríoch le Coláiste na Banríona, Béal Feirste, le dáileadh radóin i dtithe a mheas.

Rinneadh Lá Eorpach Radóin a chomóradh ar an 7 Samhain, agus díríodh preaseisiúintí ar na 12 contae a bhfuiltear ar an eolas fúthu go bhfuil fadhb faoi leith iontu ó thaobh radóin de. Chomh maith leis sin, rinneadh feasacht a ardú i ndáil leis an bhfreagracht atá ar fhostóirí tástáil a dhéanamh le haghaidh radóin i gCeantair Ardleibhéil Radóin, faoi mar atá leagtha amach sna Rialacháin nua maidir leis an Radaíocht Ianúcháin, 2019.

## Radaíocht neamh-ianúcháin

I mí na Bealtaine, sannadh freagrachtaí reachtúla don GCC as an nochtadh poiblí do radaíocht neamhianúcháin sa réimse minicíochta ar a dtugtar Réimsí Leictreamaighnéadacha (EMF) go coitianta.

Rinne an GCC teagmháil i gcruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara a bhfuil ról nó suim acu in EMF i rith 2019:

- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)
- Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a thugann tacaíocht d'Oifigigh Leathanbhanda ina ról sna hÚdaráis Áitiúla

Thug an GCC tacaíocht airgeadais do thionscadal EMF na hEagraíochta Domhanda Sláinte. D'fhreastail an GCC ar an gcruinniú bliantúil tionscadail le cinntiú go bhfuil an chomhairle a thugann an GCC cothrom le dáta agus ag teacht le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

## Pleanáil éigeandála

Glacann an GCC páirt gach bliain i mbearta éigeandála radaíochta le saineolas ball foirne a chaomhnú agus a fhorbairt. Ghlac an GCC páirt in ocht mbeart éigeandála idirnáisiúnta in 2019 a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach agus an IAEA. D'óstáil an GCC ConvEx-2g, ceann amháin de na bearta idirnáisiúnta. Is é is cuspóir den bheart sin tástáil a dhéanamh ar shocruithe éigeandála cumarsáide poiblí i mBallstáit an IAEA. Rinne an IAEA tástáil den chéad uair mar chuid den bheart píolótach sin ar a ionsamhlóir meán sóisialta le haghaidh cumarsáid éifeachtach le Ballstát le linn éigeandáil núicléach.

Lean an GCC den obair le heagraíochtaí eile in Éirinn chun ullmhacht éigeandála agus cumais freagartha a choimeád agus a fhorbairt dá dtarlódh teagmhais núicléacha agus radaíochta. Mar chuid den obair sin cuireadh oiliúint ar Oifigigh Dhóiteáin, ar phearsanra Óglaigh na hÉireann agus ar phearsanra Cosanta Sibhialta chun gníomhú nuair a tharlaíonn éigeandálaí radaíochta. I mí na Samhna, d'fhreastail deonaigh ón gCosaint Shibhialta ar oiliúint a chomhordaigh an GCC, le foghlaim faoin bpróiseas tomhaiste radaighníomhaíochta, roimh thabhairt faoi bheart náisiúnta chun tomhais ghámaradaíochta sa chúlra a ghlacadh agus chun samplaí comhshaoil a bhailiú le go ndéanfaí anailís orthu.

I 2019, lean an GCC de bheith ag iarraidh a acmhainn tomhaiste radaighníomhaíochta a ardú dá dtarlódh éigeandáil núicléach thar lear. Bronnadh tairiscint chun braiteoirí gáma a sholáthar d'fhonn samplaí bia agus comhshaoil a scagthástáil dá dtarlódh éigeandáil núicléach. Úsáidfear na braiteoirí sin in oifigí réigiúnacha na GCC chun scagthástáil a dhéanamh ar shamplaí in éigeandáil núicléach.

Rinne an Rialtas an Plean Náisiúnta nua um Neamhchosaint Éigeandálaí Núicléacha agus Radaíochta a fhaomhadh i 2019. Tá ról mór go fóill ag an GCC sa phlean sin atá ann san áit a raibh an Plean Náisiúnta Éigeandála le haghaidh Tionóiscí Núicléacha, 2005. Bhí an GCC mar rannpháirtithe gníomhacha i dTascfhórsa an Rialtais faoin bPleanáil Éigeandála agus a fhoghrúpaí. Ghlac an GCC páirt i misin saineolaithe agus grúpaí oibre teicniúla chun treorú a dhréachtú, agus mar sin lean sé de thacaíocht a thabhairt don IAEA. Tugadh cuireadh don GCC i 2019 chuig Bord Bainistíochta NERIS (An tArdán Eorpach um ullmhacht práinnfhreagartha agus téarnaimh núicléach agus radaíochta) agus don ról mar leaschathaoirleach a dhéanamh i nGrúpa Oibre HERCA ar Éigeandálaí.

**Má chuirimid eolas inrochtana ar fáil go tráthúil dár bpáirtithe leasmhara, feabhsóidh sin rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht maidir leis an gcomhshaol, agus beidh an t-eolas riachtanach ar a dtoil ag daoine le gur féidir leo roghanna fiúntacha a dhéanamh i dtaca leis an gcomhshaol.**

## 4.2 MÚSCAILT FEASACHTA

### Ár bpríomhtheachtaireachtaí a chur in iúl

Is é suíomh gréasáin na GCC an phríomhuirlis chumarsáide chun faisnéis a scaipeadh i measc an phobail agus bhí breis agus 1,160,000 seisiún ar an suíomh gréasáin le linn 2019. Tharla buaiceanna gníomhaíochta le linn na bliana a bhíodh ag teacht le clúdach sna meáin ar shaincheisteanna comhshaoil agus le foilsiú tuarascálacha. Rinneadh go leor cuairteanna ar an láithreán gréasáin i ndáil le haisghabháil eolais ar láithreáin ghréasáin arna gceadúnú ag an GCC; teacht ar eolas faoi cheadúnú agus forfheidhmiú; foilseacháin GCC a íoslódáil; gairmeacha beatha sa GCC agus teacht ar eolas faoi réimsí téamacha comhshaoil lena n-áirítear an t-athrú aeráide, aer, uisce, dramhaíl, radón, srl.

### Forbairt ar an suíomh gréasáin

I measc na bhforbairtí a rinneadh ar shuíomh gréasáin na GCC i 2019 bhí na rudaí seo a leanas:

- Tairseach nua ar líne le haghaidh 'Astaíochtaí gáis ceaptha teasa' (*www.epa.ie/ghg*), a tharraingíonn le chéile sonraí fardail agus sonraí réamh-mheastachán i bhformáid atá comhtháite agus inrochtana.
- Clár le haghaidh Gléasraí Dócháin Meánmhéide (*www.epa.ie/mcp*), mar chuid den aistriú ó chóras bunaithe ar pháipéar go córas ar líne.
- Leathanaigh thiomanta ar an suíomh gréasáin ar a leagtar amach ról na GCC agus faisnéis maidir le Réimsí Leictreamaighnéadacha (EMF) (*www.epa.ie/radiation/emf/*), mar chuid de na freagrachtaí nua atá ar an GCC maidir le neamhchosaint an phobail roimh an radaíocht neamhianúcháin sa réimse minicíochta sin ar a dtugtar réimsí leictreamaighnéadacha go coitianta.
- Athfhorbairt ar chomhéadan na léarscáile ar an gclár náisiúnta cáilíochta aeir (*www.epa.ie/air/quality*)

### Caidreamh leis na meáin

Cuireann an GCC seirbhís 24 uair an chloig ar fáil do na meáin agus le linn 2019 rinne sé 715 fiosrú ó na meáin a láimhseáil agus 42 preaseisiúint a eisiúint. Bhí scéalta nuachta i réimse an chomhshaoil mar pháirt de 19,000 alt nuachtáin ó cheann ceann na bliana.

### Na meáin shóisialta

I rith 2019 lean an GCC den úsáid a bhaineann sé as na meáin shóisialta a bhreisiú ar bhealach céimneach struchtúrtha chun teachtaireachtaí comhshaoil a scaipeadh chuig luch léitheoireachta níos forleithne. Tá sé léirithe go bhfuil rath ar ardáin na meán sóisialta le gur féidir leis an GCC teagmháil a dhéanamh le daoine go gasta agus go díreach le teachtaireachtaí comhshaoil, chomh maith le trácht a chur i dtreo an tsuímh ghréasáin le tuilleadh eolais a fháil.

Bhí os cionn 40,400 leantóir ar chuntas Twitter na GCC faoi dheireadh na bliana. Freastalaíonn an cuntas sin ar réimsí spéise faoi leith lena n-áirítear nuacht faoin aeráid, nuacht faoi thaighde, cáilíocht an aeir, éiceolaíocht, agus eolas ar uisce snámha, radón, dramhaíl agus acmhainní uisce. Le linn 2019, breathnaíodh ar fhíseáin de chuid na GCC ar YouTube níos mó ná 437,325 uair. Ar LinkedIn, tá níos mó ná 13,500 leantóir ag leathanach na GCC agus leathanach taighde na GCC i dteannta a chéile.

### Gníomhaíochtaí for-rochtana

Tá ról tábhachtach ag an GCC i gcónaí leibhéil feasachta a ardú agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhéanann rannpháirtíocht an phobail le cúrsaí comhshaoil a mhéadú.

Mar chuid den tseachtain eolaíochta, déantar daoine ar gach aois agus ó gach cúlra a ghríosú le go gcuirfear ar an eolas iad, go spreagfar iad agus go mbeidh siad páirteach in imeachtaí ETIM. Ghlac an GCC páirt in imeachtaí éagsúla i 2019 inar áiríodh cainteanna comhshaoil, scéim chíosa monatóirí radóin agus seastáin eolais a óstáil in imeachtaí éagsúla eagraithe ag údaráis áitiúla.

I rith 2019, d'oibrigh an GCC i gcomhpháirt le go leor eagraíochtaí ar thionscadail éagsúla um eolaíocht saoránach a thug tacaíocht do na tosaíochtaí, is iad sin uisce agus aer glan agus iompraíocht inbhuanaithe. Leanadh ar aghaidh leis an gclár GLOBE um eolaíocht saoránach i gcomhpháirt leis An Taisce. Chomh maith leis sin, i measc na gclár eile bhí: Suirbhé na hÉireann ar an tSnáthaid Mhór 2019-2024; Taiscéalaíocht Trá (Explore Your Shore); Fairtheoir Cladaigh (Seashore Spotter); An Suirbhé Mór ar Bhithéagsúlacht Trá agus Monatóireacht Locha le Slatiascairí i Réigiún na Teorann.

Mar pháirt de ghealltanais urraíochta corparáidí na GCC, tugadh tacaíocht do thionscnaimh áitiúla a ardaíonn feasacht ar shaincheisteanna comhshaoil nó ar obair na GCC. I 2019 thug an GCC tacaíocht do Ghradaim Comhshaolaithe Óga ECO-UNESCO agus do ghlasú Fhéile Cheoldrámaíochta Loch Garman, chomh maith le tionscnaimh áitiúla éagsúla eile a chuir foghlaim agus gníomhaíochtaí comhshaoil chun tosaigh.

Don tríú bliain as a chéile, seoladh an comórtas ‘Scéal do Chuid Stuif’ in Eanáir 2019 a fuair 140 iontráil ó 60 scoil ar fud na tíre. Déanann an comórtas ‘Scéal do Chuid Stuif’ feasacht a ardú i measc daltaí dara leibhéal ar fud na tíre ar: nádúr teoranta acmhainní; tairbhí na hathchúrsála agus na hathúsáide; agus saolré rudaí agus na hathruithe a dhéantar ar rudaí lena linn.

D’inis na daltaí a bhuaigh an comórtas a scéal faoi scuaba fiacla atá le fáil ar chainéal YouTube na GCC: *https://youtu.be/pJj6qBUbpSA?list=PLFesobjWT1FhCfm97WaWeJKErEu7dVhjc*




Sa phictiúr, ó chlé go deas – an tOllamh Emma Teeling, Leas-Stiúrthóir Institiúid an Domhain, COBÁC, an Dr Jonathan Derham, GCC, Tomi Ayibiowu, Aldiana Hoxha, Kar Gong Leong agus Shurooq Azam (Meánscoil ‘Ag Foghlaim le Chéile’ Pháirc Hans, Buaiteoirí 2019), an Dr Tara Shine, agus Colette Ryan, GCC

### Craoladh teilifíse

Arís eile thug an GCC maoiniú tacaíochta don chlár Eco Eye agus craoladh an 17ú sraith ar RTÉ go luath sa bhliain. Bhí beagnach 478,000 duine ar an meán ag breathnú ar gach clár den tsraith. Leanann an tsraith seo d'fheasacht chomhshaoil a ardú agus eolas cuimsitheach a chur ar fáil don phobal i ndáil le saincheisteanna comhshaoil sna réimsí athrú aeráide, dramhaíl, bithéagsúlacht agus cáilíocht an aeir.

Thug an GCC tacaíocht don eagrán a bhain le cáilíocht an aeir sa tsraith “10 Things to Know About”, a chuireann taighde na hÉireann chun cinn. Mar chuid den eagrán bhí agallaimh le heolaithe Éireannacha ag obair chun dul i ngleic le fadhbanna cháilíocht an aeir, eolaithe ón GCC san áireamh. Rinne eolaithe na GCC plé ar an tionchar atá ag astaíochtaí tráchta agus ag dó breosla iontaise inár dtithe ar an tsláinte phoiblí, béim á leagan ar na fadhbanna a bhaineann le dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach agus truailleáin eile choitianta aeir.

Bhí an GCC mar chomhurraitheoir, i dteannta Bord Bia, ar an tsraith Grow Cook Eat, inar cuireadh fás bia chun cinn, agus bhí teachtaireachtaí faoi chur amú bia i rith an chláir. Thug an gníomh sin an branda ‘Deireadh a Chur le Cur Amú Bia’ chuig lucht féachana 2,935,000 i seacht n-eagrán.

## Ceisteanna faoin gcomhshaol

Cuireann an GCC Seirbhís Fiosruithe Comhshaoil ar fáil dár bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal, mic léinn, údaráis áitiúla agus ranna rialtais. Tá an tseirbhís ag feidhmiú i gcomhréir leis na gealltanais i gCairt Custaiméirí na GCC agus thug an GCC freagra ar 2,411 ceist den sórt sin i 2019. Áirítear leis na hábhair ba mhó suime i measc an phobail ceisteanna i dtaca le córais teaghlaigh um chóireáil fuíolluisce (dabhcha séarachais), radón, truailliú torainn, cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, cáilíocht an uisce óil (toibreacha príobháideacha agus an soláthar uisce poiblí), agus saincheisteanna a bhain le húdaráis áitiúla, dó i gclóis agus dumpáil neamhdhleathach ina measc.

## Comhdhálacha agus taispeántais

Thacaigh an GCC le 78 imeacht caidrimh phobail le linn 2019. I measc imeachtaí lárnacha náisiúnta agus áitiúla, bhí Taispeántas BT le haghaidh Eolaithe Óga agus na Teicneolaíochta (áit ar bhronn an GCC Gradam Speisialta Comhshaoil chomh maith), an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Féilte Eolaíochta réigiúnacha. Sna himeachtaí sin, bhí deis ar dóigh ann feasacht a ardú i measc an phobail faoi chúrsaí comhshaoil agus tacaíocht an phobail a fháil ina leith.

Thíos tá roinnt de na comhdhálacha ba thábhachtaí agus imeachtaí eile a bhí ar siúl le linn 2019.

### Comhdháil Náisiúnta Aeráide na GCC

Reáchtáladh an chéad chomhdháil náisiúnta aeráide: ‘Éire mar cheannasaí san athrú aeráide’ i gcomhar leis an DCCAE agus bhí sé ar siúl ar an 15 Bealtaine 2019. Bíonn an chomhdháil ann le tacaíocht a thabhairt don Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, agus chuir an chomhdháil fóram ar fáil inar féidir mhalartú faisnéise, líonrú, díospóireacht agus foghlaim a bheith ann. Tá léirithe ón gcomhdháil ar fáil ar chainéal YouTube na GCC: *www.youtube.com/watch?v=vrDsFxBUFso&list=PLFesobjWT1Fg3wROOf8aYnX942ywtSMEy.*

### Sraith léachtaí ar an athrú aeráide

Bhí dhá léacht ann le linn 2019 sa Seomra Stairiúil Cruinn i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath. Bhí an Dr John Bowman ina chathaoirleach ar na cruinnithe.

Tugadh cuireadh don Dr Edward Cameron, a throideann ar son an cheartais aeráide, an chéad léacht dar teideal 'Ceannasaíocht Nua don Chomhshaol' a thabhairt ar an 17 Bealtaine. Labhair sé faoin ngá atá ann le ceannasaíocht le go mbeidh saol ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide i ndán don phláinéad. D'fhreastail níos mó ná 200 duine ar an imeacht a craoladh san am céanna ar shuíomh gréasáin na GCC. Breathnaíodh ar thaifeadadh den léacht níos mó ná 1.7K uair ar chainéal YouTube na GCC: *https://www.youtube.com/watch?v=y_Wi5GGKWi4*



An Dr Edward Cameron

Tugadh cuireadh don Bhantiarna Ollamh Julia Slingo, Iar-Phríomheolaí na hOifige Meitéareolaíochta sa Ríocht Aontaithe, an dara léacht a thabhairt ar an 20 Deireadh Fómhair dar teideal 'Aghaidh a thabhairt ar an Athrú Aeráide: Cad é an chéad chéim eile don Eolaíocht Aeráide?' maidir leis an admháil go ginearálta go bhfuil an t-athrú aeráide ann agus cén áit le dul ina dhiaidh sin. D'fhreastail níos mó ná 250 duine ar an imeacht a craoladh san am céanna ar shuíomh gréasáin na GCC. Bhí os cionn 700 amharc ag taifeadadh den léacht ar chainéal GCC: *https://www.youtube.com/watch?v=h3gISBlTbXs*



An Bhantiarna Ollamh Julia Slingo

### An Ócáid Náisiúnta Uisce

I mí na Bealtaine, reáchtáladh Ócáid Náisiúnta Uisce 2019 i nGaillimh dar teideal "Feasacht go Gníomh: Cáilíocht an Uisce a Fheabhsú". Fóram a bhí ann a thug deis d'údaráis áitiúla, rialtóirí agus gairmithe uisce foghlaim faoi athruithe i láthair na huaire ar bheartas agus cleachtais uisce na hÉireann. D'fhreastail cuid mhór daoine ar an ócáid agus bhí níos mó ná 350 toscaire i láthair thar thréimhse dhá lá.

### Ócáid Náisiúnta Aeir

Reáchtáladh an Ócáid Náisiúnta Aeir, "Ag Obair le Chéile ar mhaithe le hAer Glan", i nDeireadh Fómhair i gCill Chainnigh. Fóram a bhí san ócáid le heolas praiticiúil a sholáthar agus a roinnt maidir le cáilíocht an aeir agus forfheidhmiú. D'fhreastail 150 ionadaí ar an ócáid ón GCC, FSS, ó údaráis áitiúla agus ó earnáil na tionsclaíochta, chomh maith le sainchomhairleoirí agus grúpaí taighde tríú leibhéal.

### Comhdháil Chomhshaol Éireann

Reáchtáladh comhdháil náisiúnta Chomhshaol Éireann i nDeireadh Fómhair, i gcomhar leis an DCCAE. Bhí léirithe ann maidir le beartas comhshaoil, sláinte, cáilíocht an aeir, cáilíocht an uisce, athrú aeráide, pleanáil agus éifeachtúlacht áiseanna agus an geilleagar ciorclach.

### An Chomhdháil um Sláinte agus Folláine Comhshaoil

D'óstáil an GCC, FSS agus ESRI (an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) i dteannta a chéile an ceathrú comhdháil sa tsraith faoin tsláinte agus folláine comhshaoil i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna. D'fhreastail níos mó ná 160 toscaire ón FSS, ESRI agus GCC ar an gcomhdháil chomh maith le daoine eile atá ag obair sa réimse sláinte, folláine agus rannpháirtíocht saoránach, chomh maith le hionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an lucht léinn. Tá léirithe agus taifeadtaí físeáin ón gcomhdháil ar fáil ar chainéal YouTube na GCC: *https://www.youtube.com/playlist?list=PLFesobjWT1FggYNPoAnE2lqLvXQ1osEZ4*

## Oideachas

Rinne an GCC urraíocht ar cheacht faoin ózón agus substaintí ídithe ózóin in 'Science and Technology in Action', acmhainn ilmheánach do scoileanna dara leibhéil.

Lean an GCC dá chuid ábhar oideachais agus acmhainní eile ar líne a chur chun cinn i 2019 trí fhoilsiú spriocdhírithe alt in irisí comhshaoil agus oideachais, agus trí thionscnaimh fhor-rochtana.

## Clár Junior Achievement Ireland

Lean an GCC dá chomhpháirtíocht le 'Junior Achievement Ireland' (JAI) i 2019. Rinne 29 ball foirne ó na hoifigí GCC go léir cláir a sholáthar do 796 dalta i 19 scoil, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna, in ocht gcontae. Le linn Sheachtain na hEolaíochta 2019, rinne 16 oibrí dheonacha éascaíocht ar Cheardlanna de chuid na GCC faoin athrú aeráide in 12 scoil, chun freastal ar 522 dalta eile.

Is é is aidhm do JAI scoláirí a spreagadh fanacht ar scoil agus an leas is mó agus is féidir a bhaint as na deiseanna ata á soláthar ag an oideachas. Leis sin a bhaint amach, cuirtear cláir ar fáil ina mbíonn an oideachas fiontraíochta, ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) mar aon le scileanna gnó agus saoil.



**Déanaimid ár ndícheall tionchar a imirt ar athrú dearfach iompraíochta, trí thacú le gnóthaí, pobail agus teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de.**

## 4.3 IOMPRAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

### An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola

Is é is fís don Chlár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (NWPP) cláir straitéiseacha a sholáthar ar leibhéal náisiúnta le dramhaíl a stopadh agus leis an ngeilleagar ciorclach a bhrú chun tosaigh in Éirinn. Rinneadh athbhreithniú Cláir i 2018 agus ina dhiaidh sin sheol an GCC a chlár athdheartha i 2019 le tacaíochtaí agus faisnéis a sholáthar do ghnólachtaí, daoine aonair agus don earnáil phoiblí chun athrú iompraíochta a spreagadh, tacú le roghanna inbhuanaithe, agus eolas a chur ar fáil ar mhaithe le beart. Is iad na réimsí tosaíochta ná bia, plaistigh, talmhaíocht, foirgníocht agus scartáil, cosc logánta dramhaíola, áiseanna agus amhábhair. Cuirtear an Clár ar fáil ar bhealaí éagsúla: ardán na nuálaíochta, taisealbhadh, comhpháirtíocht, abhcóideacht agus cumarsáid.




### Cosc dramhaíola

Ar cheann de na réimsí ba mhó ar dhírigh an NWPP orthu i 2019, rinneadh modhanna chun dramhaíl plaistigh a laghdú a fhiosrú. Chuaigh an NWPP, mar sin, i mbun teagmhála le Cumann Ollscoileanna Éireann chun tionscadal féideartha comhpháirtíochta a fhiosrú ina gcuirfí cosc dramhaíola plaistigh agus athrú iompraíochta i láthair ar champais ollscoileanna na hÉireann ar a bhfuil 120,000 mac léinn agus 15,000 ball foirne. Chuir an GCC tús le bheith ag obair le Fiontraíocht Éireann mar chuid de chlár na heagraíochta Taighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga, chun dul i ngleic le méid na pacáistíochta plaistí a úsáidtear in Éirinn, atá neamh-inbhuanaithe. Díreofar ar phlaistigh atá doiligh le hathchúrsáil amhail sceo agus clúdaigh déanta as plaisteach bog.

Lean Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil (LAPN) de chabhair teicniúil a chur ar fáil, chomh maith le maoiniú le haghaidh éifeachtúlacht acmhainne agus cosc dramhaíola a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil. Cuireadh deontais agus tacaíochtaí ar fáil do 24 údarás áitiúil le 58 tionscadal a chur i gcrích, lena n-áirítear: ailtirí agus suirbhéirí cainníochta sna húdaráis áitiúla maidir le dramhaíl foirgníochta a dhíbirt mar chuid den dearadh; Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann a ghlasú agus scairdeáin phoiblí uisce óil a chur taobh le Glasbhealach Phort Láirge chun srian a chur ar úsáid aonúsáide a bhaint as buidéil phlaisteacha.

Roghnaíodh Clár na Feirmeoireachta Cliste, atá á reáchtáil ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, i gcomhar leis an GCC, le bheith mar chrann taca ag Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe le haghaidh 2019/20, le feasacht a ardú ar spriocanna in earnáil na feirmeoireachta. Rinne Clár na Feirmeoireachta Cliste caoga measúnú éifeachtúlachta acmhainní ar an bhfeirm a léirigh coigilteas costais €6,300 ar an meán do gach feirm agus laghdú 10 faoin gcéad ar an meán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Bhain an clár an chéad Duais don Nuálaíocht Talmhaíochta, mar chuid de dhuaiseanna 'Talamh' atá ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, chun aitheantas a thabhairt d'fhiúntas an chláir agus na torthaí láidre a bhaintear amach mar chuid de.

Mar gheall ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach atá le 'The Rediscovery Centre', Lárionad Náisiúnta na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach, bhí an lárionad in ann obair for-rochtana a dhéanamh, chomh maith le clár fairsing oideachais agus sceideal ceardlann/campaí a chur ar fáil. Mheall na

gníomhaíochtaí sin 7,500 cuairteoir; agus chuathas i mbun teagmhála le 10,000 duine eile mar chuid de chlár oideachais inbhuanaitheachta an lárionaid. Seoladh an tAcadamh don Gheilleagar Ciorclach – clár meantóireachta don fhiontar sóisialta agus eagraíochtaí pobail – agus bhí naoi mball cláraithe ann faoi dheireadh na bliana. Cuireadh tús leis an tsraith 'Comhráite maidir le Geilleagar Ciorclach'. Bhí seimineáir maidir le teicstílí, agus foirgníocht & scartáil, agus cuireadh seimineáir ghréasáin ar siúl maidir le Pleananna Gníomhaíochta Eorpacha don Gheilleagar Ciorclach.

Go mall i 2019, chuir an NWPP tús le comhpháirtíocht straitéiseach trí bliana le Taighde Déantúsaíochta na hÉireann le CIRCULÉIRE a bhunú, an tArdán Náisiúnta don Déantúsaíocht Chiorclach. Céim mhór chun cinn sa chomhpháirtíocht sin idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, a bhainfidh amach ar an scála mór don gheilleagar ciorclach. Tá sprioc ag an gcomhpháirtíocht laghdú 20 faoin gcéad a bhaint amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa agus i dtáirgeadh dramhaíola i gcuideachtaí mór déantúsaíochta na hÉireann.

Rinne an NWPP infheistíocht go díreach sa nuálaíocht don gheilleagar ciorclach mar chuid dá chlár Fiontraíochta Glaise. Bronnadh deontas ar cheithre thionscadal nua i 2019 le hobair a dhéanamh ar fhuascailtí nua coiscthe dramhaíola do bhia, plaistigh agus teicstílí. Cuireadh seacht dtionscadal níos sine i gcrích le linn 2019, agus foilsíodh tacair uirlisí, eiseamláirí agus treorú don gheilleagar ciorclach.

Thug an GCC tacaíocht don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil sa tionscnamh 'Rialtas Glas'. Leis sin a bhaint amach, foilsíodh lámhleabhar ar phleanáil na héifeachtúlachta acmhainní do ranna rialtais, agus baineadh leas as uirlis NWPP ar líne don Éifeachtúlacht Acmhainní (TREE).

Rinne an GCC cathaoirleacht ar ghrúpa oibre maidir le Cosc Dramhaíola san Fhoirgníocht & Scartáil, agus an Cleachtas is Fearr agus an Geilleagar Ciorclach. Tháinig an grúpa ar chomhaontú maidir le moltaí beartais chun dramhaíl foirgníochta & scartála a laghdú, le cur chun feidhme i 2020 agus níos faide ar shiúl. Foilsíodh taisclann de dhoiciméid maidir le beartas agus treoir dea-chleachtais don earnáil: *www.epa.ie/waste/nwpp/candd/*.

Rinne an GCC urraíocht ar an Dúshlán Athchúrsála Aníos (Upcycle Challenge), i gcomhar leis na Réigiúin Pleanála Bainistíochta Dramhaíola. Reáchtáladh an comórtas sin mar chuid den tionscnamh náisiúnta 'Mí na hAthúsáide', agus fuarthas 230 iontráil ó dhaoine a bhí ag obair ar thionscadail chun earraí a caitheadh ar leataobh a athchúrsáil aníos le haghaidh úsáidí nua, amhail troscán don taobh amuigh agus éadaí.

Déanann an NWPP feidhmiú 'Líonra na hAthúsáide Pobail in Éirinn' a mhaoiniú, an scátheagraíocht a bhíonn ag tacú le heagraíochtaí athúsáide agus deisithe in Éirinn, ar gníomhaíochtaí lárnacha sa gheilleagar ciorclach iad. I 2019, rinne na 25 ball atá ann níos mó na 23,000 tona ábhar a athúsáid (a mheastar a shábháil 220,000 tona carbóin). D'fhostaigh na baill 670 duine agus chuir 1,600 post oiliúna ar fáil chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach.

Thug an NWPP tacaíocht do dhá ardán bunaithe ar an ngeilleagar ciorclach; 'FreeTrade Ireland' agus Repairmystuff.ie. Ar 'FreeTrade Ireland', is féidir leis an bpobal earraí nach bhfuil de dhíth níos mó a thairiscint lena n-athúsáid saor in aisce; Cuireadh 8,300 malartú i gcrích i 2019. Is é *www.repairmystuff.ie* an t-eolaire náisiúnta deisithe ar líne, agus le linn 2019 chuaigh corradh le 800 gnólacht deisithe i dteagmháil le 8,000 cuairteoir míosúil.

## Deireadh a Chur le Cur Amú Bia

Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí chun cosc a chur le cur amú bia i 2019 trí StopFoodWaste.ie, an feachtas náisiúnta do shealbhóirí tí chun cosc a chur le cur amú bia .

Mar chuid de phlean straitéiseach sna meáin shóisialta chun lucht féachana Stop a Chur le Cur Amú Bia a ardú, seoladh cainéal nua ar Instagram chun dul i bhfeidhm ar aoisghrúpaí níos óige agus rinneadh feachtais náisiúnta a fhorbairt chun trácht a threorú chuig *www.StopFoodWaste.ie*, suíomh gréasáin an fheachtais. De thoradh na dtionscnamh sin bhí méadú 57 faoin gcéad sna leantóirí ar na meáin shóisialta i 2019 go raibh níos mó ná 23,000 ann. Tháinig ardú 25 faoin gcéad ar an trácht chuig suíomh gréasáin StopFoodWaste.ie, agus tugadh 12,000 cuairt míosúil air ar an meán.

Bhí seachtain 'Deireadh a Chur le Cur Amú Bia' ann i mí an Mheithimh agus chláraigh 200 gnólacht le faisnéis agus acmhainní a fháil lena scaipeadh ina n-áiteanna oibre agus chun cuidiú le daoine dramhaíl bia a laghdú sa bhaile agus ina n-áiteanna oibre. Sheol an GCC clár píolótach oiliúna chomh maith dírithe ar an dramhaíl bia a laghdú sa bhaile a tugadh do bhaill foirne ina n-áiteanna oibre.

Chuir an GCC paca acmhainní oideachais ar fáil chun tacú le níos mó ná 20,000 dalta den Teastas Sóisearach foghlaim faoin dhramhaíl bia a laghdú mar chuid de churaclam na hEacnamaíochta Baile.

Gníomh ar son na haeráide is ea an dramhaíl bia a laghdú, agus bheadh sé breá simplí do dhaoine tabhairt faoi go laethúil. D'fhonn béim a leagan ar an nasc sin idir an dramhaíl bia agus an t-athrú aeráide, reáchtáil an GCC clár cumarsáide náisiúnta a mhair coicís i mí na Samhna. Chuathas i dteagmháil le níos mó ná 2.6 milliún duine le linn an fheachtais, breis agus 530,000 ina measc lena ndearna teagmháil i dteachtaireachtaí ar na meáin shóisialta.




Lean an GCC den teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bpobal ag dhá imeacht thábhachtacha náisiúnta, Bloom agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, ar a raibh níos mó ná 400,000 i láthair, chomh maith le himeachtaí ar bhonn réigiúnach, inar tugadh 47 caint phoiblí, ceardlann agus imeacht. Cuireadh oiliúint ar bheagnach 400 duine maidir leis an dramhaíl bia a laghdú mar chuid de Dhúshláin Dheireadh a Chur le Chur Amú Bia a bhí bunaithe san áit oibre agus sa phobal.

I mí Iúil, d'fhreastail 100 duine, idir pháirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas, ar an tríú Fóram de chuid na GCC maidir leis an Dramhaíl Bia, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dramhaíl bia in Éirinn agus chun gníomhartha coisctthe a phlé don am atá le teacht. Mar chuid den imeacht sin, seoladh na torthaí ó staidéar maoinithe ag an GCC maidir leis an dramhaíl bia i seirbhísí bia agus gnólachtaí miondíola. Fuarthas amach go ngineann na hearnálacha sin 250,000 tona dramhaíola bia gach bliain. Fuarthas amach sa taighde gur féidir cuid mhór den dramhaíl sin a sheachaint agus measadh gur €300 milliún luach na dramhaíola bia san earnáil aíochta amháin.

Lean an GCC den Chairt Dramhaíola Bia a chur chun cinn. Cuireadh acmhainní nua agus treoir ar fáil chun dramhaíl bia a thomhas san earnáil aíochta. Lean an GCC ar aghaidh i mbun teagmháil faoin dramhaíl bia, tríd an nGrúpa Gníomhaíochta Miondíola, agus shínigh cúig mhiondíoltóir grósaeireachta an Chairt, dírithe ar thuairisciú níos fearr, dul i mbun gnímh leis an dramhaíl bia a laghdú; agus teagmháil a dhéanamh lena mbonn custaiméirí.

Ghlac an GCC páirt in ardán an AE maidir le Caillteanais agus Dramhaíl Bia, agus chuir lenar cuireadh i láthair: 'Moltaí chun an Dramhaíl Bia a chosc'.

## Dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú

Chuir an GCC roinnt gníomhartha chun cinn le linn 2019 maidir le dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú, a bhí ag teacht leis na gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta chun Dramhaíl Ghuaiseach a Bhainistiú (NHWMP).


Ritheann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an feachtas 'Leigheas Nár Úsáideadh a Dhiúscairt mar is Ceart' (DUMP) agus tacaíocht á fáil ó údaráis áitiúla. San fheachtas, moltar don phobal leigheasanna breise nó éagtha a thabhairt ar ais do chógaslanna páirteacha ionas go ndéanfar iad a dhiúscairt go sábháilte, agus déantar éascaíocht air sin. Rinne an GCC anailís ar an dramhaíl a bailíodh ó chiogal den fheachtas i gCorcaigh agus Ciarraí i 2019. Bhí 250 cógaslann i gceist a bhailigh ceithre thona dramhaíola leighis thar thréimhse sé seachtaine. Fuarthas amach sa staidéar go raibh púdair; piollairí scaoilte; agus piollairí i spuaicphacaí ar 60 faoin gcéad den dramhaíl. Ar an dramhaíl eile a bhí ann bhí uachtair & glóthacha; leachtanna agus síoróipí; agus gléasanna cuir i gcás pinn eipineifrín agus análóirí. Meastar gur gá 29 tona leigheasanna a dhiúscairt go sábháilte gach bliain in Éirinn, agus beidh an staidéar seo in ann eolas a chur ar fáil chun réiteach náisiúnta a fhorbairt chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

Chuir an GCC staidéar ar bun chun fairsinge na dramhaíola guaisí a mheas i dtáirgí péinte dramhaíola baile agus cótaí ornáideacha. Rinneadh scrúdú sa staidéar ar 92 táirge péinte agus vearnaise agus cuireadh bunachar sonraí ar fáil dá bharr ina bhfuil faisnéis maidir le guaiseacht na dtáirgí a ndearnadh iniúchadh orthu. Tá cuid mhaith táirgí péinte uiscebhunacha a bhfuil sé curtha in iúl ag an déantúsóir gur táirgí neamhghuaiseacha iad, agus tá tromlach na dtáirgí péinte atá bunaithe ar thuaslagóirí aicmithe ag an déantúsóir mar tháirgí guaiseacha. Bunaithe ar an gcód dramhaíola atá sannta ag na déantúsóirí do na táirgí, is féidir caitheamh le lear maith den dramhaíl péinte tí amhail is gur dramhaíl neamhghuaiseach

atá i gceist. Fuarthas amach mar chuid den staidéar sin nach raibh ach eolas teoranta maidir le pacáistíocht na dtáirgí sin a dhiúscairt, nó go raibh an t-eolas in easnamh.

Ar cheann de na spriocanna atá ann faoin NHWMP, táthar le fairsinge na dramhaíola atá bainteach leis an talmhaíocht a mheas. Úsáidtear dip caorach go forleathan in Éirinn, agus féadann an dip tionchar tromchúiseach a imirt ar shláinte an duine agus ar an mbeathra uisceach mura ndéantar í a dhiúscairt mar is ceart. Chuir an GCC tús le staidéar le méid na dipe caorach a úsáidtear in Éirinn gach bliain a mheas, agus chun rialacháin agus treoir chuí a fhorbairt chun dip chaite caorach a bhainistiú.

Tá an GCC ag leanúint de bheith ina cheannasaí náisiúnta ar an NHWMP, agus den abhcóideacht a dhéanamh le haghaidh athruithe oibríochta agus beartais le cinntiú go mbíonn bainistiú dramhaíola guaisí ag cloí leis an gcleachtas, béim ar ghníomhartha coiscthe san áireamh. Tiocfaidh an plean reatha chun deiridh i 2020, agus cuirfear tús i 2020 leis an bpróiseas chun plean athbhreithnithe a ullmhú don tréimhse 2021 go 2028.




# 5

"Forbróimid ár mbaill fhoirne agus déanfaimid ár n-eagraíocht a ailíniú chun torthaí den scoth don chomhshaol a sheachadadh, agus chun é seo a chur i gcrích, díreoimid ar fhorbairt agus ar chur chun cinn sláinte, folláine agus sábháilteachta oibre in eagraíochtaí, agus cothóimid cultúr ceannaireachta, leasúcháin agus nuálaíochta."

# 5. FEABHAS EAGRAÍOCHTA

## 5.1 STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA



## Bord Stiúrthóirí na GCC




Sa phictiúr (ó chlé go deis): An Dr Matthew Crowe (Stiúrthóir, an Oifig um Fhianaise agus Measúnú), An Dr Micheál Lehane (Stiúrthóir, An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil), An Dr Eimear Cotter (Stiúrthóir, An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil), Laura Burke Uasal (Ard-Stiúrthóir), Gerard O'Leary Uasal (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha) agus an Dr Tom Ryan (Stiúrthóir, An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil)

### Cruinnithe Boird

Tá seisear Stiúrthóir Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord na GCC. Tionóladh 53 cruinniú den Bhord i 2019 ar an iomlán: 15 cruinniú ginearálta inar pléadh saincheisteanna a bhain le beartas corparáideach, rialachas, straitéis, airgeadas agus pleanáil, chomh maith le 38 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceisteanna oibríochta.

## Coiste Comhairleach GCC

Cuireann Coiste Comhairleach ar a bhfuil 12 comhalta cúnamh ar fáil do Bhord Feidhmiúcháin GCC. Déanann eagraíochtaí forordaithe na comhaltaí sin a ainmniú agus an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad a cheapadh. Rinneadh beirt chomhaltaí nua a cheapadh chuig an gCoiste in Iúil 2019 in ionad na gcomhaltaí a d'éirigh as i 2018. Tá Ard-Stiúrthóir GCC ina chomhalta den Choiste agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste, de bhrí oifige. Maireann téarma oifige an Choiste trí bliana.

Tá réimse leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste Comhairleach faoin Acht GCC 1992, arna leasú, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh don GCC, nó don Aire, maidir le feidhmeanna na GCC.



Sa phictiúr (ó chlé go deis): Seán Finan Uasal, Seán Finlay Uasal, Aebhin Cawley Uasal, An Dr Cara Austenborg, an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Richard Bruton, TD, An Dr Rónán Kennedy, Laura Burke Uasal, Elaine Nevin Uasal agus an Dr Ina Kelly. As láthair ón ngrianghraf: An Dr Áine Ryall, Colette Byrne Uasal, Harold Kingston Uasal agus An Dr Laure Marignol.

## Comhaltaí Ceaptha ó Chomhlachtaí Forordaithe

Collette Byrne Uasal (ainmnithe ag Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach)

An Dr Ina Kelly (ainmnithe ag Stiúrthóirí Sláinte Poiblí de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

An Dr Cara Augustenborg (ainmnithe ag Líonra Comhshaoil na hÉireann)

An Dr Rónán Kennedy (ainmnithe ag Cumann Dlí Comhshaoil na hÉireann)

Harold Kingston Uasal (ainmnithe ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann)

Elaine Nevin Uasal (ainmnithe ag Comhairle Náisiúnta na nÓg)

An Dr Laure Marignol (ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) a ceapadh ar an 1 Iúil 2019

### Baill Ceaptha ag an Aire

An Dr Áine Ryall

An tUas. Sean Finlay

Aebhin Cawley Uasal, a ceapadh ar an 1 Iúil 2019

An tUas. Sean Finan

### Cathaoirleach

Laura Burke Uasal, Ard-Stiúrthóir, GCC

### Cruinnithe

Cuireadh tús le téarma oifige an 7ú Coiste Comhairleach i Nollaig 2016 agus cuireadh crích leis i Nollaig 2019. Le linn 2019, tionóladh trí chruinniú ag suíomhanna éagsúla na GCC agus suíomhanna seachtracha.

Sa tuarascáil a thug an Coiste Comhairleach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, rinneadh taifead de na príomhcheisteanna a phléigh an coiste le linn a théarma oifige. Leagadh amach sa tuarascáil sraithe moltaí don GCC, agus don Aire, a bhain le feidhmeanna na GCC. Tá réimsí ceisteanna tábhachtacha sna moltaí, agus áirítear orthu: moltaí sainiúla a rinneadh don GCC i dtaca leis na réimsí seo: Straitéis Chumarsáide, Suíomh Gréasáin na GCC, agus Rochtain ar Fhaisnéis agus Sonraí Oscailte. Bhain na moltaí a tugadh don Aire leo seo: Acmhainní, Nithe Buiséid, Gníomhú ar son na hAeráide, Bainistíocht Dramhaíola, Cáilíocht an Aeir, agus Rochtain ar Fhaisnéis agus Sonraí Oscailte; agus moltaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh don obair a dhéanfaidh an Coiste Comhairleach atá le teacht.

Tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC: *http://www.epa.ie/about/org/ac/*.

## Coistí Comhairleacha Eile

### Coiste Comhairleach um Dhumpáil ar Farraige

Bhí an téarma oifige don choiste comhairleach maidir le Dumpáil ar Farraige ar siúl don tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2016 go Deireadh Fómhair 2019. Bhí aon chruinniú amháin ann i 2019 agus rinneadh tuilleadh plé idir an GCC agus an coiste le linn na tréimhse trí mheán na cumarsáide leictreonaí. Chuathas i gcomhairle leis an gcoiste ar na hiarratais ar fad ar cheadanna, agus chuir an coiste le treoir nua iarratais d'iarratasóirí ar cheadanna. Rinneadh sa treoir an foilseachán 'Addendum to 2006 Guidelines for the Assessment of Dredged material in Irish Waters' (Foras na Mara, 2019) a mheas, inar tugadh sonraí athbhreithnithe maidir le leibhéal na gníomhaíochta a bheith níos lú d'arsanaic agus nicil, faoi mar a bhaineann sin le hábhair dhreidireachta a aicmiú. Rinne an coiste plé fosta ar mhonatóireacht ar Chuan Bhaile Átha

Cliath, soithí lódála/dumpála a cheadúnú le bheith ina mbáid do phaisinéirí agus an tionscadal reatha Interreg maidir le hathúsáid thairbheach dríodar.

### An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe

Reáchtáladh cruinniú amháin den Choiste Comhairleach um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (GMO AC) le linn 2019. Ba é sin an dara cruinniú den 8ú Coiste Comhairleach um OGM (2017-2020) inar pléadh an cinneadh a rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil le teicnící nua só-ghinis. Ba é an cuspóir a bhí leis an bplé sin faisnéis a bhailiú i dtaca le tionchar an chinnidh ar réimse earnálacha.

Chomh maith leis sin, cuireadh an Coiste Comhairleach um OGM ar an eolas faoi chúig fhógra ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) maidir le húdarú margaíochta le haghaidh táirgí leigheasacha daonna a raibh OGManna iontu. Tugadh eolas faoin bplé a rinne an Coiste Comhairleach um OGM i dTuarascáil an Chigire don Stiúrthóir.

### An Coiste Comhairleach um Shláinte

Cuireadh an Coiste Comhairleach um Shláinte ar bun i 2011, agus is é an cuspóir atá aige ná cabhrú leis an GCC agus comhairle a chur uirthi maidir leis na himpleachtaí sláinte poiblí a bhaineann le ceisteanna cosanta comhshaoil. Tá ionadaithe ar an gcoiste ó chomhlachtaí poiblí a bhíonn ag obair ar cheisteanna comhshaoil agus sláinte, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Bord Taighde Sláinte, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE), An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, An Roinn Sláinte, An Bord Pleanála, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae (CCMA). Tháinig an coiste le chéile aon uair amháin le linn 2019, agus ar na topaicí a cíoradh áiríodh an straitéis náisiúnta um rialú radóin, bearnaí i dtaighde radóin, an comhshaol agus sláinte sa tuarascáil Staid an Chomhshaoil 2020 agus uasdátú maidir le taighde comhshaoil agus sláinte.

### An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch

Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch i 2019. Beidh téarma oifige trí bliana ag an gcoiste sin. Tá seisear comhalta déag ar an gcoiste, iad ainmnithe ag eagraíochtaí agus tá saineolas acu a bhaineann le feidhmeanna na GCC um chosaint raideolaíoch. Bhí dhá chruinniú ag an gcoiste agus rinneadh plé ar na hábhair seo: an creat rialála nua i dtaca le cosaint ar radaíocht, ról na GCC i ndáil le comhairle sábháilteachta núicléiche agus ullmhacht éigeandála, an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin, cumarsáid maidir le baol radóin, agus suirbhé beartaithe náisiúnta chun ábhair imní an phobail maidir le radaíocht a mheas.



## 5.2 ACMHAINNÍ DAONNA

Is é is mian do Straitéis na GCC maidir le Forbairt na nAcmhainní Daonna (HRD, 2017-2020) ná a bheith inár n-eiseamláir faoi mar a bhaineann le maoirseacht agus forbairt ár ndaoine agus acmhainní na heagraíochta.

Chun tacú leis an Straitéis HRD rinneadh ceithre ghníomh agus sprioc straitéiseacha a aithint ina bhfuil an GCC tiomanta do lucht saothair a chothú a bheidh sláintiúil, dearfach agus acmhainneach; ár ndaoine agus acmhainní na heagraíochta a fhorbairt; cumhacht a thabhairt dár mbainisteoirí ionas gur saineolaithe agus ceannasaithe a bheidh iontu agus ár modh soláthair sna hacmhainní daonna a fhorbairt.

Le linn 2019, rinneadh dul chun cinn suntasach le gníomhartha tosaíochta ón Straitéis a chur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an gCreat Inniúlachta agus an Próiseas Earcaíochta.
- Forbairt a dhéanamh ar Líonra Bainistíochta agus Ceannaireachta fhoireann na meánbhainistíochta.
- Feabhas a chur ar an Tionscnamh Forbartha Foirne chun tacú le forbairt foirne.
- Athbhreithniú ar Chomhpháirtíocht Ghnó na nAcmhainní Daonna.
- Próisis ghnó fhorbairt na n-acmhainní daonna a fheabhsú i rith an ama.

### Earcaíocht

Tugtar aitheantas don GCC mar rogha fostóra san earnáil phoiblí agus bíonn an-suim i gcónaí i bpoist a fhógraítear. Le linn 2019, d'fhógair an GCC 20 comórtas oscailte earcaíochta ina bhfuarthas beagnach 1,000 iarratas. Rinneadh athbhreithniú ar an gCreat Inniúlachta agus Próiseas Earcaíochta chun díriú isteach ar bhaill fhoirne a tharraingt agus a choinneáil a bhfuil na scileanna agus saineolas cuí acu.

Fuair an GCC cead le haghaidh naoi bpost sa bhreis le linn 2019 rud a fhágfaidh go mbeidh 420 ball foirne faofa ann. Tá thart faoi 170 ball foirne bunaithe sa cheanncháras i Loch Garman, agus na baill eile foirne lonnaithe i gcúig Chigireacht Réigiúnacha agus dhá Oifig Hidriméadracha ar fud na tíre.



Baill foirne GCC ar Lá na Gníomhaireachta, 2019

### Socrúcháin

Lean an GCC le rannpháirtíocht a dhéanamh le réimse leathan institiúidí oideachais tríú leibhéal faoi chlár intéirneachta le go mbeidh deis ag mic léinn oibriú leis an GCC agus taithí agus saineolas a fháil. Rinneadh seacht n-intéirneacht íoctha a thairiscint le linn 2019, agus líonadh iad.

Lean clár samhraidh na socrúchán do mhic léinn ar aghaidh in 2019, agus bhí deis ag 27 mac léinn tríú leibhéal an teoiric agus na scileanna atá foghlamtha ina gcuid oibre cúrsa a aistriú isteach chuig an gcleachtas thar fheidhmeanna gnó na GCC, inar chuir siad dearcthaí úra le hobair na GCC, chomh maith le luachanna breise a chur leis an obair sin.

### Scileanna agus cumais

Chun teacht le Straitéis forbartha na n-acmhainní daonna, cuireann an GCC réimse leathan tacaíochtaí oiliúna ar fáil do gach ball foirne le doimhneacht na scileanna agus an eolais atá ann ar fud na heagraíochta a fheabhsú agus chun tacú le sainordú agus cuspóirí straitéiseacha na GCC a sholáthar.

Tá an tiomantas sin le feiceáil sa chaiteachas don fhoghlaim agus forbairt arb ionann é sin agus thart ar thrí faoin gcéad den chaiteachas ar phárolla. Ghlac baill fhoirne páirt in a lán imeachtaí le linn 2019, inar áiríodh cúrsaí oiliúna, ceardlanna, comhdhálacha agus seimineáir. Tuigtear sa GCC gur fóram suntasach na modhanna sin don fhoghlaim neamhfhoirmiúil. B'ionann é sin agus 2,735 lá oiliúna san iomlán – 6.4 lá oiliúna in aghaidh an duine ar an meán.

## Ceannaireacht láidir

Tá roinnt tionscnamh ar fáil do cheannairí sa GCC, amhail an cur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach de chlár Scileanna Riachtanacha Bainistíochta agus Ceannaireachta. Bhí an clár deartha ar dtús chun oiliúint bhainistíochta a thabhairt d'aon duine atá ag athrú ó phost mar bhainisteoir neamh-dhaoine go bainisteoir daoine. Tá sé leathnaithe ó shin chuig lucht éisteachta níos leithne, is é sin bainisteoirí ó gach leibhéal a bhfuil suim acu a gcuid cumais ceannaireachta a athnuachan agus a athdhíriú.

Cuimsíonn an clár agus léiríonn sé na bunluachanna atá ag an GCC agus dírítear freisin ann ar fhoghlaim ghníomhach. Tugann sé sin an t-eolas, scileanna agus iompar do bhainisteoirí GCC lena gcuid clár oibre agus, faoi dheireadh, Straitéis GCC a chur i gcrích.

Bunaíodh an Líonra Bainistíochta agus Ceannaireachta i 2019, a chruthaigh líonra éifeachtach i measc lucht na meánbhainistíochta agus cur chuige dearfach i leith na ceannaireachta ar fud na heagraíochta ós rud é gur tógadh pobal cleachtais agus piarfhoghlama.

Tá an Tionscnamh Forbartha Foirne deartha chun tacú le foirne agus chun cumais a chruthú sa GCC. Rinneadh athbhreithniú ar an gclár i 2019, agus tabharfar cuid de na hathruithe isteach i gcur chuige Cóitseála Foirne amach anseo.

## Comhpháirtíocht

Tá Coiste Comhpháirtíochta GCC, Meitheal, ar bun ó 1999 i leith. Le linn 2019, lean Meitheal ar aghaidh ina ról comhairliúcháin do bhaill foirne maidir le Plean Straitéise na GCC agus Straitéis HRD a chur i bhfeidhm agus tionscnaimh na Foirne Glaise a fhorbairt agus a chur chun cinn. Thug Meitheal tacaíocht ar bhonn leanúnach do rannpháirtíocht na GCC in Junior Achievement Ireland agus tionscnaimh fo-rochtana eile, chomh maith le ceannaireacht a thabhairt do rannpháirtíocht na GCC i Lá Náisiúnta na Folláine sa Láthair Oibre.



## Folláine Láthair Oibre ag an GCC

Thug an GCC faoi athbhreithniú a dhéanamh i 2019 ar na tacaíochtaí atá ar fáil faoi mar a bhaineann leis an tSláinte agus Folláine faoin Straitéis HRD. Sheol an GCC feachtas dar teideal Cumhacht Bhándearg agus Ghorm, i gcomhar le Cornmarket. Is é atá san fheachtas ná measúnú agus clár oideachais don tsláinte cíche agus próstataigh le haghaidh fostaithe a d'fhéadfadh beatha daoine a shábháil. Chomh maith leis sin, leath an GCC amach a Pholasaí maidir le Mí-úsáid Ábhar Meisciúil, agus mar chuid de bhí seisiún d'fhostaithe a bhain le feasacht alcóil agus drugaí. Anuas air sin, chuir an GCC iarratas isteach le haghaidh creidiúnaithe faoi Keep Well Mark IBEC agus beidh an measúnú sin ann i Feabhra 2020.

## Sábháilteacht, sláinte agus leas ag an Obair

Tuigeann an GCC go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas ina riachtanais bhunúsacha ina cuid oibríochtaí. I ndáil leis sin, is é polasaí na GCC a ghnó a dhéanamh ar bhealach a dhéanann sábháilteacht, sláinte agus leas a chosaint do bhaill foirne, cuairteoirí, conraitheoirí agus baill den phobal a mbeadh baint acu le gníomhaíochtaí na GCC. Soláthraíonn an GCC áit oibre shábháilte agus córas oibre sábháilte dá cuid ball foirne, chomh fada agus is féidir go praiticiúil, i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas Oibre, 2005 agus rialúcháin ghaolmhara. Tá córas nua bainistíochta sábháilteachta ann agus cuireadh cur i bhfeidhm an chórais sin i gcrích i 2019, rud a dhéanann an tiomantas sin a láidriú.

## 5.3 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Leagtar amach i straitéis chorparáideach na GCC an mhian atá san eagraíocht an acmhainn agus an úsáid a bhaintear as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a fheabhsú chun tacú le leasúchán agus nuálaíocht. Maoirsíonn fochoiste an Bhoird rialáil agus treoir straitéiseach an athraithe TFC a chumasaíonn TFC. Is iad na príomhthosaíochtaí a bhaineann le hinfheistíocht TFC ná réimsí amhail soláthar eolais, bainistíocht sonraí, seirbhísí ar líne agus roinnte, teicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus tógáil acmhainní inmheánacha TFC.

### Slándáil faisnéise

Tá faisnéis ina sócmhainn lárnach ag an GCC. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar faisnéis, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir na GCC a chosaint le go ndéanfaidh an GCC a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach. Clúdaíonn na cleachtais um shlándáil eolais sa GCC trí phríomhchuid: rúndacht, ionracas agus infhaighteacht. Dá réir sin, thug an GCC isteach beartais agus teicneolaíochtaí le cúpla bliain anuas chun freastal ar éileamh a bhfuil borradh faoi i réimse na slándála faisnéise, agus déantar athbhreithniú orthu siúd go tráthrialta.

Tugadh faoi iniúchtaí slándála faisnéise ar Chianrochtain, rochtain an Riarthóra TFC, agus rochtain ar Microsoft Azure Cloud na GCC i 2019, agus tá moltaí curtha i bhfeidhm. Cuireadh páipéar scóipe le chéile d’iniúchadh inmheánach ar Shlándáil Faisnéise ghnó na GCC, Cibearshlándáil san áireamh, agus tá an t-iniúchadh sceidealaithe le haghaidh 2020.

Cuireadh oiliúint i slándáil faisnéise ar fáil do na baill foirne ar fad agus chun cur leis an oiliúint sin bhí feachtas feasachta digití ann ag tarraingt ar dheireadh 2019. Rinne an tOifigeach Slándála Faisnéise athbhreithniú ar na polasaithe TFC agus rinneadh físeáin ar bhealach sothuigthe ar na polasaithe is tábhachtaí.

### Córais agus teicneolaíochtaí nua TFC

Tá athrú agus feabhas ag teacht ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide an t-am ar fad. Déanann an GCC iarracht a bheith cothrom le dáta leis an gcleachtas is fearr in TFC; le cinntiú go roghnófar na roghanna teicniúla is fearr, leis an leas is mó a bhaint as an teicneolaíocht nua, agus le cinntiú go mbainfear luach ar airgead amach in infheistíochtaí TFC.

Cuireadh obair shuntasach i gcrích i 2019 le hearraí nua a chur in ionad teicneolaíochtaí cumarsáide a bhí as dáta a d’úsáideadh baill foirne agus conraitheoirí den GCC. Tá córais chumarsáide ann anois atá níos fearr, níos gasta, níos comhtháite agus a bhfuil costas níos lú ag baint leo san áit a raibh córais éagsúla ní ba shine a húsáideadh do ghlaonna fóin, físchomhdháil agus cur teachtaireachtaí meandracha. Cuireann uirlisí físchomhdhála níos fearr ar chumas fhoirne na GCC a bheith ag obair le chéile ar bhonn níos éifeachtaí agus taisteal idir oifigí a ísliú.

Chun freastal ar riachtanais ghnó d'uirlisí níos fearr chun róil cúraimí comhshaoil agus bainistíochta na GCC a dhéanamh, tá gá le huirlisí agus córais nua TFC atá níos cumhachtaí. Tugtar táirgí agus feidhmchláir nua TFC d’fhoirne na GCC nuair atá an gá a aithnítear ag teacht le Straitéis Chorparáideach na GCC, nuair atá cás soiléir gnó ann agus nuair atá buiséad ar fáil.

## 5.4 CÓRAS BAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL

Tá an GCC tiomanta don dea-shampla a thabhairt le ceannaireacht a léiriú, agus tá bainistíocht agus cleachtas maith comhshaoil fite fuaite inár ngníomhaíochtaí coitianta. Tá Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS) á choinneáil ag an GCC, é deimhnithe don chaighdeán idirnáisiúnta ISO14001:2017 agus tá sé sin amhlaidh ó Mhárta 2010 i leith. Tá á dhícheall á dhéanamh ag an GCC a thionchar ar an gcomhshaol a fheabhsú i rith an ama, agus an caighdeán sin á úsáid leis sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, déantar truailliú a chosc agus feasacht faoin gcomhshaol a spreagadh.

### Forléargas fuinnimh

D'éirigh go suntasach maith leis an GCC coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí a bhaint amach faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, is é sin an t-éileamh ar fhuinneamh a ísliú níos mó ná 50 faoin gcéad ó bhí 2006 ann. Díol suntais a bhí ann gur éirigh leis an GCC sprioc 2020 an Rialtais a shárú roimh an spriocdháta, is é sin ísliú 33 faoin gcéad san éileamh ar fhuinneamh. Tá ríthábhacht ag baint le monatóireacht a dhéanamh ar an ídiú fuinnimh sna suíomhanna go léir leis na spriocanna sin a bhaint amach go dtí seo.


Tá Bainisteoir Comhshaoil Suímh (SEM) ceaptha ag an GCC do gach ceann dá láithreacha. Baineann an SEM úsáid as Córas Bainistíochta Foirgneamh (BMS) le húsáid fuinnimh a bhainistiú agus a rialú go gníomhach. Anuas air sin, úsáidtear Córas Bainistíochta Fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí i ngach láthair le sonraí úsáidte fuinnimh a sholáthar. Tá iarracht mhór agus caiteachas caipitiúil suntasach déanta le blianta beaga anuas le hídiú fuinnimh a ísliú agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid nuair is féidir, cuir i gcás gur aistríodh go Bio-LPG i gceannáras na GCC agus an úsáid a bhaintear as caidéil leictreacha teasa i mBaile Átha Cliath. Rinneadh dhá thionscadal phíolótacha chun soilsiú LED a uasghrádú i Muineachán agus i gCaisleán an Bharraigh i 2019, agus bhí laghdú 78 faoin gcéad san fhuinneamh soilsithe dá bharr.

Úsáidfear torthaí na dtionscadal phíolótacha sin mar eolas le haghaidh obair uasghrádaithe a dhéanfar amach anseo i bhfoirgnimh de chuid na GCC a bhfuil méid níos mó iontu. Mar pháirt de thiomantas na GCC i leith feithiclí astaíochtaí níos ísle a úsáid, fuair an GCC dhá fheithicil leictreacha in áit dhá fheithicil díosail agus suiteáladh bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú i ngach láthair de chuid na GCC.

### Úsáid fuinnimh

Tá an chuid is mó den ídiú fuinnimh in oifigí agus saotharlanna GCC ag baint le téamh spáis, soilsiú, cumhacht, uisce te agus breosla iompair. I 2019, ba é 3,113 meigeavatuair (MW h) ídiú iomlán fuinnimh na GCC (Fíor 11) a léiríonn laghdú 68 MWh ó 2018.

**Fíor 11.** Úsáid fuinnimh GCC (MWh)



# 5.5 RIALACHAS

## Rialachas corparáideach

Tá ríthábhacht ag baint leis an rialachas corparáideach don GCC lena shainchúram reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach. Déanann an rialachas corparáideach a áirithiú go bhfuil creatlach struchtúr agus próiseas ann a fhágann gur féidir le comhaltaí Boird measúnú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus ar fheidhmíocht chorparáideach go hoibiachtúil éifeachtach, agus san am céanna a áirithiú go gcomhlíonann na comhaltaí a gcuid freagrachtaí rialachais féin. Is é polasaí na GCC oibleagáidí rialachais agus freagrachta a chomhlíonadh ina n-iomláine agus féachaint chuig sampla an dea-chleachtais agus é sin á dhéanamh.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an Cód) riachtanach do gach comhlacht Stáit agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016. Le linn 2019, lean an GCC ar aghaidh le ceanglais rialachais a chur i bhfeidhm agus rinneadh an Cód a chomhlíonadh. Tá Aonad Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm agus tá sé freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus chomhlíonadh an Chóid.

## Bainistíocht Riosca


Tá an GCC tiomanta dá rioscaí a bhainistiú agus tá creat bainistíochta ar rioscaí i bhfeidhm a dhéanann na forálacha atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh.

Rinneadh athbhreithniú ar Pholasaí Bainistíochta Riosca na GCC i 2018 agus faomhadh é sin. Ina dhiaidh sin, rinneadh nuashonrú ar an ráiteas inghlacthachta riosca, na próisis bhainistíochta riosca a bhí i bhfeidhm (Fíor 12) agus róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca le linn 2019.

Tá Coiste Feidhmiúcháin ar Riosca (ERC) ann (a ndéanann an Príomhoifigeach ar Riosca cathaoirleacht air) ar a bhfuil beirt stiúrthóir agus triúr bainisteoir cláir. Chomh maith leis sin, tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ann ar a bhfuil seisear comhalta seachtrach agus bainisteoir sinsearach amháin ón GCC. Tá freagracht ar an ERC agus an ARC i dteannta a chéile as dearbhú a thabhairt do Bhord GCC agus comhairle a chur air faoi bhainistíocht riosca. Bíonn cruinnithe rialta ag an CFR agus tháinig na baill le chéile ceithre huaire i 2019. Bíonn cruinnithe rialta ag an CIR agus tháinig na baill le chéile cúig huaire i 2019.

Aithníonn an Clár Rioscaí Corparáideacha na rioscaí lárnacha atá os comhair na GCC agus tugtar sonraí ann faoi na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a thugtar do bhaill foirne sonracha. Déantar an Clár Rioscaí Corparáideacha a fhorbairt agus a bhainistiú ag an CIR, a athbhreithniú ag an CRF agus tugtar tuairisc air do Bhord GCC le faomhadh. I rith 2019, d'oibrigh an CIR agus an CRF as lámh a chéile chun Clár Rioscaí Corparáideacha na Gníomhaireachta a athfhorbairt.

**Fíor 12.** An próiseas bainistíochta riosca



Rinne an GCC measúnú ar rioscaí na GCC trí úsáid a bhaint as na próisis leagtha amach sa Pholasaí Bainistíochta Riosca. Déantar achoimre ar phríomhrioscaí na GCC thíos:

**Tábla 8.** Achoimre ar Rioscaí

| Líon | Riosca | Rialuithe |
|---|---|---|
| 1 | Loiceadh ar fhreagra éifeachtúil a thabhairt ar eachtra/éigeandáil shuntasach as ar tháinig truailliú. | Tá prótacal ar bun le bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais. Tá an GCC go fóill ina bhall gníomhach den Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) |
| 2 | Loiceadh ar dhualgais Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh. | Tugaimid faoi iniúchtaí réamhghníomhacha sábháilteachta ar réimsí a d'fhéadfadh riosca a bheith iontu agus déanaimid an obair a leanann ó na gníomhartha a aithnítear. Leanfaimid ar aghaidh leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a neadú ar fud na GCC. |
| 3 | Loiceadh ar rialuithe slándála na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i gcoinne cibirionsaithe agus caillteanas feidhmiúlachta. | Cuirimid Polasaí agus Nósanna Imeachta Slándála na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i bhfeidhm agus déanaimid infheistíocht i rith an ama in oiliúint agus i gcosaintí slándála a nuashonrú.  Bíonn an GCC ag plé nithe i gcónaí a bhaineann leis an gcibearshlándáil leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. |
| 4 | Loiceadh ar thráthúlacht a choimeád agus a fheabhsú maidir le roghanna ceadúnaithe comhshaoil i gcomhthéacs geilleagar atá ag fás. | Déanaimid plean bliantúil ceadúnaithe a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.  Tá bearnaí acmhainní á n-aithint ag an bpleanáil d'fhórsa saothair agus tá plé á dhéanamh i láthair na huaire leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun dul i ngleic leis sin. Déanaimid infheistíocht i rith an ama san oiliúint agus tugaimid faoi thionscadail feabhsúcháin lenár n-éifeachtúlacht a fheabhsú. |

## Iniúchóireacht Inmheánach

Le linn 2019, cuireadh an clár inmheánach iniúchóireachta chun cinn go gníomhach agus cuireadh moltaí ó iniúchtaí roimhe sin i bhfeidhm. I gcomhréir leis an gCód, rinneadh athbhreithniú foirmiúil seachtrach ar éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2019.

Críochnaíodh na hiniúchtaí seo a leanas i 2019:

- Athbhreithniú ar Phárolla agus Pinsin 2018.
- Iniúchadh Inmheánach ar na próisis agus nósanna imeachta atá i Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí.
- Athbhreithniú ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na GCC.
- Iniúchadh Inmheánach ar Nósanna Imeachta Forfheidhmithe.
- Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2019.

## Plean Straitéiseach


Seoladh Plean Straitéiseach cúig bliana na GCC i 2016. Sa phlean, tugadh fócas agus treoir go fóill do ghníomhaíochtaí oibre na GCC i rith 2019. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean i 2018 ina ndearnadh athruithe do thimpeallacht sheachtrach na GCC a mheas chomh maith leis na héachtaí a baineadh amach ó foilsíodh an plean i dtús báire. Ina dhiaidh sin, ainmníodh tosaíochtaí nua do chláir oibre 2019, inar áiríodh gníomhaíochtaí atá bainteach le rialáil, an Geilleagar Ciorclach agus an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid.  Díríodh isteach ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn ar na gníomhaíochtaí straitéisí le linn na bliana, agus tugadh nuashonruithe rialta ar ghníomhaíochtaí éagsúla do bhainistíocht shinsearach na GCC gach dara mí.

## Rochtain ar eolas

Tá an GCC tiomanta do bheith ina eagraíocht oscailte agus inrochtana. Tá dhá mhodh ar fáil do bhaill den phobal nach bhfuil ábalta teacht ar an eolas atá de dhíth orthu ar bhealaí eile go dtí seo: an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014, arna leasú, agus na rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC). Foilsíonn an GCC an méid eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh den SF, ar mhaithe le hoscailteacht, trédhearcacht agus freagracht. Dá réir sin, ceadaítear taifid a fhoilsiú nó a thabhairt lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise chomh fada is nach bhfuil cosc air sin de réir dlí ar fhoilseachán nó ar bhronnadh rochtana.

Le linn 2019, fuair an GCC 65 iarratas SF agus bhí trí cinn eile a tugadh anonn ó 2018. Faoi na Rialacháin maidir le RFC, fuair an GCC 84 iarratas agus tugadh 12 eile anonn ó 2018. I bhfíor 13 léirítear na Cinntí bunaithe ar na hiarratais a próiseáladh le linn 2019. Nuair a diúltaíodh iarratais, bhí ceann de na cúinsí seo amhlaidh: faisnéis phearsanta a bhí san fhaisnéis a iarradh, ní raibh an fhaisnéis ann, faisnéis tráchtála íogaire a bhí ann, nó bhí na hiarratais iomarcach nó go follasach míréasúnta.

**Fíor 13.** Cinneadh SF & RFC Eanáir go Nollaig 2019




## Nochtuithe cosanta

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tá sé ina cheangal tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus aon bhearta a glacadh mar fhreagra ar nochtuithe.

Dearbhaíonn an GCC nach ndearnadh aon nochtadh faisnéise don GCC mar fhostóir, faoi Alt 6 den Acht, i 2019.

Ní bhfuair Ard-Stiúrthóir na GCC aon nochtadh ó pháirtithe seachtracha le linn na bliana, i gcomhthéacs an róil atá aici mar Dhuine Forordaithe maidir le héagóracha ábhartha a nochtadh i ngach ní a bhaineann le cosaint an chomhshaoil sa Stát.





# 6. AGUISÍNÍ

## 6.1 AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997

Tagann an GCC faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, rud a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002.

Is é polasaí na GCC féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá córais agus nósanna imeachta ar leith curtha i bhfeidhm le go bhféadtar sonraisc a rianú agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh go laethúil i Rannóg na gCuntas, agus déantar iad a fhiosrú go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear iad lena n-íoc gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialuithe seo chun urrús réasúnach, ach ní absalóideach, a thabhairt in éadan neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán.

Bhí íocaíocht dhéanach amháin ann le linn 2019 lena raibh luach breis agus €317, agus rinneadh sin 13 lá tar éis an dáta dlite. Ba é luach na híocaíochta déanaí seo ar deireadh ná €7,544.82.

Ar an iomlán, b'ionann íocaíochtaí déanacha agus 0.025% de luach iomlán na n-íocaíochtaí atá clúdaithe ag an Acht, agus bhí ús pionóis gaolmhar de €21.50 ann.

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir an GCC

30 Meitheamh 2020

## 6.2 SAINCHOMHAIRLEOIRÍ & COMHAIRLEOIRÍ A CEAPADH

| | |
|---|---|
| Acustica Teo. | Réitigh Comhtháite Riosca |
| Aether Teo. | JBA Consulting |
| Ash Glebe Informatics Teo. | Katestone Environmental Pty Teo. |
| ByrneWallace | Levett-Therivel |
| Camp Dresser & McKee (Ireland) Teo. | Mason, Hayes & Curran |
| Carr Communications Teo. | McDowell Purcell Solicitors (Fieldfisher Ireland) |
| CERC (GBP) | Mazars |
| Certification Europe Teo. | Mentoring Connection |
| Cerena Consulting Teoranta | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) |
| Ionad na Teicneolaíochta Glaine | Operational Command Training Organisation |
| Conscia (Branda de chuid Connexus Recruit) | Remy Farrell, Abhcóide Sinsearach |
| Continuum Technologies Teo. | Ricardo-AEA |
| Crowleys DFK | RPS Group |
| Crowe Advisory Teo. | Scott Crawley |
| Dental Compliance Teo. | Smith and Williamson |
| An Dr Robbie Meehan | SureLeaf Systems |
| Enviroguide Consulting | SWECO UK |
| Gartner Ireland Teo. | TMC Consultants Teo. T/A Antaris |
| Geosyntec Consultants Teo. | Willis Towers Watson |
| Greenville Procurement Partners Teo. | |

## 6.3 FOILSEACHÁIN 2019 NA GCC

Tá foilseacháin na GCC ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na GCC: *www.epa.ie/pubs/reports/*

### Aer

Tá na tuarascálacha aeir seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: *www.epa.ie/pubs/reports/air/*

- *Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2018*
- *Táscairí Comhshaoil Uirbeacha: Leibhéil dé-ocsaíde nítrigine i mBaile Átha Cliath*
- *Tuarascáil Theicniúil 1: Measúnú Feadáin Idirleata Dé-ocsaíde Nítrigine Bhaile Átha Cliath*
- *Tuarascáil Theicniúil 2: Measúnú samhaltaithe ar Cháilíocht an Aeir i mBaile Átha Cliath*
- *Réamh-mheastacháin shealadacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann 1990 -2018*
- *Réamh-mheastacháin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann 2018-2040*
- *Astaíochtaí truailleán aeir na hÉireann 1990-2030*
- *Astaíochtaí deiridh gás ceaptha teasa na hÉireann 1990-2017*
- *Aighneachtaí fhardal náisiúnta na hÉireann 2019*

### Corparáideach

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar:*www.epa.ie/pubs/reports/other/corporate/*

- *Athbhreithniú Bliana na GCC – Buaicphointí ó 2018 – Béarla agus Gaeilge*
- *Grafaic Fhaisnéise RedC a dhéanann dearcthaí i leith ceisteanna comhshaoil a fhiosrú*
- *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na GCC, 2017- Béarla agus Gaeilge*
- *Cairt Custaiméirí na GCC- Béarla agus Gaeilge*
- *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais na GCC, 2018- Béarla agus Gaeilge*

### Radaíocht

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le radaíocht ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: *www.epa.ie/pubs/reports/radiation/*

- *Cód Cleachtais maidir leis na Rialacháin ar Radaíocht Ianúcháin (IRR19) san Fhiaclóireacht a chur i bhfeidhm 2019*

### Forfheidhmiú

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le forfheidhmiú ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: *www.epa.ie/pubs/reports/enforcement/*

- *Tuarascáil na GCC maidir le Forfheidhmiú Ceadúnais Tionsclaíochta agus Dramhaíola 2018*
- *Polasaí Comhlíontachta agus Forfheidhmithe*

### Dramhaíl

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le dramhaíl ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: *www.epa.ie/pubs/reports/waste/*

- *Staitisticí maidir le dramhaíl ghuaiseach d'Éirinn 2017*

### Uisce

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le huisce ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ar: *www.epa.ie/pubs/reports/water/*

- *Cáilíocht Uisce in Éirinn 2013-2018*
- *Grafaic Fhaisnéise maidir le Cáilíocht Uisce in Éirinn 2013–2018*
- *Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2018*
- *Grafaic Fhaisnéise maidir le Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2018*
- *Grafaic Fhaisnéise maidir le Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha 2018*
- *Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2018*
- *Grafaic Fhaisnéise maidir le Cáilíocht Uisce Snámha in Éirinn 2018*
- *Léarscáil Cáilíochta Uisce Snámha 2018*
- *Córais le haghaidh Cóireáil Dramhuisce Tí 2017–2018*
- *Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh i 2018*

### Doiciméid treoraithe

Tá na nótaí treoracha seo a leanas maidir le huisce ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: *www.epa.ie/pubs/advice/*

- *Nótaí Treoracha chuig Údaráis Áitiúla maidir le Clár Tomhaiste Radóin a Chur i bhFeidhm*
- *Comhairle ar Leibhéal Tagartha a Shocrú don Tiúchan Radóin in Institiúidí Fadchónaithe*
- *Seirbhísí Cláraithe GCC um Fheabhsú Radaíochta*
- *Seirbhísí Tomhaiste Radóin – Foirm Chláraithe agus Treoirlínte*
- *Prótacal maidir le Radón a Thomhas sa Bhaile & in Áiteanna Oibre*
- *Liosta Iompróirí Foinse in Éirinn*
- *Léarscáiliú Íogaireachta Comhshaoil (ESM) - Lámhleabhar Úsáideora*
- *Tosca Aeráide a chomhtháthú le Measúnú Comhshaoil Straitéiseach in Éirinn – Nóta Treorach*
- *Nóta dea-chleachtais maidir le SEA d'Earnáil na Dramhaíola*
- *Nóta dea-chleachtais maidir le SEA d'Earnáil na Foraoiseachta*
- *SEA a dhéanamh ar Phleananna Talamhúsáide Údarás Áitiúil – Moltaí agus Acmhainní na GCC*

- *Fardal Foinsí Faisnéise Spásúlachta an SEA - Meitheamh 2019*
- *Cur chuige na GCC i leith Dliteanas Comhshaoil agus Soláthar Airgeadais*
- *Treoir Bhreise maidir le Árachas Dliteanais i leith Dochar a dhéanamh don Chomhshaol*
- *Treoir na GCC do Cheadúnaithe maidir le hIarratais ar Athruithe a dhéanamh don tsuiteáil/saoráid*
- *Nóta Soiléirithe na GCC ar na Ceanglais maidir le Tástáil ar Phíblínte Faoi Thalamh ag Láithreáin Tionsclaíochta agus Láithreáin atá Ceadúnaithe le haghaidh Dramhaíola*
- *Nóta Treorach d'Earnáil na Tionsclaíochta maidir le Saoráidí Coinneála Uisce le haghaidh Dóiteáin*
- *Doiciméad treorach maidir le hIarratas ar Athrú, leagan amach: foirm ar líne*
- *Nóta Treorach maidir le hAer d'fhoirne inmheánacha monatóireachta (AG8)*
- *Nóta Treorach maidir le Tuairisciú ar Fheidhmíocht Chomhshaoil*
- *Treoir ar Ithir agus Cloch mar Sheachtháirge*
- *Critéir Dheiridh Dramhaíola le haghaidh Luaith Mhionaithe Bhreosla agus Luaith Íochtair Foirnéise - Bord Soláthair an Leictreachais (BSL)*
- *Critéir Dheiridh Dramhaíola le haghaidh Cumascán Athchúrsáilte - IMS*
- *Critéir Dheiridh Dramhaíola le haghaidh Cumascán Athchúrsáilte - Panda Greenstar*
- *Critéir Dheiridh Dramhaíola le haghaidh Ábhar Athchúrsáilte Teireataláite Polaitéine – Shabra Recycling Teoranta*
- *Treoir do Thaispeántóirí – Comhlíonadh Rialacháin WEEE agus Ceallraí*
- *Treoirlínte do Chuntais Twitter bainteach le Tionscadail Taighde atá Maoinithe ag an GCC*
- *Treoir maidir le Measúnú ar Thionchar Bolaidh do Láithreáin atá Ceadúnaithe ag an GCC (AG5)*
- *Nóta Treorach maidir le hAstaíochtaí Bolaidh (Nóta Treorach Aeir AG9)*
- *Astaíochtaí Truailleán Aeir na hÉireann 2017 (1990-2030)*
- *Achoimre ar Chlár PAN 17 Nollaig 2019*
- *Treoir maidir le hUllmhú agus Seoladh an Tuarascáil Bhliantúil Comhshaoil um Cheadúnais um Sceitheadh Fuíolluisce*
- *Aighneachtaí Fhardal Náisiúnta na hÉireann 2019*
- *Athbhreithniú ar Threoir ETS agus Réamhrá do Rialacha Saor-Leithdháilte Chéim 4*
- *Scéim Trádála Astaíochtaí an AE 2019 – Foirm Dhearbhaithe*
- *Teimpléad Phlean Modheolaíochta Monatóireachta Chéim 4*
- *Forléargas Ginearálta agus Rialacha Leithdháilte go Mionsonraithe 2019*
- *Rialacha Saor-Leithdháilte Chéim 4 – Teimpléad don Tuarascáil Fíorúcháin*
- *Teimpléad Thuarascáil Sonraí Bonnlíne Chéim 4*
- *Athruithe do Thábla Leithdháilte Náisiúnta 1 2019*
- *Athruithe do Thábla Leithdháilte Náisiúnta 2 2019*
- *Tábla Leithdháilte Náisiúnta Reatha*
- *Aighneachtaí UNECE na hÉireann 2019*
- *Clárlann an Aontais - Míreanna Spéise*
- *Nóta Treorach maidir le Dumpáil ar Farraige*
- *Ceanglais maidir le Monatóireacht agus Tuairisciú 2019*
- *Cur i láthair ó cheardlann na GCC an 27 Feabhra 2019*
- *Aguisín a ghabhann le Treoirlínte 2006 maidir le hÁbhar Dreideáilte in Uiscí na hÉireann a Mheas (Foras na Mara, 2019)*
- *Córais le haghaidh Cóireáil Dramhuisce Tí 2017-2018*
- *Grafaic Fhaisnéise Uisce Snámha 2018*
- *NIMS na hÉireann 2019*
- *Astaíochtaí Sealadacha Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2018*
- *Astaíochtaí Deiridh Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 1990-2017*
- *Grafaic Faisnéise: Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha 2018*
- *Soláthairtí Uisce Óil Chomhairle Contae Shligigh 2018*
- *Treoirlínte maidir le hÁbhar Dreideáilte a Mheas i gcomhair Diúscartha in Uiscí na hÉireann 2006*
- *Treoir maidir le hUllmhú agus Seoladh an Tuarascáil Bhliantúil Comhshaoil um Cheadúnais um Sceitheadh Fuíolluisce*
- *Suirbhé maidir le gás láithreáin líonta 2018*
- *Tuairisc ó Chuairt Láithreach maidir le Sceitheadh Fuíolluisce*
- *Grafaic Faisnéise: Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2018*
- *Páipéar Comhsheasaimh na GCC agus FSS ar Lotnaidicídí in Uisce Óil*
- *Tuarascálacha maidir le Soláthairtí Uisce Óil, de réir contae, don bhliain 2018 (www.epa.ie/pubs/advice/drinkingwater/drinkingwatersupplies2018/)*

# 6.4 TUARASCÁLACHA AR THAIGHDE COMHSHAOIL

## Cáilíocht an aeir

Tá na tuarascálacha aeir seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag http://www.epa.ie/pubs/reports/research/air/

- *Taighde 269: Brath Bithaerasóil Ar Líne (OLBAS)*
- *Taighde 270: Monatóireacht ar Cháilíocht an Aeir d'Éirinn*
- *Taighde 276: ETS san AE agus iomaíocht in Earnáil Tionsclaíochta na hÉireann*
- *Taighde 298: Cionroinnt Chomhtháite Foinse agus Impleachtaí Comhshaoil Ábhar Cáithníneach PM2.5 agus PM10*
- *Taighde 303: Tacaíocht Taighde do Staidéar Comhtháite Atmaisféarach ag Ceann Mhása*

## Athrú aeráide

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le taighde ar an athrú aeráide ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/

- *Taighde 265: Na Dúshláin a bhaineann leis an Oiriúnú Claochlaitheach don Athrú Aeráide: Léargas ón mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte*
- *Taighde 266: Sineirge Chianbhraiteachta atá Talamhbhunaithe le haghaidh Airíonna Néil agus Idirghníomhaíochtaí Néil Aerasóil*
- *Grúpa Comhordaithe ar Thaighde Aeráide: An chéad tuarascáil ar ghníomhaíochtaí: Meitheamh 2017- Nollaig 2018*
- *Taighde 277: Todhchaí Aeráid na hÉireann: Sonraí chun cinntí a dhéanamh*
- *Taighde 286: CON+ AIR: Ag dul i ngleic le coimhlintí na haeráide agus an truaillithe aeir*
- *Taighde 287: Aistriú a Chatalú agus a Thréithriú*
- *Taighde 288: Athbhreithniú ar Thosca Astaíochtaí Meatáin Beostoic*
- *Taighde 299: Measúnú ar Ghníomhaíocht Talmhaíochta ar Ithreacha Orgánacha Draenáilte*
- *Taighde 300: An tAthrú Aeráide sna Meáin in Éirinn*
- *Taighde 301: Freagraí Oiriúnaitheacha ar Thionchair Aeráide (ARC)*
- *Taighde 302: Gaibhniú Breosla Iontaise in Éirinn: Cén luach atá faoi riosca?*
- *Taighde 304: Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Ithreach a Scálú chuig an Leibhéal Náisiúnta*
- *Taighde 305: BRIAR: Cianbhraiteacht Ghníomhach a úsáid le haghaidh Aisghabháil Bhithmhaise in Éirinn*

## Bithéagsúlacht

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir leis an mbithéagsúlacht ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/biodiversity/

- *Taighde 275: Luachanna Margaidh agus Neamh-mhargaidh Seirbhísí Pailnithe in Éirinn a Mheas: Pollival Literature Review*
- *Taighde 291: Luachanna Margaidh agus Neamh-mhargaidh Seirbhísí Pailnithe in Éirinn a Mheas*

## Teicneolaíochtaí comhshaoil

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le teicneolaíocht chomhshaoil ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/tech/

- *Taighde 268: Tuarascáil FloodWarn ar Shintéis Teicneolaíochta: Teicneolaíochtaí chun Rabhadh a thabhairt maidir le Tuilte d'Éirinn*
- *Taighde 278: Uirlis Ghréasáin don Léarscáiliú Íogaireachta Comhshaoil a Fhorbairt agus a Thástáil chun Tacú le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil in Éirinn*
- *Taighde 281: Ábhar Méiseaphóiriúil Bithionsúiteach (BioMES) a úsáid chun Miotal Trom a Aisghabháil ó Dhramhaíl Tionsclaíochta*
- *Taighde 296: Polaiméirí Algacha*
- *An Cleachtas is Fearr ón Athbhreithniú ar Fheidhmiú Comhshaoil 2019 ar fud na 28 tír den AE*

## An Comhshaol agus an tSláinte

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir leis an gcomhshaol agus an tsláinte ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/health/

- *Taighde 273: UNVEIL: Aerú agus radón a thuiscint i bhfoirgnimh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de in Éirinn*
- *Taighde 295: Taighde ar ghnéithe de Chomhshaol, Iompar Tomhaltóir agus Sláinte na hÉireann: Clár Taighde Comhshaoil an ESRI 2016-2018*

## Uisce

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le huisce ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/water/

- *Taighde 267: Tacair Sonraí Gridille Ardtaifigh Innéacsanna Hidraeráide d'Éirinn*
- *Taighde 285: Dinimic Cothaitheach agus Éicifiseolaíocht Bláthanna Miocralga Faille in Inbhir agus Bánna Cósta na hÉireann (SeaMAT)*
- *Taighde 289: Fosfar ó Dhramhuisce: Teicneolaíochtaí Nua le haghaidh Cóireáil Ardleibhéil agus Athúsáide*
- *Taighde 293: Athúsáid Uisce i gComhthéacs an Gheilleagair Chiorclaigh*

- *Taighde 297: Bonneagar Taighde bainteach le hUisce a Aithint agus a Léarscáiliú in Éirinn*

## Bainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le bainistíocht acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/waste/

- *Taighde 271: Éifeachtúlacht Acmhainní in Earnálacha Tosaíochta Gnó na hÉireann*
- *Taighde 272: Measúnú ar XRF láimhe chun Earraí Dramhaíola a Scagthástáil maidir le Luachanna Teorann a Shárú i gcás Lasairmhoillitheach Bróimínithe*
- *Taighde 274: AgriBenchmark: Bainistíocht Inbhuanaithe ar Chothaithigh ar Fheirmeacha na hÉireann a Thagarmharcáil*
- *Taighde 279: An Ról atá le Díleá Anaeróbach a úsáid in Éirinn mar Spreagadh maidir le Bithmheatán*
- *Taighde 282: Dramhaíl Tráchtála Bhia a Laghdú in Éirinn*
- *Taighde 292: Creatlacha a Fhorbairt chun an Tionchar Comhshaoil a bhíonn ag Cinntí Cothaithe Leanaí ar Chúram Sláinte agus ar an tSochaí a Mheas agus a Mhaolú*
- *Taighde 294: Iniúchadh ar Aisghabháil Indiam ó LCDanna atá ag Deireadh a Ré*

## Socheacnamaíocht

Tá na tuarascálacha seo a leanas maidir le taighde socheacnamaíoch ar fáil ar shuíomh gréasáin na GCC ar: www.epa.ie/pubs/reports/research/econ/

- *Taighde 280: Forbairt a Dhéanamh ar an gCumas atá faoi Champais Tríú-Leibhéal mar Chúiseanna Athraithe san Aistriú i dtreo Pobail Inbhuanaithe*
- *Taighde 283: Ar an taobh thall den Nualiobrálachas: Luachana agus Iompar Inbhuanaithe Caithimh*
- *Taighde 290: Comhtháthú Beartais Chomhshaoil: Nuálaíocht agus Athrú*





Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus faoi na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Ráitis ar an Staid Airgeadais

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

# 7. RÁITIS AIRGEADAIS

## 7.1 RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ 2019

### Rialachas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an Ghníomhaireacht/GCC) faoin *Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*, 1992 (an tAcht). I gcomhréir le hAlt 19 den Acht tá an Ghníomhaireacht déanta suas d'Ard-Stiúrthóir agus de chúigear Stiúrthóir.

Ceaptar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí eile ag an Rialtas i gcomhréir le hAilt 21 agus 24 den Acht. Tá feidhmeanna GCC leagtha amach i gCuid III den Acht. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann siad an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist gnó. Is iad an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na GCC.

Ní bhaintear úsáid as an téarma 'Bord' san Acht chun comhlacht rialaithe na heagraíochta a ainmniú; seachas sin, tagraítear don 'Ghníomhaireacht' san Acht agus do 'Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' mar atá ainmnithe. Tugtar 'Comhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin ar Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' agus tugtar Bord Feidhmiúcháin ar chomhlacht rialachais na Gníomhaireachta.

Comhlíonann an Bord Feidhmiúcháin róil rialachais agus bhainistíochta araon.

Seirbheálann an tArd-Stiúrthóir mar Chathaoirleach an Bhoird Fheidhmiúcháin agus mar phríomhfheidhmeannach oibriúcháin GCC, agus iad ag comhlíonadh róil rialachais agus bhainistíochta araon, agus tá siad freagrach as an nGníomhaireacht a rith. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach don Oireachtas tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

Seirbheálann an cúigear Stiúrthóirí freisin mar an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin agus freagracht oibriúcháin laethúil orthu.

### Freagrachtaí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá raon leathan cumhachtaí agus dualgas deonaithe don GCC faoin Acht don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, mar atá leasaithe agus reachtaíocht ábhartha eile i leith an chomhshaoil agus chosaint radaíochta.

Is é ról an Bhoird i gcomhlacht poiblí ar bith ná ceannaireacht straitéiseach, stiúradh, tacaíocht agus treoir a thabhairt don chomhlacht agus tiomantas dá chuid luachanna, beartas agus cuspóirí lárnacha a chur chun cinn. I dteannta le freagrachtaí speisialta an Bhoird atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) agus san Acht GCC, tá freagrachtaí sonracha rialachais agus bainistíochta ar Bhord Feidhmiúcháin GCC mar Bhord Comhlachta Stáit, lena n-áirítear:

- déanamh cinnte go gcomhlíonann an comhlacht a chuid freagrachtaí mar atá leagtha amach le reacht nó in ord aireachta.
- ceannaireacht, fís agus treoir a thabhairt don chomhlacht.
- misean an chomhlachta a shainiú, cinneadh ar a chuspóirí straitéiseacha agus na beartais a fhorbairt a theastaíonn chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- dea-bhainistíocht a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh ar éachtaí na bainistíochta agus déanamh cinnte go mbaintear amach cothrom ceart idir ról an bhoird agus ról na bainistíochta faoi seach.
- spriocanna feidhmíochta a shocrú, lena n-áirítear príomhspriocanna airgeadais agus, go háirithe, aontú ar an mbuiséad agus dlúthmhonatóireacht a dhéanamh air.
- déanamh cinnte go n-iompraíonn an comhlacht é féin go heiticiúil agus ar bhealach a réitíonn le luachanna lárnacha an chomhlachta.
- ról an chomhlachta sa phobal a shainiú agus a chur chun cinn trí mheicníochtaí a fhorbairt chun tuairimí custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bhailiú agus trí dhaoine a choimeád ar an eolas ar bhealach oscailte, cuntasach agus freagrach.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord Feidhmiúcháin as bainistíocht GCC, ach le haghaidh cuspóirí praiticiúla tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do bhaill foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. In Alt 25(6) den Acht GCC foráiltear go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht ceann ar bith dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh nó a chur i gcrích trí nó ag aon stiúrthóir nó duine nó comhlacht eile atá údaraithe mar is cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag an mBord Feidhmiúcháin do leibhéil éagsúla sa GCC. Leantar tarmligean na gcumhachtaí ar aghaidh ag méadú agus an Ghníomhaireacht ag sealbhú feidhmeanna reachtaíochta breise le himeacht ama.

An Plean Straitéiseach reatha: Clúdaíonn an Plean Straitéiseach reatha *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine* an tréimhse 2016-2020. Sa Phlean Straitéiseach seo, leagtar amach na gníomhartha tosaíochta a dhéanfaidh an GCC sa tréimhse sin chun a mhisean a chomhlíonadh, is é sin ár gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann agus ár ndaoine agus ár gcomhshaol a chosaint

ar éifeachtaí díobhálacha na radaíochta agus an truaillithe. Cuirtear béim inti ar thábhacht comhshaoil ghlain chosanta dár sláinte, dár bhfolláine agus dár gcáilíocht beatha. Tá cúig sprioc straitéiseacha aitheanta ag an GCC dá Straitéis:

- Rialtóir Iontaofa Comhshaoil
- Ceannaire sa Réimse Fianaise agus Eolas Comhshaoil
- Tacadóir agus Comhpháirtí Éifeachtach
- Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil
- Feabhas Eagraíochta.

Tá obair agus freagrachtaí GCC leagtha amach: i Straitéis Chorparáideach GCC 2016 -2020; i gClár Oibre GCC; agus sa Chomhaontú Maoirseachta leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Gach mí, bíonn cruinniú tiomnaithe ag an mBord Feidhmiúcháin faoi shaincheisteanna rialachais agus bainistíochta a chuimsíonn:

- Leasanna a dhearbhú.
- Tuarascálacha um dhul chun cinn ar shaincheisteanna oibriúcháin ó Oifigí aonair.
- Bainistíocht airgeadais.
- Pleanáil straitéiseach.
- Bainistíocht cumarsáide.
- Saincheisteanna rialachais chorparáidigh (iniúchadh inmheánach san áireamh).
- Acmhainní daonna agus saincheisteanna soláthair foirne.

De réir Alt 50 den *Acht um Chaomhnú Comhshaoil*, 1992, ní mór don GCC gach gnáthchuntas agus cuntas iomchuí ar an airgead ar fad a fhaigheann sé nó a chaitheann sé a choinneáil i bhfoirm a cheadódh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú;
- dearbhú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an GCC freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 50 den Acht. Tá sé de fhreagracht ar an Ard-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin GCC a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as formheas an phlean agus an bhuiséid bhliantúil. Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht GCC ar bhonn míosúil trí thuarascálacha dul chun cinn ar Eochairtháscairí Feidhmíochta GCC a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin. Rinne an Bord Feidhmiúcháin measúnú deiridh bliana ar Ghníomhaíochtaí Cláir Oibre 2019 GCC agus cuireadh an Tuarascáil Bainistíochta Airgeadais deiridh bliana do 2019 faoina bhráid i mí Feabhra 2020.

Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is í tuairim an Bhoird Fheidhmiúcháin go dtugann ráitis airgeadais GCC léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais GCC ar an 31 Nollaig 2019.

## Struchtúr an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóir eile ar an mBord Feidhmiúcháin, a ngníomhaíonn duine amháin acu mar Leas-Ardstiúrthóir, agus iad go léir ceaptha ag an Rialtas. Ceaptar an tArd-Stiúrthóir ar feadh tréimhse seacht mbliana agus ceapadh na Stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana. I gcomhréir le hAlt 21 agus 24 den Acht, féadfar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí faoi seach a athcheapadh ag an Rialtas ar feadh dara tréimhse oifige nó tréimhse oifige eile ina dhiaidh sin.

Tháinig an Bord Feidhmiúcháin le chéile le haghaidh cruinnithe den Bhord Ginearálta i 2019. Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird Fheidhmiúcháin | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Laura Burke | Ard-Stiúrthóir | 8 Samhain 2011* |
| Gerard O'Leary | Leas-Ardstiúrthóir | 8 Bealtaine 2012* |
| Matthew Crowe | Stiúrthóir | 11 Aibreán 2010* |
| Micheál Lehane | Stiúrthóir | 1 Bealtaine 2016 |
| Eimear Cotter | Stiúrthóir | 1 Meán Fómhair 2017 |
| Tom Ryan | Stiúrthóir | 25 Lúnasa 2018 |

* dara téarma

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an GCC ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus aon chomhalta amháin ó Bhainistíocht Shinsearach GCC. Is é ról an CIR ná tacaíocht a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus an ráthaíocht bhainteach. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an CIR go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha. Bíonn cruinnithe rialta ag Cathaoirleach an CIR leis an Ard-Stiúrthóir agus tugann siad tuairisc uair amháin sa bhliain don Bhord ar fheidhmíocht an CIR.

Bhí cúig chruinniú ag an CIR i 2019. Tháinig athrú ar bhallraíocht an CIR i rith 2019 mar gheall gur tháinig deireadh leis na tréimhsí oifige don Dr Brian Cawley, don Dr Ian d'Alton agus do Marie O'Connor Uasal. Tá sonraí tugtha thíos faoi na baill den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith 2019:

| Ball CIR | Athruithe ar Théarma i rith 2019 |
|---|---|
| Brian Cawley (Cathaoirleach) | tháinig deireadh leis i mí Bhealtaine 2019 |
| Tom Barry (Cathaoirleach) | Ar an CIR roimhe sin agus ceaptha ina Chathaoirleach ó mhí AN Mheithimh 2019 |
| Marie O'Connor | tháinig deireadh lena téarma i mí Feabhra 2019 |
| Ian d'Alton | tháinig deireadh lena théarma i mí Iúil 2019 |
| Ciara McMahon | ceaptha ó mhí Eanáir 2019 |
| Nuala Bannon | ceaptha ó mhí an Mheithimh 2019 |
| John Maher | ceaptha ó mhí Mheán Fómhair 2019 |
| Eugene Kennedy | gan athrú |
| Caroline Bocquel | gan athrú |
| Allan Reid | gan athrú |

## Fochoistí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá dhá Fhochoiste Boird Fheidhmiúcháin bunaithe ag an mBord Feidhmiúcháin.

1. **Fochoiste TFC an Bhoird:** tá sé déanta suas de thriúr comhalta ón mBord Feidhmiúcháin agus tugann Bainisteoirí Cláir sinsearacha agus an fhoireann shinsearach TFC tacaíocht dó. Is iad na baill den Bhord Feidhmiúcháin atá ar an gcoiste seo ná: An Dr Micheál Lehane (Cathaoirleach), An Dr Matthew Crowe agus an tUas. Gerard O'Leary. Bhí seacht gcruinniú ag Fochoiste TFC an Bhoird i 2019.
2. **Fochoiste Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (SSL) an Bhoird:** tá sé déanta suas de thriúr ball den Bhord Feidhmiúcháin. Is iad na baill den choiste seo ná: An tUas. Gerard O'Leary (Cathaoirleach), an Dr Matthew Crowe agus an Dr Micheál Lehane. Bhí sé chruinniú ag Fochoiste SSL an Bhoird i 2019.

## Coistí Comhairleacha/Comhairliúcháin Seachtracha

Cuirtear comhairle ar an mBord Feidhmiúcháin ag na coistí seachtracha lárnacha seo a leanas, ar bunaíodh gach ceann díobh faoi reachtaíocht:

- Coiste Comhairleach GCC
- Coiste Comhairleach um Dhumpáil ar Farraige *
- An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGM)*
- An Coiste Comhairleach um Shláinte*
- An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch*

*bunaithe faoi Alt 41 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, mar atá leasaithe.

## Sceideal an Fhreastail, na dTáillí agus na Speansas

Bhí 15 cruinniú ag an mBord Feidhmiúcháin Ginearálta i 2019. Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an Bhoird Feidhmiúcháin do 2019. Reáchtáladh ceithre cinn déag de 15 chruinniú an Bhoird Ghinearálta i gceanncheathrú na GCC agus reáchtáladh Cruinniú Boird Ghinearálta amháin i gCigireacht na GCC, Caisleán an Bharraigh:

| Líon na gcruinnithe | An Bord | Táillí 2019 € | Speansais 2019 € |
|---|---|---|---|
| Laura Burke | 14 | 0 | 364 |
| Gerard O'Leary | 15 | 0 | 541 |
| Matthew Crowe | 12 | 0 | 303 |
| Micheál Lehane | 14 | 0 | 508 |
| Eimear Cotter | 11 | 0 | 0 |
| Tom Ryan | 13 | 0 | 289 |
| **Iomlán** | | **0** | **2,005** |

Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an CIR do 2019, agus na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

| Líon na gcruinnithe | An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca<br><br>I láthair/ As Méid Féideartha | Táillí 2019 € | Speansais 2019 € |
|---|---|---|---|
| Brian Cawley (Cathaoirleach go dtí mí na Bealtaine) | 3/3 | 2,250 | 0 |
| Tom Barry (Cathaoirleach ó mhí an Mheithimh) | 5/5 | 0 | 1,082 |
| Ian d'Alton | 4/4 | 0 | 405 |
| Nuala Bannon | 2/2 | 0 | 226 |
| Caroline Bocquel | 3/5 | 0 | 183 |
| Eugene Kennedy | 5/5 | 0 | 1,247 |
| Ciara McMahon* | 3/4 | 0 | 397 |
| John Maher | 1/1 | 0 | 274 |
| Marie O'Connor* | 1/1 | 0 | 390 |
| Allan Reid | 5/5 | 0 | **1,825 |
| **Iomlán** | | **2,250** | **6,029** |

* Ball foirne GCC.

** Íoctar na speansais go léir go díreach leis an Scottish Environment Protection Agency.

## Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an GCC ceanglais go léir an Chóid, mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 leagtha amach i Nóta 8 (c) leis na ráitis airgeadais.

### Costais Sainchomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht ach ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách', oiliúint foirne agus soláthraithe forbartha.

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí, Soláthar Airgeadais Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe san áireamh | 831,817 | 514,212 |
| Luacháil Achtúireach ar Scéim na bPinsean | 3,690 | 3,014 |
| Comhairleachtaí Acmhainní Daonna | 38,121 | 24,240 |
| Caidreamh poiblí/ margaíocht | 50,824 | 59,680 |
| Iniúchadh Inmheánach & Rialachas Corparáideach | 72,293 | 64,231 |
| Comhairleacht um Leanúnachas Gnó | 10,946 | 0 |
| Measúnuithe ar Fhoirgnimh & Seirbhísí Iniúchóireachta | 9,139 | 11,132 |
| Comhairleacht agus Comhairle maidir le Soláthar | 43,035 | 21,409 |
| Comhairleacht / Comhairle CBL | 2,399 | 0 |
| Dearadh agus Forbairt Suíomh Gréasáin | 40,102 | 40,307 |
| Forbairt agus Cur i bhfeidhm Straitéise | 24,243 | 55,626 |
| Comhairleachtaí Chláir Comhshaoil agus Raideolaíochta | 104,336 | 91,508 |
| Comhairleacht RGCS | 52,411 | 86,695 |
| Athbhreithniú an ECFE ar an GCC | 100,000 | 100,000 |
| **Costais Chomhairliúcháin Iomlána** | **1,383,356** | **1,072,054** |

### Costais Dlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhaítear maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair an GCC a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | 653,874 | 810,392 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Socraíochtaí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **653,874** | **810,392** |

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| - Bord Feidhmiúcháin | 69,899 | 71,264 |
| - Fostaithe | 1,369,678 | 1,389,826 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Bord Feidhmiúcháin | 14,570 | 18,657 |
| - Fostaithe | 322,491 | 327,723 |
| **Iomlán *** | **1,776,638** | **1,807,470** |

*Ní áirítear leis sin aisíocaíocht chostais taistil arna bhfáil ag an GCC

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne* | 13,620 | 29,655 |
| Fáilteachas eile | 206 | 610 |
| **Iomlán** | **13,826** | **30,265** |

*Áirítear leis costais an Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe de €3,605 i 2019 (2018 €20,245).

## Imeachtaí tar éis dháta an tuairiscithe

Ó dháta an tuairiscithe, tá forbairt thapa tagtha ar an ráig COVID-19 agus tá scála an tionchair fhéideartha ag teacht chun solais. De réir mar a fhorbraíonn cúrsaí ó thaobh COVID-19, tá an GCC ag coimeád súil ghéar ar fhorbairtí, d’fhonn an riosca a mhaolú a d’fhéadfadh a bheith aige d’fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta. Tá Foireann Freagartha Paindéime bunaithe ag an GCC chun comhairle a chur ar an mBord agus freagairt na Gníomhaireachta do COVID-19 a láimhseáil. Tá plean teagmhasachta don Choróinvíreas forbartha ina leagtar amach roinnt gníomhartha chun sábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann, chonraitheoirí, chustaiméirí agus pháirtithe leasmhara na GCC a chosaint agus ina fhéachtar chuig teorainn a chur le cur isteach ar obair na GCC.

Tá gníomhaíochtaí na GCC cuimsithe sa liosta de sheirbhísí riachtanacha i Sceideal 2 de IR Uimh. 121/2020 agus lean obair na GCC ar aghaidh i rith na dianghlasála. Tá sé ró-luath le tionchar na ráige ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais na Gníomhaireachta a mheas, ach ní mheasann an Ghníomhaireacht go mbeidh tionchar ag COVID-19 ar a cumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta agus athbhreithnithe i bhfeidhm chun comhlíonadh a fhorálacha a chinntiú le linn 2017. Chloígh an GCC leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2019.

Sínithe thar ceann an Bhoird Fheidhmiúcháin.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 30 Meitheamh 2020

# 7.2 RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH 2019

## 1. Scóip na Freagrachta

Thar ceann Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), aithním an chomhfhreagracht atá ar na Stiúrthóirí as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh maidir le cuntais GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, is féidir leis an gcóras ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead mar is cóir, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil. Cé go bhféadfadh éifeachtacht córais rialaithe inmheánaigh athrú de réir a chéile, déanann an GCC athbhreithniú agus nuashonrú ar a leithéid de chórais de réir mar is gá.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa GCC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta a rinneadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

## 3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Inmheánach Éifeachtach a Sholáthar

### i) Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe

Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019 i mí Feabhra 2020. Agus iad ag tabhairt faoin athbhreithniú seo rinne na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a bhreithniú:

- Sonraí faoi chóras na rialuithe inmheánacha i 2019 lena n-áirítear Bainistíocht Riosca, Bainistíocht Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach, Eitic, Cleachtais Earcaíochta, Córais Fhaisnéise, Pleanáil & Tuairisciú Gnó
- Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2019
- Tuarascáil an Oifigigh Chomhlíontachta 2019
- Tuarascáil ar Chomhlíonadh TF 2019
- Ráiteas Dearbhaithe ar Shláinte, Sábháilteacht & Leas 2019
- Ráitis Dhearbhaithe ar Bhainistíocht Riosca 2019

Síníodh Ráitis Dearbhaithe Bhliantúla maidir le Freagrachtaí Buiséadacha 2019 agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra iad, i gcomhréir le forálacha Lámhleabhar Airgeadais GCC.

### ii) Sáruithe maidir le Rialú

Níor tuairiscíodh aon sáruithe ar rialú in 2019.

### iii) Caillteanais Ábhartha nó Calaois

Níor tuairiscíodh aon chaillteanais ábhartha ná calaois in 2019.

### iv) Athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta & Riosca ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Stiúrthóirí GCC athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2019 i mí Feabhra 2020 chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialuithe a bhí i bhfeidhm i rith 2019.

### v) Athbhreithniú na n-iniúchóirí ar an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha

Rinne na hiniúchóirí inmheánacha athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar Rialuithe Inmheánacha 2019 i mí Eanáir 2020 agus cuireadh faoi bhráid an ARC agus an Bhoird é i mí Feabhra 2020 chun déanamh cinnte go léiríonn sé go cruinn comhlíonadh a cuid ceanglas reachtúil agus eile ag an GCC i rith 2019.

### vi) Céimeanna glactha chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú

Tá céimeanna glactha ag Stiúrthóirí na GCC chun déanamh cinnte go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe sa GCC trí:

- Plean Straitéiseach na GCC 2016-2020 – Ár gComhshaol, Ár bhFolláine, a fhorbairt agus a fhoilsiú. Sa Straitéis seo leagtar amach Fís, Misean, Luachanna, Spriocanna na GCC agus trí cinn déag de Chuspóirí Straitéiseacha. Is é an Líonra Bainistíochta Sinsearaí, lena n-áirítear Stiúrthóirí agus Clárbhainisteoirí, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise, agus cuirtear tuairiscí chuig Bord Feidhmiúcháin GCC ina leith seo ó am go chéile.
- An ECFE a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach institiúide agus eagraíochta na GCC. San athbhreithniú rinneadh scrúdú ar ár gcuid struchtúr, cuntasachta, próiseas gnó, tuairisciú agus bainistíocht feidhmíochta chomh maith le soiléire róil, caidrimh, dáileadh cumhachtaí agus freagrachtaí le heagraíochtaí eile idir eagraíochtaí rialtais agus neamhrialtais.
- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
- Cruinnithe Boird Fheidhmiúcháin a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh sa Chlár Oibre.

- Glacadh le Lámhleabhar Airgeadais don GCC chomh maith le sraith de bheartais agus de nósanna imeachta airgeadais chun na gnéithe airgeadais móra de ghnó na GCC a rialú.
- Glacadh le Lámhleabhar ar Rialachas Corparáideach chun achoimre shoiléir agus cuimsitheach a thabhairt ar na príomhghnéithe de rialachas corparáideach le haghaidh na Stiúrthóirí agus na mbainisteoirí sinsearacha.
- Sceideal cuimsitheach árachas a choimeád chun leasanna na GCC a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta & Riosca a bhunú agus a chothabháil. (Féach ar Alt 3(x) Monatóireacht ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach).
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca a bhunú agus a fheidhmiú, Coiste Feidhmiúcháin Riosca (CFR) agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh. (Féach ar Chuid 3(vii) Creat Riosca agus Rialaithe)
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht chorparáideach i gcomhréir le Beartas GCC.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompraíochta Gnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Déanamh cinnte go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.
- Meicníochtaí a bhunú le déanamh cinnte go bhfuil slándáil a cuid córas um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) leordhóthanach lena n-áirítear:
  - bunú beartas cuí agus nósanna imeachta cuí um rialú,
  - struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha lena n-áirítear dealú cúraimí
  - freagracht as athbhreithnithe agus measúnachtaí sonracha ar chórais TFC a tharmligean chuig an aonad iniúchta inmheánaigh trí phróiseas na bPleananna Bliantúla um Iniúchadh Inmheánach.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht GCC, ach tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do bhaill foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. In Alt 25(6) den Acht GCC foráiltear go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht ceann ar bith dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh nó a chur i gcrích trí nó ag aon stiúrthóir nó duine nó comhlacht eile atá údaraithe mar is cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin. Tarmligtear freagracht oibriúcháin as obair GCC a dhéanamh ar na Bainisteoirí Cláir atá i gceannas ar fheidhmeanna éagsúla.

Ó bunaíodh an Ghníomhaireacht, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag Bord na Gníomhaireachta do leibhéil éagsúla sa Ghníomhaireacht. Tá tarmligean na gcumhachtaí fós ag dul i méid de réir mar a shanntar freagrachtaí reachtúla eile don Ghníomhaireacht le himeacht ama.

## vii) Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GCC a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an GCC freisin a leagann amach an méid riosca a ghlacann sé leis, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Comhlíonann Beartas agus Struchtúir Bainistíochta Riosca GCC an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Aithníonn an Clár Rioscaí Corparáideacha na rioscaí lárnacha atá os comhair na GCC agus tugtar sonraí ann faoi na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a thugtar do bhaill foirne sonracha. Déantar an Clár Rioscaí Corparáideacha a fhorbairt agus a bhainistiú ag an CIR, a athbhreithniú ag an CRF agus tugtar tuairisc air do Bhord GCC le faomhadh. I rith 2019, d'oibrigh an CIR agus an CRF as lámh a chéile chun Clár Rioscaí Corparáideacha na Gníomhaireachta a athfhorbairt.

Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe leathbhliantúil ar fáil don Bhord Feidhmiúcháin go rialta lena nglactar le freagracht as nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá nOifig féin agus as a chinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smacht ag coinneáil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá taifead déanta ar nósanna imeachta um próisis ghnó lárnacha,
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil á athbhreithniú go leanúnach ag na bainisteoirí sinsearacha,
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a chinntiú,
- Tá córas i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Córas um rialú ar chaiteachas clár, lena gcuimsítear nósanna imeachta um fhaomhadh agus íocaíocht deontas agus próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a bhaint amach.

## viii) Faisnéis Airgeadais & Bhuiséadach

Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, agus ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú agus faomhadh air. Cuimsítear sa chóras buiséadaithe freisin dhá bhuiséad athbhreithnithe foirmiúla a ullmhú i mí Bhealtaine agus mí Mheán Fómhair, a gcuirtear an dá cheann acu faoi bhráid an Bhoird Fheidhmiúcháin le faomhadh.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe.
- Socruithe chun an ceannach go léir a dhéanamh agus a rialú trí chóras agus nósanna imeachta na GCC um bainistíocht airgeadais.
- Athbhreithnithe míosúla ag an mBord Feidhmiúcháin ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais.

- Glacadh le Plean Soláthair Chorparáidigh Bliantúil agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

### ix) Nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí móra gnó

Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí GCC a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh trí Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí GCC a chur i bhfeidhm ar bhonn céime.

### x) Monatóireacht ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá Coiste Iniúchóireachta & Riosca bunaithe agus coimeádta ag an GCC, a chuimsíonn seisear comhalta seachtracha lena n-áirítear Cathaoirleach na GCC agus bainisteoir sinsearach amháin uaidh, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar nósanna imeachta rialaithe comhshaoil agus rialachais laistigh den GCC chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus chun comhairle a chur ar an mBord Feidhmiúcháin maidir leis an gcaoi a bhfuil an fheidhm sin á comhlíonadh agus á forbairt.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an GCC ag a bhfuil dóthain acmhainní agus a chuireann clár oibre i gcrích a n-aontaítear air leis an CIR.  Fostaíonn an GCC saineolaithe seachtracha chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí na GCC 2019–2020 i bhfeidhm de réir a chéile i rith na bliana agus athbhreithniú déanta go tréimhsiúil ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha a theastaíonn de thoradh gach iniúchta agus tuairisc tugtha don Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus don Bhord Feidhmiúcháin maidir leis sin.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2020–2021 i rith 2019 agus léiríonn sé na rioscaí atá aitheanta i gClár Riosca Chorparáidigh na GCC, agus aird tugtha ar an Litir Bhainistíochta i 2018 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chomh maith le forbairtí agus saincheisteanna i ndáil le Rialachas Corparáideach a tháinig chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí sin agus mhol Bord Feidhmiúcháin na GCC é i nDeireadh Fómhair 2019.

## 4. Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun déanamh cinnte go gcloítear le rialacha agus treoirlínte reatha i leith an tsoláthair. Chloígh an GCC leis na nósanna imeachta sin i rith 2019.

## 5. Maoiniú Taighde

I gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Fhoinsí Státchiste (an Ciorclán), leagtar amach na prionsabail phoiblí, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe bhreise um bhainistíocht airgeadais atá le comhlíonadh agus maidir le maoiniú deontais a sholáthraítear ó airgead poiblí á bhainistiú.

Tá nósanna imeachta ag an GCC um fhaomhadh agus íocaíocht deontas agus próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí taighde a bhaint amach.

I mí Eanáir 2019, chuir an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil in iúl don GCC go bhféadfadh sí leanúint ar aghaidh ag feidhmiú na socruithe reatha um réamh-mhaoiniú faoi Chlár Taighde na GCC ar feitheamh faomhadh foirmiúil a fháil ón DPER le haghaidh 2019. D'eisigh an DPER cead réamh-mhaoinithe ar an 19 Nollaig 2019 agus í ag dearbhú faofa chun leanúint ar aghaidh leis na socruithe réamh-mhaoinithe i rith 2019. Dearbhaíodh an faomhadh sin go foirmiúil don GCC i mí Eanáir 2020.

## 6. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú GCC ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh cuirtear san áireamh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na hardbhainistíochta sinsearaí sa GCC atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreat an rialaithe inmheánaigh.


Dearbhaím go ndearna na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaí do 2019 i mí Feabhra 2020 agus go bhfuil siad sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh slán.

Tugadh faoi Iniúchadh Inmheánach ar Éifeachtacht an Chórais um Rialuithe Airgeadais Inmheánacha i mí na Samhna 2019 agus i mí Eanáir 2020 i gcomhréir leis an bPlean Iníuchóireachta Inmheánaí 2019/2020. I dtuairim an Iniúchóra Inmheánaigh, cuireann a measúnú in iúl gur féidir brath go suntasach ar an deimhniú maidir le dóthanacht agus feidhmiú na rialuithe airgeadais inmheánacha chun príomhrioscaí nádúrtha a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Aithníodh trí thoradh riosca "Íseal" san athbhreithniú.

## 7. Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2019 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Fheidhmiúcháin.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 30 Meitheamh 2020

## 7.3 TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cruinn sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar an 31 Nollaig 2019 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2019 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (CIInna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an International Organisation of Supreme Audit Institutions. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam le bheith mar bhonn do mo thuairim.

### Tuairisc ar Fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na Stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairiscí i leith na faisnéise sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí heisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam chuige sin.



**Andrew Harkness**
Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

# AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992
- déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé acu an cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- pé rialú inmheánach a mheasann siad gur cuí é le go mbeidh siad in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas airgeadais de thoradh calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus gealltanas go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó in iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CIInna. Féadann míráitis teacht chun cinn de thoradh calaoise nó earráide agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le CIInna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar rioscaí an mhíráitis ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide iad; dearbhaím agus feidhmím nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise seachas míráiteas de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar rialuithe inmheánacha a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní dhéantar é chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Tugaim conclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise cuntasaíochta arna fáil, faoi cibé acu gurb ann d'éiginnteacht ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, mar gheall ar imeachtaí nó ar choinníollacha sa todhchaí, áfach, go stadfadh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé acu an léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha sna ráitis airgeadais ar bhealach ina mbaintear amach cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthú beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis eile nach na ráitis airgeadais iad

Ní chuimsíonn mo thuairim an fhaisnéis eile arna cur i láthair in éineacht leis sna ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil neamhréir ábhartha idir an fhaisnéis eile agus na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fhaightear le linn iniúchta, nó má tá cuma air ar bhealach eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus aird á tabhairt ar na comaoineacha speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chuig fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má aithním aon chás ábhartha, áit nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm don chuspóir dá raibh sé beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisc freisin trí heisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

# 7.4 CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **Nóta** | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Oireachtais - DCCAE | **2(a)** | 38,555 | 35,161 |
| Deontais faoin gCiste Comhshaoil | **2(b)** | 9,205 | 9,004 |
| Deontais Oireachtais - DHPLG | **2(c)** | 7,483 | 7,022 |
| Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin | **3** | 1,486 | 1,292 |
| Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha | **4** | 994 | 985 |
| Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe | **5** | 870 | 613 |
| Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe | **6** | 9,701 | 9,268 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | **7** | 601 | 582 |
| Glan Chistiú Shochair Iarchurtha | **24(c)** | 8,894 | 8,782 |
| **Ioncam Iomlán** | | **77,789** | **72,709** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair | **8** | 25,586 | 24,358 |
| Costais Sochair Scoir | **24(a)** | 11,326 | 11,872 |
| Speansais Taistil | **9** | 1,903 | 1,932 |
| Costais Saotharlainne agus Allamuigh | **10** | 1,512 | 1,601 |
| Costais Chóiríochta | **11** | 1,915 | 1,870 |
| Costais Riaracháin | **12** | 9,289 | 8,733 |
| Sainchomhairleoirí | **13** | 628 | 461 |
| Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha | **14** | 9,320 | 8,329 |
| Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde Comhshaoil | **15** | 8,541 | 9,351 |
| Dímheas | **16** | 5,562 | 5,723 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **75,582** | **74,230** |
| | | | |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha** | | **2,207** | **(1,521)** |
| | | | |
| Aistriú ón/(go dtí) an Cuntas Caipitil | **17** | (165) | (63) |
| | | | |
| Barrachas ar Dhiúscairtí Sócmhainní Seasta | | 49 | 37 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithghabhálacha** | | **2,091** | **(1,547)** |
| | | | |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | | 1,571 | 3,118 |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | | **3,662** | **1,571** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 30 Meitheamh 2020

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir


# 7.5 RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nóta | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) tar éis leithghabhálacha** | | **2,091** | **(1,547)** |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | **24(d)** | 7,264 | (688) |
| Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha oibleagáidí sochar scoir | | (30,277) | 9,062 |
| **(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach le linn na bliana** | | **(23,013)** | **8,374** |
| **Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha** | | **23,013** | **(8,374)** |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain** | | **2,091** | **(1,547)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:





**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 30 Meitheamh 2020

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

## 7.6 RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AR AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nóta | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh** | **19** | **38,476** | **38,311** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | **20** | 3,168 | 2,412 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim | **21** | 8,887 | 7,442 |
| | | **12,055** | **9,854** |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníochta | **22** | **(8,399)** | **(8,289)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **3,656** | **1,565** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir** | | **42,132** | **39,876** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | **24(b)** | **(279,642)** | **(247,735)** |
| Sócmhainní maoinithe sochar scoir iarchurtha | **24(c)** | **279,642** | **247,735** |
| | | **0** | **0** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **42,132** | **39,876** |
| **Ag ionadú** | | | |
| **Cuntas caipitil** | **17** | **38,470** | **38,305** |
| **Cúlchistí ioncaim coinnithe** | | **3,662** | **1,571** |
| | | **42,132** | **39,876** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 30 Meitheamh 2020

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

## 7.7 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas / (Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas | 2,091 | (1,547) |
| | | |
| Dímheas agus Bearnúchán ar Shócmhainní Seasta | 5,562 | 5,723 |
| (Méadú) ar Infháltais | (756) | (1,501) |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | 110 | 32 |
| Ús Íoctha | 32 | 18 |
| (Barrachas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | (49) | (37) |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | 165 | 63 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **7,155** | **2,751** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (5,728) | (5,791) |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta | 50 | 42 |
| Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | **(5,678)** | **(5,749)** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús Bainc Íoctha | (32) | (18) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | **(32)** | **(18)** |
| | | |
| **Glan ardú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim** | **1,445** | **(3,016)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 7,442 | 10,458 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar 31 Nollaig** | **8,887** | **7,442** |

# 7.8 NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá na boinn cuntasaíochta agus na bearta suntasacha cuntasaíochta a ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar fad go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena cheanncheathrú ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.

Príomhspriocanna – tá tuairisc ar oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí GCC leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo.

Is Aonán Sochair Poiblí (ASB) í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a chuireann Cuntasóirí Cairte Éireann i bhfeidhm.

### c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar an mbealach atá ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 50 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Cuirtear na bearta cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a cheaptar a bheith ábhartha.

### d) Ioncam

Deontais Stáit

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin air seo is ea Deontais Stáit, a aithnítear ar bhonn fháltais airgid thirim.

Ioncam Gníomhaíochta Ceadúnais

Éilítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do Chúlchistí Ioncam Coinnithe nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola:

| | |
|---|---|
| Iarratas | 30% |
| Cinneadh Beartaithe | 50% |
| Eisiúint Ceadúnais | 20% |

Ceadúnais um Sceitheadh Fuíolluisce:

| | |
|---|---|
| Iarratas | 10% |
| Admháil an iarratais iomláin | 40% |
| Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas | 50% |

Aithnítear táillí Ceadúnas Cosanta Raideolaíche mar ioncam i gcomhréir le fad an cheadúnais. Tá táillí a fuarthas roimh ré ar taispeáint mar ioncam roimh ré.

Ioncam eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

### e) An tAonad Trádála in Astúcháin

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astaíochtaí (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2003. Aisíocann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil costais riartha an scéim um thrádáil astaíochtaí leis an GCC ó fháltais dhíol na lamháltas, a íoctar go díreach leis an Roinn.

### f) Íocaíochtaí um Dheontais Taighde

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d’fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

**g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a shonrú ag costas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe d'aon fhoráil le haghaidh bearnúcháin. Soláthraítear dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar go nglanfaidh siad na costais lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% in aghaidh na bliana |
| Troscán agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh | 15% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh TF agus Ríomhaireachta | 25% in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |

Déantar dímheas ar fheabhsuithe léasacha i rith shaol an léasa.

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a d'fheadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta a bhaint as, á mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa staid a mbeifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáideach.

**h) Caipitliú Bogearraí arna bhForbairt go hInmheánach**

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Déantar costais tuarastail foirne fhorbairt an bhogearra a chaipitliú freisin.

**i) Maoiniú Caipitil**

Déantar sócmhainní seasta GCC agus réamhíocaíochtaí chun obair atá ar siúl a mhaoiniú ó mheascán de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus cionrannta as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

**j) Fardal**

Díscríobhtar iomlán na bhfardal, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

**k) Infháltais**

Déantar infháltais a thomhas ar phraghas idirbhirt ar dtús agus ansin tugtar anonn iad ag an méid sin, lúide soláthar d'aon fhiachais amhrasacha. Socraítear an soláthar d'fhiachais amhrasacha nuair atá fianaise oibiachtúil ann a thugann le fios nach mbeidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na méideanna go léir a bhailiú atá dlite di. Aithníonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gluaiseachtaí ar fad ar fhoráil d'fhiacha amhrasacha.

**l) Léasanna Oibríochta**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá arduithe léasa ceangailte le ráta ionchais boilscithe, sa chás sin aithnítear na harduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar saol an léasa.

**m) Sochair Fhostaí**

Sochair Gearrthéarma

Aithnítear sochair gearrthéarma ar nós pá saoire tríd an bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a cuid scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, scéimeanna a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' ó shuimeanna airgid atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail foirne agus ball. Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Scéim Pinsin Singil na Seirbhísí Poiblí ("Scéim Singil"), ar scéim le sochar sainithe é d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin foirne i gcás fostaithe a gcoinníonn an Ghníomhaireacht a ranníocaíochtaí. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéanann deontais a fhaightear i rith na bliana é a fhritháireamh sa chaoi gur féidir íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais is toradh ar oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

**n) Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag an bpraghas idirbhirt (luach láithreach ar airgead tirim iníoctha, costais idirbhirt san áireamh). Sonraítear iasachtaí ina dhiaidh sin ag costais amúchta. Aithnítear speansas úis ar bhonn mhodh an úis ghlain agus tá sé curtha san áireamh i gcostais airgeadais.

Grádaítear iasachtaí mar dhliteanais reatha mura bhfuil sé de cheart an iasacht a iarchur dhá mhí dhéag (12) ar a laghad ón dáta tuairiscithe.

**o) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla**

Éilíonn ullmhúchán na ráitis airgeadais go ndéanfadh bainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dhliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncaim agus speansais le linn na bliana. Mar sin féin is é an nádúr atá le meastacháin go bhféadfadh an toradh iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais a leanas ar na méideanna a bhí aitheanta sna ráitis airgeadais.

Oibleagáid sochair scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luachanna achtúireacha trína gcinntítear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus treocht sa ráta costais chúram sláinte) bunaithe ar thosca eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú cuí ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith acu seo a leanas ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí ardchaighdeáin corparáideacha.

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca margaidh an lucht oibre sa todhchaí.

| **2 Deontais Stáit** | | | **2019<br>€'000** | **2018<br>€'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil:** | | | | |
| **(a) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:** | | | | |
| | Reatha | Fo-cheannteideal - F3 | 23,966 | 20,850 |
| | Caipiteal | Fo-cheannteideal - F3 | 6,024 | 3,555 |
| | Caipiteal Taighde | Fo-cheannteideal - F3 | 7,849 | 9,900 |
| | Cláir Eile | Fo-cheannteideal - F3 | 716 | 856 |
| | **Iomlán na nDeontas Oireachtais DCCAE** | | **38,555** | **35,161** |

Taispeántar an deontas Reatha glan ar ranníocaíochtaí singile fostaí faoin scéim de €207K (2018: €142K) íoctha leis an DPER.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b) Deontais faoin gCiste Comhshaoil** | | | |
| | Neamhphá | 1,412 | 4,600 |
| | Taighde | 3,588 | 0 |
| | Cláir Eile | 4,205 | 4,404 |
| | **Iomlán na nDeontas Chiste Comhshaoil** | **9,205** | **9,004** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil:** | | | | |
| **c) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:** | | | | |
| | Reatha | Fo-cheannteideal - B3 | 6,452 | 6,037 |
| | Caipiteal | Fo-cheannteideal - B3 | 1,031 | 985 |
| | **Iomlán na nDeontas Oireachtais DHPLG** | | **7,483** | **7,022** |
| **Iomlán na nDeontas ón Stát** | | | **55,243** | **51,187** |

Cionrannta sonracha chun costas an taighde chomhshaoil a chlúdach atá i Maoiniú Taighde de €10.437M (2018 €9.9M) arna sholáthar ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Caitheadh €10.916M ar na gníomhaíochtaí taighde seo i 2019 (2018 €11.691M). Féach Nóta 15.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **3 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála in Astúcháin (ETU)** | **€'000** | **€'000** |
| Costais an Aonaid Trádála in Astaíochtaí a aisghabhadh ó Chistí Ceantála, etc. | 1,486 | 1,292 |
| **Maoiniú Iomlán Chostais an ETU** | **1,486** | **1,292** |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **4 Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha** | **€'000** | **€'000** |
| Seirbhís Chalabrúcháin | 29 | 29 |
| Seirbhís Tomhaiste Radóin | 0 | 77 |
| Seirbhís Mhonatóireachta ar Radaíocht | 314 | 276 |
| Táillí Ceadúnais | 651 | 601 |
| Ioncam Ilghnéitheach/Conartha | 0 | 2 |
| **Ioncam Iomlán ó Sheirbhísí Raideolaíocha** | **994** | **985** |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **5 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe – TAT & RCT, Dramhaíl agus an CTU** | **€'000** | **€'000** |
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir | 1,351 | 1,150 |
| Táillí a Fuarthas | 976 | 815 |
| Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha | (30) | (1) |
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha ar an 31 Nollaig (féach Nóta 22) | (1,427) | (1,351) |
| **An tsuim a cuireadh chun sochair don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **870** | **613** |

Ceadúnú: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha(TAT), Cosc Comhtháite ar Thruailliú (CCT) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Sceitheadh Fuíolluisce (WWD)

Déantar foráil sna Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 chun sceitheadh fuíolluisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás sceitheadh ó cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra breis is 500. Ní mór do cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a bhfaigheann an GCC a ioncam ceadúnaithe.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **6 Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe – TAT & RCT, Dramhaíl, CTU agus Uisce Óil** | **€'000** | **€'000** |
| Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu | 9,471 | 8,941 |
| Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh | 230 | 327 |
| **Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe** | **9,701** | **9,268** |

Faoi Alt 96 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh mórthruailliú tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha a bhíonn ar siúl ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Faoi na Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as sceitheadh fuíolluisce a rialú. Faoi rialacháin (Uisce Óil) an Aontais Eorpaigh 2014, is féidir leis an GCC táille a ghearradh as monatóireacht a dhéanann sé ar cháilíocht sholáthair uisce óil an phobail. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair fhorfheidhmithe seo a bhfaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **7 Fáltais Ilghnéitheacha** | **€'000** | **€'000** |
| Ilghnéitheach | 601 | 582 |
| | **601** | **582** |

## 8 Luach Saothair

| (a) Sochair Chomhiomlána Fostaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 23,501 | 22,423 |
| Sochair scoir | 0 | 0 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta ÁSPC | 2,168 | 2,007 |
| **Costais Iomlána Tuarastal** | **25,669** | **24,430** |
| Costais Tuarastail Fhorbairt TF caipitlithe | (83) | (72) |
| **Gearrtar Costais Tuarastail ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **25,586** | **24,358** |

San áireamh sa chostas Tuarastail iomlán de €25.67M, tá fabhrú de €736,000 (2018 €754,000K) maidir le teidlíochtaí carntha i dtaca le saoire bhliantúil foirne. Rinneadh €207,000 (2018 €142,000) de ranníocaíochtaí pinsin na mball Scéime aonair a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é líon iomlán na mball Scéime Aonair ag deireadh na bliana ná 126 (2018: 98). Chuaigh an Ranníocaíocht Liúntais Bhreise in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Asbhaineadh €997,000 de Ranníocaíocht Liúntais Bhreise (2018 €1,084,000 d'Asbhaint a Bhaineann le Pinsean) ó bhaill foirne agus íocadh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil é.

| (b) Anailís ar bhaill foirne de réir ionaid: | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Ceanncheathrú | 168 | 159 |
| Cigireacht Réigiúnach Caisleán an Bharraigh | 27 | 28 |
| Cigireacht Réigiúnach Corcaigh | 57 | 51 |
| Cigireacht Réigiúnach Baile Átha Cliath | 124 | 129 |
| Cigireacht Réigiúnach Cill Chainnigh | 24 | 25 |
| Cigireacht Réigiúnach Muineachán | 15 | 14 |
| Oifigí Réigiúnacha | 5 | 4 |
| | **420** | **410** |

**c) Anailís ar chostais tuarastail foirne sa bhreis ar €60,000:**

| Bhí an líon fostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas mar a leanas: | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 81 | 70 |
| €70,000 go €80,000 | 45 | 35 |
| €80,000 go €90,000 | 31 | 28 |
| €90,000 go €100,000 | 4 | 5 |
| €100,000 go €110,000 | 6 | 5 |
| €110,000 go €120,000 | 0 | 1 |
| €120,000 go €130,000 | 0 | 0 |
| €130,000 go €140,000 | 4 | 5 |
| €140,000 go €150,000 | 1 | 1 |
| €150,000 go €160,000 | 0 | 0 |
| €160,000 go €170,000 | 1 | 1 |

Ba é líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana ná 407.7 (2018: 391).

| (d) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Pá Bunúsach | 23,438 | 22,354 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| Liúntais | 63 | 69 |
| | **23,501** | **22,423** |

**(e) Príomhfhoireann Bhainistíochta**

Is Ard-Stiúrthóir agus cúigear baill den Bhord Stiúrthóirí atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí ná Boird leo. Tá luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tuarastal | 849 | 824 |
| Liúntais | 11 | 11 |
| | **860** | **835** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail scéim na bpinsean seirbhíse poiblí.

**(f) Tuarastal agus Sochair an Ard-Stiúrthóra**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Seo a leanas pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra don tréimhse airgeadais: | €'000 | €'000 |
| Tuarastal | **168** | **162** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir) agus ní shíneann a theidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail an scéim pinsean seirbhíse poiblí.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **9 Speansais Taistil** | €'000 | €'000 |
| Taisteal agus Cothú | 1,777 | 1,807 |
| Speansais Mhótarfheithiclí | 149 | 141 |
| Aisíocaíochtaí Taistil | (23) | (16) |
| | **1,903** | **1,932** |

Áirítear leis sin caiteachas taistil an Bhoird Fheidhmiúcháin de €84,469 (2018 €89,921).

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **10 Costais Saotharlainne agus Allamuigh** | €'000 | €'000 |
| Speansais Saotharlainne agus Allamuigh | 1,011 | 1,053 |
| Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil | 447 | 499 |
| Éadaí Cosanta | 54 | 49 |
| | **1,512** | **1,601** |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **11 Costais Chóiríochta** | €'000 | €'000 |
| Cíos agus Rátaí | 730 | 683 |
| Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht | 598 | 682 |
| Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil | 587 | 505 |
| | **1,915** | **1,870** |

| **12 Costais Riaracháin** | **2019**<br>**€'000** | **2018**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Teileafón agus Postas | 372 | 462 |
| Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta | 365 | 318 |
| Árachas | 177 | 169 |
| Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí | 3,934 | 3,692 |
| Táillí Iniúchóireachta | 29 | 25 |
| Costais Rialachais Chorparáidigh agus Iniúchóireachta Inmheánaí | 91 | 58 |
| Táillí dlí, comhairle agus costais a bhaineann leo | 1,486 | 1,377 |
| Speansais Cruinnithe, Coiste Sheachtraigh agus Aoi-chainteoirí | 413 | 408 |
| Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile | 190 | 128 |
| Ús agus Muirir Bhainc | 47 | 23 |
| Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann | 65 | 92 |
| Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne | 642 | 563 |
| Fógraíocht | 142 | 71 |
| Cumarsáid | 1,101 | 1,235 |
| Ilchostais | 235 | 112 |
| | **9,289** | **8,733** |

| **13 Costais Sainchomhairliúcháin** | **2019**<br>**€'000** | **2018**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoirí | 628 | 461 |
| | **628** | **461** |

| Ar na hOifigí GCC a bhain leas as na comhairliúcháin seo, bhí: | **2019**<br>**€'000** | **2018**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha | 175 | 193 |
| An Oifig um Inbhunaitheacht i leith Cúrsaí Comhshaoil | 0 | 4 |
| An Oifig um Fhianaise agus Measúnú | 222 | 47 |
| An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil | 104 | 53 |
| Oifig an Ard-Stiúrthóra / Trasoifig | 127 | 164 |
| | **628** | **461** |

| **14 Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha** | **2019**<br>**€'000** | **2018**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha | 7,604 | 6,509 |
| Deontais | 1,716 | 1,820 |
| | **9,320** | **8,329** |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Seo a leanas na hOifigí GCC inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo: | €'000 | €'000 |
| An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha | 671 | 527 |
| An Oifig um Inbhunaitheacht i leith Cúrsaí Comhshaoil | 2,684 | 2,612 |
| An Oifig um Fhianaise agus Measúnú | 4,478 | 3,993 |
| An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil | 861 | 788 |
| An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Comhshaoil | 626 | 409 |
| | **9,320** | **8,329** |

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| **15 Taighde Comhshaoil** | | €'000 | €'000 |
| Clár Taighde na GCC | Íocaíochtaí Deontais | 9,272 | 10,376 |
| Clár Taighde na GCC | Aisíocaíochtaí Deontais | (69) | (29) |
| Ioncam Taighde Cómhaoinithe | | (662) | (996) |
| **Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde** | | **8,541** | **9,351** |

Seoladh clár reatha na GCC um thaighde comhshaoil i 2014. Tá sé á chómhaoiniú ag an Státchiste, an Ciste Comhshaoil, agus foinsí cómhaoinithe eile nach iad. Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha ar deireadh thiar thall.

| **Cómhaoiniú Taighde** | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Fuarthas an cómhaoiniú taighde seo a leanas, anuas ar an maoiniú a sholáthair an DCCAE: | €'000 | €'000 |
| Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach Éireann (WEEE) Éireann | 83 | 83 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 0 | 25 |
| Agence Nationale de la Recherche | 0 | 338 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 43 | 0 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 122 | 0 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 44 | 0 |
| REPAK | 20 | 0 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 15 | 88 |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 61 | 0 |
| Met Éireann | 15 | 41 |
| Foras na Mara | 58 | 211 |
| Direction Regionale des Finance Publiques d'Ile-de-France et de Paris | 0 | 100 |
| AXIS | 33 | 0 |
| WW2015 | 38 | 0 |
| Bundeeskasse Halle/Saale - Concert | 0 | 31 |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 50 | 15 |
| Ceantar Dramhaíola an Deiscirt | 0 | 20 |
| Ilghnéitheach / Eile | 80 | 44 |
| **Cómhaoiniú Iomlán** | **662** | **996** |

I 2019, ba é caiteachas na GCC ar Chláir Taighde ná €10.916M lenar áiríodh Íocaíochtaí Deontais de €9.272M agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíocht de €1,644K, atá tuairiscithe faoi na ceannteidil chostais Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

I 2018, ba é caiteachas na GCC ar Chláir Taighde ná €11.691M lenar áiríodh Íocaíochtaí Deontais de €10.347M mar atá léirithe thuas agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíocht de €1,344K atá tuairiscithe faoi na ceannteidil chostais Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Tá €274K d'íocaíochtaí deontais breise (2018 €1,344K) ar chláir taighde san áireamh san fhigiúr a bhaineann le Deontais i Nóta 14.

Amhail an 31 Nollaig 2019, ba ionann gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus € 27.551M (2018- €28.187M) agus an miondealú seo a leanas air sin:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir | 28,187 | 24,019 |
| Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana | 9,887 | 15,219 |
| Deontais Dídhílsithe le linn na bliana | (1,046) | (513) |
| Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain | (9,546) | (10,567) |
| Aisíocaíochtaí íocaíochtaí Deontais a fuarthas sa bhliain | 69 | 29 |
| **Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig** | **27,551** | **28,187** |

Ní chuireann na figiúir sin san áireamh costais chur i bhfeidhm na GCC maidir le cláir Taighde.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **16 Dímheas ar Shócmhainní Seasta** | **€'000** | **€'000** |
| Dímheas ar Réadmhaoin, Ghléasra agus Threalamh (Nóta 19) | 5,562 | 5,723 |
| | **5,562** | **5,723** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **17 Cuntas Caipitil** | | **€'000** | **€'000** |
| Ar an 1 Eanáir 2019 | | | 38,305 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | |
| Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil | - Breiseanna Sócmhainní Seasta | 5,728 | |
| **Lúide:** | | | |
| Diúscairtí | | (513) | |
| Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí | | 512 | |
| | | (1) | |
| Muirear dímheasa don bhliain | | (5,562) | |
| Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 165 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | **38,470** |

Ar an 31 Nollaig 2019, chuimsigh iarmhéid an Chuntais Chaipitil €15,662 (2018 – €15,662) maidir le réamhíocaíochtaí as sócmhainní seasta (féach Nóta 20 - Infháltais).

**18 Cánachas**

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

## 19 Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| Costas | Iomlán €'000 | Foirgnimh €'000 | Troscán & Feistis €'000 | Trealamh TF agus CE €'000 | Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh €'000 | Mótarfheithiclí €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2019 | **82,232** | **42,274** | **4,523** | **23,027** | **11,191** | **1,217** |
| Breiseanna | 5,728 | 1,130 | 660 | 2,762 | 1,051 | 125 |
| Diúscairtí | (513) | 0 | (2) | (150) | (321) | (40) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **87,447** | **43,404** | **5,181** | **25,639** | **11,921** | **1,302** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2019 | **43,921** | **13,547** | **3,196** | **17,998** | **8,238** | **942** |
| Muirear don Bhliain | 5,562 | 836 | 511 | 3,159 | 925 | 131 |
| Ar Dhiúscairtí | (512) | 0 | (1) | (148) | (323) | (40) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **48,971** | **14,383** | **3,706** | **21,009** | **8,840** | **1,033** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **38,476** | **29,021** | **1,475** | **4,630** | **3,081** | **269** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **38,311** | **28,727** | **1,327** | **5,029** | **2,953** | **275** |

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. I 2013, thug an GCC léas fadtéarmach chun críche don láithreáin seo ó Teagasc. Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh sí an tógáil sin le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an GCC san áireamh don bhliain ina dtagann sé chun cinn. Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair GCC chun substaint na n-idirbheart atá ina mbonn leo a léiriú - féach ar Nóta 23.

Thóg an OPW foirgneamh cigireachta réigiúnaí GCC ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag an OPW trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

I 2019, rinne an GCC caipitliú €2.229M (2018 – €2.59M) maidir leis an gcostas seachtrach agus €83K (2018 - €72K) maidir le costas inmheánach na dtuarastal a bhain le forbairt bogearraí lena n-úsáid laistigh den ghníomhaireacht. Tá sé seo ag teacht lenár mBeartas Cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.

| 20 Infháltais | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe | 1,888 | 1,433 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,264 | 963 |
| Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta | 16 | 16 |
| | **3,168** | **2,412** |

Tagann an t-airgead go léir ó fhéichiúnaithe chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

| 21 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc | **8,887** | **7,442** |

## 22 Suimeanna iníoctha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | €'000 | €'000 |
| Táillí Ceadúnais Réamhíoctha | 1,427 | 1,351 |
| Táillí Réamhíoctha Ceadúnais um Chosaint Raideolaíoch | 3 | 219 |
| Ioncam Iarchurtha Eile | 109 | 246 |
| Cistí an Aonaid Trádála Astaíochtaí (ETU) | 0 | 2 |
| Trádáil agus Speansais Eile | 6,837 | 6,448 |
| Méideanna atá dlite don OPW maidir le haisíocaíochtaí iasachta (Nóta 23). | 23 | 23 |
| | **8,399** | **8,289** |

Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas:

| | | |
|---|---|---|
| Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla | 317 | 328 |
| ÍMAT/ÁSPC/MSU | 705 | 667 |
| CBL | 320 | 180 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 16 | 1 |
| | **1,358** | **1,176** |

## 23 Iasachtaí

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an foirgneamh ina bhfuil ceanncheathrú an GCC i Loch Garman agus mhaoinigh an OPW an tógáil le hiasacht tráchtála 20 bliain. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Tá an tsócmhainn agus na hiasachtaí lena mbaineann taifeadta i leabhair GCC le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Aisiníoctha laistigh de bhliain amháin | **23** | **23** |

## 24 Costais Sochair Scoir

| **(a) Anailís ar chostais iomlán shochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 7,867 | 8,346 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 4,670 | 4,708 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (1,211) | (1,182) |
| | **11,326** | **11,872** |

| **(b) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais** | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid shochair scoir ar 1 Eanáir | 247,735 | 247,327 |
| Costais seirbhíse reatha | 7,867 | 8,346 |
| Costais Úis | 4,670 | 4,708 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach | 23,013 | (8,374) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (3,643) | (4,272) |
| **Glanoibleagáid shochair scoir ar 31 Nollaig** | **279,642** | **247,735** |

### c) Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin chun suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha i gcomhair aoisliúntais a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais aoisliúntais na bliana reatha | 12,537 | 13,054 |
| Acmhainní curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (3,643) | (4,272) |
| | **8,894** | **8,782** |

Ba ionann agus €279.642M (2018- €247.735M) an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochar scoir ar an 31 Nollaig 2019.

### (d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € M | € M | € M | € M | € M |
| Oibleagáidí sochair shainithe | 280 | 248 | 247 | 231 | 182 |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais shonraithe scéime sochair : | | | | | |
| Méid (€ M) | 7.264 | (0.688) | (6.240) | (3.092) | 3.308 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | 2.6% | (0.3%) | (2.5%) | (1.3%) | 1.8% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas agus €118.973M (2018 €95.96M)

### (e) Tuairisc Ghinearálta ar an Scéimeanna

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochair shainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "shamhail" reatha rialacháin scéime na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 65 bliain Gnáthaois Scoir an chomhalta, agus tá comhaltaí a bhí mar chomhaltaí roimh -2004 i dteideal éirí as gan laghdú achtúireach ó aois 60. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth, ardaíonn na pinsin á n-íoc (agus á gcur siar) mar aon le boilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochta faoin gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag achtúire cáilithe neamhspleách ar an 1 Márta 2020, agus cuireadh ceanglais an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú ar an 31 Nollaig 2019.

| Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha: | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Arduithe tuarastail amach anseo | 2.45% | 2.70% |
| Arduithe sochair scoir amach anseo | 1.95% | 2.20% |
| Arduithe sa phinsean stáit amach anseo | 1.45% | 1.70% |
| Ráta lascaine | 1.15% | 1.90% |
| Boilsciú amach anseo | 1.45% | 1.70% |
| Athluacháil iarchuir | 1.95% | 2.20% |

Mortlaíocht

Mortlaíocht Réamh-Scoir – Fireann: 62% de PNML00, Baineann 70% de PNFL00.

Mortlaíocht Iarscoir – Fireann: 58% ILT15, Baineann 62% de ILT15.

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go follasach chun feabhsúcháin a dhéanamh ar ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2019 agus 2039.

| **Bliain ina mbaintear amach 65 bliana d'aois** | **2019** | **2039** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | **86.5** | **88.9** |
| Ionchas saoil - mná | **89.0** | **91.0** |

## 25 Gealltanais Léasa

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí na híocaíochtaí íosléasa don todhchaí seo a leanas, agus iad faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thíos:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **722** | **721** |
| Iníoctha laistigh de dhá go cúig bliana | **2,293** | **2,316** |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | **2,978** | **3,393** |

Ba ionann luach na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansais agus €722K (2018 €671K).

## 26 Nochtadh Páirtí Gaolmhara

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Chloígh an GCC leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Is é an tArd-Stiúrthóir agus baill den Bhord Stiúrthóirí atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an GCC. Íocadh €944K (2018 €925K) san iomlán leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lenar áiríodh tuarastail Stiúrthóra, speansais dheimhnithe agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra.

I ngnáthchúrsa an ghnó féadfaidh an Ghníomhaireacht deontais a fhaomhadh agus dul isteach i socruithe conartha eile le fiontair ina bhfuil leas ag Príomhphearsanra Bainistíochta an GCC.

| Rinneadh na hidirbhearta seo a leanas le páirtithe gaolmhara: | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Ceannach Earraí agus Seirbhísí: | **€'000** | **€'000** |
| Páirtithe Gaolmhara Eile | 38 | 24 |
| | 38 | 24 |

| Iníoctha le páirtithe gaolmhara: | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| Páirtithe Gaolmhara Eile | 5 | 5 |
| | 5 | 5 |

Eascraíonn na hiníocthaigh ó idirbhearta ceannaigh.

I gcás coimhlintí leasa féideartha, ní bhíonn baill an Bhoird i láthair agus ní ghlacann siad páirt i bplé maidir leis na hábhair sin.

## 27 n-imeacht tar éis dháta an tuairiscithe

Ó dháta an tuairiscithe, tá forbairt thapa tagtha ar an ráig COVID-19 agus tá scála an tionchair fhéideartha ag teacht chun solais. De réir mar a fhorbraíonn cúrsaí ó thaobh COVID-19, tá an GCC ag coimeád súil ghéar ar fhorbairtí, d'fhonn an riosca a mhaolú a d'fhéadfadh a bheith aige d'fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara na Gníomhaireachta. Tá Foireann Freagartha Paindéime bunaithe ag an GCC chun comhairle a chur ar an mBord agus freagairt na Gníomhaireachta do COVID-19 a láimhseáil. Tá plean teagmhasachta don Choróinvíreas forbartha ina leagtar amach roinnt gníomhartha chun sábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann, chonraitheoirí, chustaiméirí agus pháirtithe leasmhara na GCC a chosaint agus ina fhéachtar chuig teorainn a chur le cur isteach ar obair na GCC.

Tá gníomhaíochtaí na GCC cuimsithe sa liosta de sheirbhísí riachtanacha i Sceideal 2 de IR Uimh. 121/2020 agus lean obair na GCC ar aghaidh i rith na dianghlasála. Tá sé ró-luath le tionchar na ráige ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais na Gníomhaireachta a mheas, ach ní mheasann an Ghníomhaireacht go mbeidh tionchar ag COVID-19 ar a cumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## 28 Figiúirí Inchomparáide

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí inchomparáide a athaicmiú áit ba ghá, ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

## 29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 30 Meitheamh 2020.

## ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

The EPA is responsible for protecting and improving the environment as a valuable asset for the people of Ireland. We are committed to protecting people and the environment from the harmful effects of radiation and pollution.

**The work of the EPA can be divided into three main areas:**

**Regulation:** *Implementing regulation and environmental compliance systems to deliver good environmental outcomes and target those who don't comply.*

**Knowledge:** *Providing high quality, targeted and timely environmental data, information and assessment to inform decision making.*

**Advocacy:** *Working with others to advocate for a clean, productive and well protected environment and for sustainable environmental practices.*

## Our responsibilities include:

**Licensing**
- Large-scale industrial, waste and petrol storage activities;
- Urban waste water discharges;
- The contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms;
- Sources of ionising radiation;
- Greenhouse gas emissions from industry and aviation through the EU Emissions Trading Scheme.

**National Environmental Enforcement**
- Audit and inspection of EPA licensed facilities;
- Drive the implementation of best practice in regulated activities and facilities;
- Oversee local authority responsibilities for environmental protection;
- Regulate the quality of public drinking water and enforce urban waste water discharge authorisations;
- Assess and report on public and private drinking water quality;
- Coordinate a network of public service organisations to support action against environmental crime;
- Prosecute those who flout environmental law and damage the environment.

**Waste Management and Chemicals in the Environment**
- Implement and enforce waste regulations including national enforcement issues;
- Prepare and publish national waste statistics and the National Hazardous Waste Management Plan;
- Develop and implement the National Waste Prevention Programme;
- Implement and report on legislation on the control of chemicals in the environment.

**Water Management**
- Engage with national and regional governance and operational structures to implement the Water Framework Directive;
- Monitor, assess and report on the quality of rivers, lakes, transitional and coastal waters, bathing waters and groundwaters, and measurement of water levels and river flows.

**Climate Science & Climate Change**
- Publish Ireland's greenhouse gas emission inventories and projections;
- Provide the Secretariat to the Climate Change Advisory Council and support to the National Dialogue on Climate Action;
- Support National, EU and UN Climate Science and Policy development activities.

**Environmental Monitoring & Assessment**
- Design and implement national environmental monitoring systems: technology, data management, analysis and forecasting;
- Produce the State of Ireland's Environment and Indicator Reports;
- Monitor air quality and implement the EU Clean Air for Europe Directive, the Convention on Long Range Transboundary Air Pollution, and the National Emissions Ceiling Directive;
- Oversee the implementation of the Environmental Noise Directive;
- Assess the impact of proposed plans and programmes on the Irish environment.

**Environmental Research and Development**
- Coordinate and fund national environmental research activity to identify pressures, inform policy and provide solutions;
- Collaborate with national and EU environmental research activity.

**Radiological Protection**
- Monitoring radiation levels and assess public exposure to ionising radiation and electromagnetic fields;
- Assist in developing national plans for emergencies arising from nuclear accidents;
- Monitor developments abroad relating to nuclear installations and radiological safety;
- Provide, or oversee the provision of, specialist radiation protection services.

**Guidance, Awareness Raising, and Accessible Information**
- Provide independent evidence-based reporting, advice and guidance to Government, industry and the public on environmental and radiological protection topics;
- Promote the link between health and wellbeing, the economy and a clean environment;
- Promote environmental awareness including supporting behaviours for resource efficiency and climate transition;
- Promote radon testing in homes and workplaces and encourage remediation where necessary.

**Partnership and networking**
- Work with international and national agencies, regional and local authorities, non-governmental organisations, representative bodies and government departments to deliver environmental and radiological protection, research coordination and science-based decision making.

**Management and structure of the EPA**

The EPA is managed by a full time Board, consisting of a Director General and five Directors. The work is carried out across five Offices:
- Office of Environmental Sustainability
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Evidence and Assessment
- Office of Radiation Protection and Environmental Monitoring
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by advisory committees who meet regularly to discuss issues of concern and provide advice to the Board.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil


**Ceanncheathrú**

**Bosca Oifig Phoist 3000,**
**Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,**
**Contae Loch Garman, Éire**

**T: +353 53 916 0600**
**F: +353 53 916 0699**
**R: info@epa.ie**
**LG: www.epa.ie**
**Íosghlao: 1890 33 55 99**

**Cigireacht Réigiúnach**

Teach Mhic Cumascaigh,
Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

**Cigireacht Réigiúnach**

Inis Cara, Co. Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

**Cigireacht Réigiúnach**

Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

**Cigireacht Réigiúnach**

Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

**Cigireacht Réigiúnach**

An Gleann, Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

**Oifigí Réigiúnacha**

An t-Ionad Cathartha,
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain,
Contae na hIarmhí, Éire
T: +353 906 475722

Seomra 3, Ionad Comhdhála an Ráithín,
Teach an Phiarsaigh, Bóthar an Phiarsaigh,
Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach,
Éire
T: +353 61 224764



Arna chló ar stoc páipéir atá neamhdhíobhálach don chomhshaol